

Plean
Gníomhaíochta
ar
an mBulaíocht

Tuairisc an ghrúpa oibre Frithbhulaíochta don Aire
Oideachais agus Scileanna

Eanáir 2013

Clár

Tiomantas Chlár an Rialtais	- 5 -
Fáilte ón Aire	- 6 -
Achoimre Feidhmiúcháin	- 8 -
1. Réamhrá agus Cúlra	- 12 -
Cad is bulaíocht ann?	- 17 -
Tionchar na bulaíochta.....	- 33 -
Cad a deir leanaí agus daoine óga faoin mbulaíocht?	- 47 -
Cad atá ar scoileanna a dhéanamh cheana féin?	- 53 -
An bhfuil gá le tuilleadh reachtaíochta?	- 71 -
Freagraí ar an mbulaíocht i scoileanna.....	- 77 -
Ní ag na scoileanna iad féin a bhfuil réiteach na faidhbe seo.....	- 95 -
Plean gníomhaíochta ar an mBulaíocht	- 111 -
Aguisíní	- 121 -
Aguisín 1 Ballraíocht an ghrúpa oibre	- 122 -
Aguisín 2 Aighneachtaí a fuair an grúpa oibre	- 123 -
Aguisín 3 Léirithe a rinneadh don ghrúpa oibre	- 125 -
Aguisín 4: Tacaíochtaí atá ann faoi láthair	- 127 -

**"Spreagfaimid do scoileanna forbairt
a dhéanamh ar bheartais
frithbhulaíochta agus, go háirithe,
straitéisí chun bulaíocht homafóbach
a chomhrac mar mhodh chun tacú le
scoláirí"**

Tiomantas Chlár an Rialtais

Fáilte ón Aire

Thionól an tAire Fitzgerald agus mé féin Fóram Frithbhulaíochta ar 17 Bealtaine 2012 chun fiosrú a dhéanamh ar na bealaí le dul i ngleic le fadhb thromchúiseach na bulaíochta i scoileanna. B'í seo an chéad uair a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhar leis an Roinn nuabhunaithe Leanaí agus Gnóthaí Óige, óstáil ar fhóram tiomanta don cheist seo.

Léirigh an tsuim ghéar agus leibhéal an tinrimh ag an bhFóram leibhéal na himní faoin gceist seo i measc na bpáirtithe leasmhara agus sa phobal níos leithne. Le linn na gcainteanna ag an bhFóram ardaíodh neart ceisteanna maidir le foirmeacha uile na bulaíochta lena n-áirítear bulaíocht homafóbach, cibearbhulaíocht agus bulaíocht chiníoch.

Mar chuid den Fhóram, bheartaigh mé glaoch ar aighneachtaí a eisiúint agus grúpa oibre a bhunú chun fiosrú a thuilleadh cad a d'fhéadfaí a dhéanamh tríd an gcóras scolaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an gceist an-chasta seo.

Cúis imní a bhí ann dom freisin nár nuashonraíodh treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna ar an mbulaíocht ó eisíodh don chéad uair iad i 1993. Theastaigh uaim a chinntiú gur réitíodh é seo.

Ag teacht leis an tiomantas i gClár an Rialtais d'iarr mé ar an ngrúpa oibre fócas ar leith a leagadh ar bhulaíocht homafóbach. Léiríonn an taighde gur fadhb ar leith is ea í seo do dhaoine óga atá lespiach, aerach, déghnéasach nó trasghnéasach nó a mheastar a bheith amhlaidh. Tá sé tábhachtach dúinn a aithint go n-eascaíonn iompraíocht bulaíochta uaireanta ó chlaontacht, ó chiníochas, homafóibe nó aineolas faoi chultúr nó reiligiún éagsúil.

Is féidir leis a bheith deacair, dúshlánach agus corraitheach aghaidh a thabhairt ar cheisteanna dá leithéid, ach ní mór dearcthaí claonta a scrúdú agus déileáil leo. Is é mo thuairim gur chun tairbhe an uile duine é cultúr a chothaíonn meas, a bhfuil luach aige ar thuairimí, a cheiliúran éagsúlachtaí agus a chothaíonn caidrimh dhearfacha. Ba chóir d'aoisigh, do leanaí agus do dhaoine óga uile tuiscint a bheith acu ar an ról atá acu i gcosc agus i gcomhrac na bulaíochta.

Tá áthas orm go ndearna an grúpa oibre machnamh ar na nithe seo ar fad. Cuirimse fáilte roimh na tátail agus tá sé de rún agam an plean gníomhaíochtaí a ghlacadh sna míonna atá romhainn.

Tá mo bhuíochas tuillte acu siúd ar fad a chuidigh leis an bpróiseas seo tríd an bhfóram, trí aighneachtaí a dhéanamh agus tríd an bpróiseas comhairliúcháin.

Tá áthas orm go bhfuil an chéim seo den obair curtha i gcrích agus gur féidir linn gluaiseacht ar aghaidh anois chuig an gcéad chéim eile forfheidhmithe. Breathnaím air seo mar dheis iontach chun beocht agus treise a chur lenár gcur chuige i leith choisc agus chomhrac na bulaíochta i scoileanna.

Táim ag tnúth le hobair leis an páirtithe leasmhara chun an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom a threisiú, ar nóta pearsanta, go bhfuilimse tiomanta go mór don tionscnamh seo, agus gur mian liom athrú suntasach a thionscnamh i ndearcthaí an phobail, ag gach aois, i leith na móraicíde seo.



Ruairí Quinn, T.D.

Aire Oideachais agus Scileanna

Achoimre Feidhmiúcháin

Tugadh an tasc don ghrúpa oibre Frithbhulaíochta plean a fhorbairt chun na tosáíochtaí a aithint a chaithfear dul i ngleic leo d'fhonn bulaíocht i scoileanna a chomhrac. Faoi réir Chláir an Rialtais, tugann an tasc sainiúil don ghrúpa "gníomhartha tosáíochta a ainmniú atá in ann scoileanna a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar bheartais frithbhulaíochta agus, go háirithe, straitéisí chun bulaíocht homafóbach a chomhrac mar mhodh chun tacú le scoláirí"

Forbairt na tuairisce agus an phlean gníomhaíochta seo

Rinne an grúpa oibre Frithbhulaíochta machnamh ar 68 aighneacht agus rinneadh comhairliúchán le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), lucht acadúil agus taighdeoirí, comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe Sasana agus san Alban agus daoine aonair a raibh taithí acu ar an mbulaíocht. Rinne an grúpa oibre machnamh freisin ar an méid atá foilsithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar an ábhar, lena n-áirítear taighde ar chuir chuige agus ar idirghabhálacha ar baineadh triail astu le blianta anuas. Rinneadh machnamh freisin ar thionchar na bulaíochta agus na torthaí fíor-thromchúiseacha do dhaoine aonair agus do theaghlaigh.

Bhí an grúpa oibre an-eolach freisin faoin ngá le cloisteáil cad a bhí le rá ag leanaí agus daoine óga faoin mbulaíocht agus cén tionchar atá aige ar an saol acu. Bhí Tuairisc an Ombudsman do Leanaí a cruthaíodh le linn obair an Ghrúpa an-chuiditheach, mar a bhí na suirbhéanna agus tuairiscí éagsúla le déanaí a chuaigh i gcomhairle le daoine óga.

Scóip na hoibre

Cé gur bhain téarmaí tagartha an ghrúpa oibre go sainiúil leis an mbulaíocht i scoileanna, aithnímid go bhfuil an cumas ann don bhulaíocht cibé áit ina mbailíonn leanaí, daoine óga agus daoine fásta lena chéile. Bhí a fhios againn freisin faoi ról na dtuismitheoirí agus an phobail níos leithne i dtimpeallacht a chruthú nach gceadaíonn nó nach gcothaíonn an bhulaíocht agus i gcuidiú le daoine óga solúbthacht a thógáil. Mar sin, tá ról na dtuismitheoirí agus an phobail níos leithne aibhsithe againn inár dtuairisc agus tá roinnt moltaí déanta againn le meabhrú, a théann níos faide ná timpeallacht na scoile.

Achoimre ar an tuairisc seo

- **Cad is Bulaíocht ann?** – sa chaibidil seo leagann an grúpa oibre amach cuid de na sainmhínithe agus den taighde maidir le cad is bulaíocht ann agus

cineálacha agus foirmeacha éagsúla na hiompraíochta bulaíochta. Bunaithe ar an taighde reatha, aibhsímid freisin roinnt príomh-ghrúpaí i mbaol a d'fhéadfadh a bheith níos mó i mbaol na bulaíochta. Baineann ár bpríomhthátail agus moltaí leis an ngá atá ann chun an sainmhíniú ar an mbulaíocht a tugadh i dTreoirínte Bulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna a eisíodh i 1993 a nuashonrú, agus tugaimid moltaí faoi na rudaí ba chóir a chur san áireamh. Aibhsímid freisin an gá le bulaíocht a mheas mar chuid de chontanam iompraíochta murab ionann agus ceist a sheasann leis féin.

- **Tionchar na Bulaíochta?** – sa chaibidil seo déanann an grúpa oibre achoimre ar thionchar na bulaíochta orthu siúd a ndéantar bulaíocht orthu, iad siúd a dhéanann bulaíocht agus iad siúd atá mar fhinnéithe ar an mbulaíocht. Aibhsíonn ár bpríomhthátail agus moltaí gur féidir tionchar tromchúiseach agus tragóideach, b'fhéidir, a bheith ag an mbulaíocht do leanaí agus do dhaoine óga, do theaghlaigh, do phobail scoile agus don tsochaí níos leithne. Aibhsímid freisin:
 - an gá do scoileanna eispéiris oideachais a sholáthar a fhéachann le foirmeacha uile na bulaíochta a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bulaíochta a dhiúltú;
 - an gá go mbeadh muinín ag leanaí agus daoine óga go dtabharfar aghaidh ar a mbuarthaí;
 - an gá le tionscnaimh ar leith um chosc a sholáthar i leith na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe;
 - an gá le straitéisí agus tacaí idirghabhála do leanaí agus daoine óga atá thíos leis an mbulaíocht agus
 - gur féidir feabhas suntasach a bheith ann sa timpeallacht scoile do chách má déantar cosc agus dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach ach go háirithe.
- **Cad a deir Leanaí agus Daoine Óga faoin mbulaíocht?** – tugann an chaibidil seo achoimre ar na tátail ó Thuairisc an Ombudsman do Leanaí ar Chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga agus freisin an toradh ar chomhairliúchán le daoine óga LADT (Leispiach Aerach Déghnéasach agus Trasinscneach).
- **Cad atá ar scoileanna a dhéanamh cheana féin?** – tugann an chaibidil seo achoimre ar riachtanais reatha reachtaíochta agus eile atá ar scoileanna a bhaineann cosc agus comhrac na bulaíochta. Baineann ár bpríomhthátail

agus moltaí le creat polasaí foriomlán do chosc agus comhrac na bulaíochta i scoileanna agus sa phobal níos leithne.

- **An bhfuil gá le tuilleadh reachtaíochta?** – tugann an chaibidil seo achoimre ar mhachnamh an ghrúpa oibre ar na forálacha reachtaíochta atá ann faoi láthair, machnamh ar an reachtaíocht i ndlínsí eile agus aibhsítear tionscnaimh reachtaíochta cuí atá ar bun cheana. Baineann ár bpríomhthátail agus moltaí le tacú le feidhmiú na riachtanas reachtaíochta reatha agus molaimid go ndéanfar roinnt taighde breise ar ghnásanna imscrúdaitheacha i ndlínsí eile mar threoir don smaointeoireacht anseo in Éirinn.
- **Freagraí ar an mbulaíocht i scoileanna** - tugann an chaibidil seo achoimre ar thionscnaimh idirnáisiúnta agus taighde ar thionscnaimh scoilbhunaithe do chosc agus comhrac na bulaíochta. Sna Príomhthátail agus Moltaí, ainmníonn an grúpa oibre roinnt príomhphrionsabail a mholann sé gur chóir a bheith mar bhonn le cur chuige scoilbhunaithe:
 - Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach;
 - Cur chuige scoile uile;
 - Ceannasaíocht Éifeachtúil;
 - Tuiscint chomhroinnte ar cad is bulaíocht ann agus ar a tionchar;
 - Polasaithe frithbhulaíochta;
 - Taifeadadh comhsheasmhach ar iompraíocht bulaíochta a thuairiscítear;
 - Oideachas agus Oiliúint;
 - Straitéisí coisc lena n-áirítear ardú feasachta;
 - Straitéisí idirghabhála bunaithe atá fianaisebhunaithe.

Molann an grúpa oibre ach go háirithe go ndéanfaidh scoileanna dialóg oscailte a chothú agus a láidriú idir an fhoireann scoile agus scoláirí uile, agus an gá le cinntiú go bhfuil na scoláirí uile, tuismitheoirí/aosaigh i saol leanaí agus foireann scoile ag gach leibhéal ar an eolas faoi cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha i dtimpeallacht na scoile agus cad iad na gníomhartha a chuirfead i gcrích má mheastar nach bhfuil iompraíocht inghlactha. Aibhsíonn an grúpa oibre freisin roinnt gníomhartha gur féidir le scoileanna a dhéanamh láithreach do chosc agus comhrac na bulaíochta.

- **Ní ag na scoileanna ina n-aonair atá réiteach na faidhbe seo** – sa chaibidil seo aibhsíonn an grúpa oibre gur cheist chasta shóisialta í an bhulaíocht agus gur féidir leis tarlúint in iliomad suíomhanna lena n-áirítear sa bhaile, i ngrúpaí teaghlaigh agus grúpaí sóisialta níos leithne, agus le linn gníomhaíochtaí spóirt agus clubanna óige. Aibhsíonn an grúpa oibre ach go háirithe:
 - ról na dtuismitheoirí agus aosaigh eile ach go háirithe agus ainmnímid roinnt príomhghníomhartha agus meonta nach mór d'aosaigh agus tuismitheoirí a bheith acu chun cuidiú le cosc agus comhrac na bulaíochta;
 - an gá go mbeadh eispéiris dhearfacha luathóige ag leanaí;
 - an tionchar luachmhar is féidir a bheith ag gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, ar nós spóirt, clubanna óige agus na healaíona, i bhforbairt scileanna saoil, féinmheas, muinte agus solúbthachta leanaí agus dhaoine óga, chomh maith le deiseanna a sholáthar chun cairde nua a dhéanamh.
 - ról an tionscail maidir leis an gcibearbhulaíocht; agus
 - ról na meán maidir le tuairisciú ar eachtraí bulaíochta agus féinmharaíthe ina bhfuil leanaí agus daoine óga páirteach.
- **Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht lena n-áirítear moltaí le meabhrú a thuilleadh** – leagann an chuid deo den tuairisc amach an 12 ghníomh atá le cur chun cinn agus is féidir achoimre a dhéanamh orthu agus tugtar roinnt moltaí freisin le meas a thuilleadh ag na hAí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí cú.

1. Réamhrá agus Cúlra

Toradh is ea an Tuairisc agus Plean Gníomhaíochta Frithbhulaíochta seo ar obair a chuir Ruairí Quinn T.D., Aire Oideachais agus Scileanna ar bun, agus é tacaithe ag tiomantas i gClár an Rialtais "scoileanna a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar bheartais frithbhulaíochta agus, go háirithe, straitéisí chun bulaíocht homafóbach a chomhrac mar mhodh chun tacú le scoláirí."

1.1. Fóram Frithbhulaíochta

I mí Bealtaine 2012, rinne an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D. agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald T.D. comhóstáil ar fhóram chun imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí le dul i ngleic le fadhb na bulaíochta i scoileanna.¹

Tharla an Fóram Frithbhulaíochta ar 17 Bealtaine 2012 agus tugadh le chéile réimse saineolaithe, ina measc lucht acadúil, lucht déanta beartais agus cleachtóirí agus ionadaithe ó earnáil na scoileanna lena n-áirítear tuismitheoirí agus scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfaí a bheith riachtanach le cur i bhfeidhm ar struchtúir agus córais scoile mar atá faoi láthair, chomh maith le cleachtais agus beartais i scoileanna d'fhonn dul i ngleic go héifeachtúil leis an mbulaíocht. D'eisigh an tAire Quinn glaoch ar aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara freisin agus d'iarr sé go gcuirfí iad seo isteach faoi 29 Meitheamh 2012.²

1.2. Grúpa Oibre Frithbhulaíochta

Taobh leis an bhFóram, bhunaigh an tAire Quinn grúpa oibre ar chomhrac leis an mbulaíocht i scoileanna, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach, cibearbhulaíocht agus bulaíocht chiníoch. Cuireadh na torthaí agus na moltaí ón bhFóram, chomh maith leis na haighneachtaí a fuarthas, san áireamh i bplé an ghrúpa oibre.

Ba iad na Téarmaí Tagartha don ghrúpa oibre ná plean a fhorbairt a ainmníonn:

- Na tosaíochtaí is gá aghaidh a thabhairt orthu chun an bhulaíocht uilig i scoileanna a chomhrac, lena n-áirítear gníomhartha le déanamh ag an Roinn

¹Tá na léirithe agus cáipéisí ón bhFóram ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag http://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/cp_anti_bullying/

²://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/cp_anti_bullying/Consultation-on-takling-bullying-in-schools-Invitation-from-Minister-Quinn-.pdf

Oideachais agus Scileanna, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile agus pobail scoile;

- Faoi réir an thiomantas Chlár an Rialtais, déanfaidh an grúpa ach go háirithe "gníomhartha tosaíochta a ainmniú atá in ann scoileanna a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar bheartais frithbhulaíochta agus, go háirithe, straitéisí chun bulaíocht homafóbach a chomhrac mar mhodh chun tacú le scoláirí"; agus
- Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí seo agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.
- Agus an obair seo á dhéanamh aige beidh aird ag an ngrúpa, ach go háirithe, ar na bacanna airgeadais atá ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) faoi láthair agus a bheidh ann sna blianta atá romhainn.

Tugtar liosta de bhaill an ghrúpa oibre ag Aguisín 1.

1.3. Forbairt an Phlean Gníomhaíochta seo

Fuair an grúpa oibre 68 aighneacht mar thoradh ar an nglaoch ar aighneachtaí a d'eisigh an tAire Quinn ag an bhFóram Frithbhulaíochta i mí Bealtaine 2012. Ba mhaith leis an ngrúpa a mbuíochas a ghabháil leo siúd ar fad a rinne aighneachtaí, ach go háirithe leo siúd a roinn a dtaithe phearsanta ar an mbulaíocht agus ar an dtionchar orthu féin agus ar a leanaí.

Tá liosta de na heagrais agus de na daoine aonair a rinne aighneachtaí san áireamh sa tuairisc seo ag Aguisín 2. Tá sé beartaithe go gcuirfear na haighneachtaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) (www.education.ie), nuair a fhoilseofar an tuairisc seo.

I gcoitinne, is féidir na príomhthéamaí agus na príomhnithe a éiríonn sna haighneachtaí a bhailiú le chéile sna catagóirí seo a leanas:

- Comhthéacs náisiúnta do chomhrac na bulaíochta i scoileanna
- Naisc le ceisteanna sóisialta eile, lena n-áirítear an mheabhairshláinte
- Sainmhíniú ar an mbulaíocht
- Castacht na ról i suíomhanna bulaíochta
- Cineálacha sainiúla bulaíochta agus meas ar an ilchineálacht
- Cibearbhulaíocht
- Ardú feasachta ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na scoile
- Acmhainní curaclaim, teagasc agus foghlaim
- Oiliúint agus oideachas
- Polasaí ag leibhéal na scoile
- Maoirsiú i scoileanna
- Tacaíocht tréadchúraim, scileanna déileála agus solúbthacht a fhorbairt

- Guth agus rannpháirtíocht na scoláirí
- Gnásanna gearáin
- Meastóireacht agus monatóireacht
- Cothroime na freagrachta idir an scoil agus an pobal níos leithne
- Acmhainní

Rinne an grúpa machnamh orthu seo agus ar neart nithe eile agus an tuairisc agus plean gníomhaíochta seo á dhréachtadh acu.

Bhuail baill an ghrúpa oibre lena chéile ar 15 ócáid agus bhuaill siad go díreach le raon d'eagraíochtaí agus de dhaoine aonair agus ba mhaith leis an ngrúpa oibre a mbuíochas a ghabháil as an tacaíocht agus as an rannpháirtíocht ghníomhach a fuaireamar. Tugtar sonraí orthu siúd a rinneadh cur i láthair don ghrúpa oibre in Aguisín 3.

Ba mhaith leis an ngrúpa oibre a aithint go bhfuil obair den scoth á dhéanamh cheana féin chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac in iliomad suíomhanna lena n-áirítear suíomhanna réamhscoile, scoileanna, clubanna óige agus spóirt agus réimse de sheirbhísí á rith ag an Stát agus ag eagraíochtaí neamhríaltasacha. Aithníonn an grúpa oibre go bhfuil polasaithe frithbhulaíochta agus polasaithe ábhartha eile ar bun ag tromlach na scoileanna agus go ndéanann neart scoileanna athbhreithniú rialta ar na polasaithe seo chun iad a choinneáil suas chun dáta. Tá sé d'aidhm ag na gníomhartha atá á moladh ag an ngrúpa oibre tógáil ar an obair atá ar siúl cheana féin, agus luach a chur leis.

Agus an tasc tábhachtach ar bun aige, bhí an grúpa ar an eolas faoi na tragóidí a tharla le déanaí do dhaoine óga a raibh baint ag an mbulaíocht, ach go háirithe an chibearbhulaíocht, leo, b'fhéidir. Is mian leis an ngrúpa comhbhrón ó chroí a dhéanamh leis na teaghlaigh, leis na cairde agus leis na pobail a bhí thíos leis.

Cad is bulaíocht ann?

"Ní bhaineann an bhulaíocht le haon chineál gortaithe amháin, nó le haon tionchar diúltach amháin. Is éard atá ann ná gortú de chineál ar leith. Féachann sé le cineál dímrí a chruthú, neamhábalacht gníomhú, aon rud a dhéanamh"

2. Cad is bulaíocht ann?

Tá sé ráite ag Ken Rigby, taighdeoir mór le rá ar an mbulaíocht go bhfuil, "gan amhras, méadú mór sa **feasacht** ar an mbulaíocht. Roinnt blianta ó shin mheas i bhfad níos mó daoine go raibh an bhulaíocht fisiciúil go hiomlán. Anois aithnítear go forleathan go bhfuil an chuid is mó de bhulaíochta briathartha, agus go bhfuil neart bulaíochta indíreach, mar atá i ndaoine a eisiamh d'aon ghnó. Feiceann daoine bulaíocht anois áit nach bhfaca siad í roimhe sin".³

Tá neart sainmhínithe ann den bhulaíocht a thagraíonn go ginearálta do na cineálacha iompraíochta atá mar chuid den iompraíocht bulaíochta. Rinneadh na sainmhínithe seo a scagadh thar na mblianta de réir mar a mhéadaigh an tuiscint ar cad is iompraíocht bulaíochta ann agus mar a aithníodh foirmeacha agus cineálacha nua bulaíochta.

Tá an sainmhíniú seo a leanas forbartha, agus scagtha ón gcéad uair a cruthaíodh é, ag an Ollamh Olweus, ollamh le síceolaíocht in Ollscoil Bergen san Iorua, a aithnítear mar údarás sa réimse seo:

³Rigby, K., University of South Australia, "How successful are anti-bullying programs for schools?", Paper presented at the The Role of Schools in Crime Prevention Conference convened by the Australian Institute of Criminology in conjunction with the Department of Education, Employment and Training, Victoria, and Crime Prevention Victoria and held in Melbourne, 30 September – 1 October 2002.

"Is éard is bulaíocht ann ná (1) iompraíocht dhiúltach thoiliúil (2) a tharlaíonn go tipiciúil le roinnt athdhéanta agus (3) atá dírithe i gcoinne duine a bhfuil deacracht aige nó aici é féin nó í féin a chosaint"⁴.

Níos déanaí, tá sé molta ag Sercombe agus Donnelly go ndéanfaí athrá ar shainmhíniú Olweus a thugann cur síos ar an mbulaíocht mar chaidreamh murab ionann agus iompraíocht:

"Is éard is bulaíocht ann ná caidreamh foréigin ina bhfuil cleachtais ceannais a bhaineann an cumas ó dhuine eile do ghníomhú, ag baint úsáide as idirghabhálacha ina bhfuil an bhagairt mharthanach do ghortú."⁵

Déanann siad cur síos ar an gcaillteanas gníomhaithe seo mar:

"Ní bhaineann an bhulaíocht le haon chineál gortaithe amháin, nó le haon tionchar diúltach amháin. Is éard atá ann ná gortú de chineál ar leith. Féachann sé le cineál dímrí a chruthú, neamhábaltacht gníomhú, aon

⁴Olweus, D. (2011) "Bullying at School and later criminality: findings from three Swedish community samples of males". *Criminal Behaviour and Mental Health*, Vol. 21, (2).

⁵Howard Sercombe and Brian Donnelly, "Bullying and agency: definition, intervention and ethics", page 4, *Journal of Youth Studies*, 2012, 1-12, iFirst article..

rud a dhéanamh Is éard atá sa bhulaíocht ná an iarracht le háit shocraithe ar bith, fiú áit íochtaránach, a chosc ar dhuine eile. Téann sé níos faide ná smachtú. Sa bhulaíocht, is é táiríslíú an aidhm."⁶

I dtéarmaí tionchair, tá cur síos tugtha ar iompraíocht bulaíochta freisin ag Grúpa Stiúrtha Frithbhulaíochta na hAlban "mar iompraíocht a fhágann daoine ag mothú anbhann, faiteach, inníoch, faoi dhúlagar nó uiríslithe."⁷

Tugann Treoirínte ROS 1993 *Iompar Bulaíochta a Chosc i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna* sainmhíniú ar an mbulaíocht mar seo a leanas:

Is ionsaí leanúnach é ó bhéal, go síceolaíoch nó go fisiciúil an bhulaíocht ag duine aonair nó ag grúpa i gcoinne daoine eile. I gcás tarlóga aonaracha d'iompar ionsaitheach, is ar éigean gur féidir bulaíocht a ghairm orthu. Nuair atá an iompraíocht córasach agus leanúnach, áfach, is bulaíocht atá ann. (Ich. 2).

Tugann Treoirínte ROS 1993 liosta de chineálacha iompraíochta ag scoláirí

⁶Howard Sercombe and Brian Donnelly, "Bullying and agency: definition, intervention and ethics", page 7, *Journal of Youth Studies*, 2012, 1-12, iFirst article.

⁷The Scottish Government (2010) A national approach to anti-bullying for Scotland's Children and Young People. Edinburgh: The Scottish Government. p. 4.

a mheastar gur bulaíocht atá ann, lena n-áirítear: ionsaí fisiciúil, imeaglú, glaonna maslacha teileafóin, aonrú, leasainmneacha maslach agus bulaíocht ar phearsanra scoile. Tugann na Treoirínte liosta freisin de na bealaí inar féidir le múinteoirí bulaíocht a dhéanamh ar scoláirí, ar nós cainte náireacha, uiríslíú ar scoláirí laga nó iompraíocht bhagarthach i leith scoláirí.

Rinne neart de na haighneachtaí a fuair an grúpa oibre tagairt don ghá leis an sainmhíniú ar bhulaíocht sna treoirínte a nuashonrú.

2.1. Leitheadúlacht na bulaíochta

Léiríonn sonraí ón staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn (2009) gur thuairiscigh 40% de dhaoine naoi mbliana d'aois gur fhulaing siad bulaíocht sa bhliain roimhe sin, agus gur fhulaing buachaillí agus cailíní rátaí íospartha cosúla⁸. Sa bhliain 2010, thuairiscigh 24.3% de leanaí 10-17 mbliana d'aois gur fhulaing siad bulaíocht ar scoil ar a laghad uair amháin sa chúpla mí is déanaí⁹.

I gcomparáid idirnáisiúnta thar 39 tír agus réigiún, ba é meán-chéatadán na leanaí a thuairiscigh gur fhulaing siad bulaíocht ar scoil ar a laghad uair amháin sa chúpla mí is déanaí ná 29.2%. Shín sé seo ó 11.1% san Iodáil go dtí 54.0% sa Liotuáin. Ba é an

⁸Williams *et al* (2009) Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children – The Lives of 9-Year-Olds. Dublin: The Stationery Office. p. 107
⁹2010 Health Behaviour in School-aged Children (HBSC) Ireland Report

céatadán comhfhreagrach in Éirinn ná 27.3%¹⁰.

Tá éagsúlacht an-mhór sna rátaí leitheadúlachta a tuairiscíodh sna staidéir ar an mbulaíocht. D'fhéadfadh an éagsúlacht seo a bheith fíor nó a bheith ann mar thoradh ar roinnt gnéithe lena n-áirítear modheolaíochtaí éagsúla a úsáidtear chun suirbhé a dhéanamh ar an mbulaíocht. Is é féin-thuairisciú an modh is coitianta: ag fiafraí de dhaltaí i gceistneoirí nó in agallaimh faoina dtaithí ar an mbulaíocht. I measc na mbealaí eile tá: iarraidh ar mhúinteoirí nó ar dhaltaí a ainmniú cén leanaí atá ina n-íospartaigh nó ina mbulaithe; breathnú ar leanaí; agus eachtraí bulaíochta a thaifeadadh.

Le modhanna éagsúla faightear meastacháin éagsúla bulaíochta: i gcoitinne ní bhíonn ainmniúcháin ag piaraí agus ag múinteoirí ag teacht go maith le heolas féin-tuairiscithe¹¹ agus bíonn rátaí níos airde ag breathnuithe ná mar a bhíonn ag suirbhéanna.¹²

Is gnách go ndéantar leitheadúlacht na bulaíochta i scoileanna a thomhas mar chuid de shuirbhéanna náisiúnta nó mar réamh-thomhas agus mar iar-

thomhas i scoileanna mar chuid de chláir idirghabhála.

Tá na freagraí ar shuirbhéanna ag brath ar dhearadh an cheistneora, ar an sainmhíniú ar an mbulaíocht atá in úsáid (curtha ar fáil do dhaltaí nó gan a bheith curtha ar fáil ar chor ar bith), na grúpaí a dtugtar dóibh iad, an uair a thugtar dóibh iad, aoiseanna, inscní, an "tréimhse tagartha" nó fráma ama a úsáidtear chun bulaíocht a thomhas. Ina theannta sin, is féidir éagsúlacht a bheith sna catagóirí freagraí agus rátaí ó thaobh uimhreacha de agus ó thaobh sainiúlachta de.

Tá deacrachtaí suntasacha ann comparáid agus anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le bulaíocht scoilbhunaithe thar pobail agus náisiúin. Tá tuairimí éagsúla ag daltaí i dtíortha éagsúla maidir le cad is bulaíocht ann agus cad a scarann é ó chineálacha eile d'iompraíocht ionsaitheach.

Is léir ó na sonraí atá ar fáil go bhfulaingeoidh neart leanaí agus daoine óga bulaíocht agus ar an drochuair beidh tionchar an-diúltach aige ar a saolta óga.

Ní mór a admháil freisin, áfach, go bhfuil neart á dhéanamh cheana féin do chosc agus comhrac na bulaíochta i scoileanna na hÉireann. Thug an fhianaise ó shuirbhé na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse (2012) ar an mbulaíocht

¹⁰Department of Children and Youth Affairs (2012) State of the Nation's Children: Ireland 2012. Dublin: Government Publications. Note: International comparisons are based on data from children aged 11, 13 and 15 only.

¹¹Österman et al, 1994; Salmivalli et al, 1996

¹²Pepler et al, 2004

"Go bhfuil neart dea-chleachtais ann i bunscoileanna".

Ag leibhéal na hiarbhunscoile bhí sé seo le rá ag aighneacht Chomhchoiste na mBainisteoirí: "Cé go gcuirtear fáilte roimh an bhfócas athnuaithe seo ar an dúshlán tromchúiseach ar dhéileáil le cúiseanna agus torthaí na bulaíochta i scoileanna, ní mór a admháil ón tús gur áiteanna sona agus sábháilte i gcoitinne iad scoileanna na hÉireann agus go raibh ceannairí scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí airdeallach, onnghníomhach agus freagrúil don bhfadhb seo le blianta fada anuas".

2.2. Eachtraí aonair i gcoinne eachtraí leantacha

Téama leanúnach maidir le sainmhíniú ar an mbulaíocht is ea cé acu an ionann eachtra amháin agus bulaíocht, nó nach féidir bulaíocht a thabhairt ach ar eachtraí leantacha. Ardaítear é seo maidir leis an gcibearbhulaíocht ach go háirithe nuair is féidir le gníomh amháin, a chomhroinntear ansin nó a athdhéantar ag daoine eile, a bheith chomh díobhálach le heachtraí athdhéanta. Is féidir le heachtra amháin tionchar tromchúiseach a bheith aige ar dhuine óg agus d'fhéadfaí freisin gur ciapadh atá ann atá costha de réir dlí i scoileanna faoin Acht um Stádas Comhionann.

Mhol roinnt aighneachtaí don ghrúpa oibre nár chóir go n-éileodh an sainmhíniú ar bhulaíocht go ndéanfaí na gníomhartha a athdhéanamh.

Aibhsíonn an cheist seo an gá le bulaíocht a fheiceáil mar chuid de chontanam iompraíochta. Éiríonn an cheist seo arís níos déanaí sa chuid seo nuair a phléimid ceisteanna maidir le ciapadh agus ionsaí.

2.3. Bulaíocht Chaidreamhach lena n-áirítear eisiamh lántoiliúil

Tá sé molta ag Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU) go gcuimseodh sainmhíniú ROS ar an mbulaíocht eisiamh mar fhoirm den bhulaíocht. Tá sé seo molta freisin i ndlínsí eile lena n-áirítear Tascfhórsa Minnesota um Chosc na Bulaíochta Scoile.

Is cineál bulaíochta caidreamhaí é eisiamh lántoiliúil. Foirm níos caolchúisí agus níos cealgaí den bhulaíocht is ea an bhulaíocht chaidreamhach agus, dá bhrí sin, tá sé níos deacra é a bhrath. I measc na bhfoirmeacha is coitianta den bhulaíocht chaidreamhach tá smacht, m.sh. "Déan é seo nó ní bheidh mé mar chara agat a thuilleadh", (tugtha le tuiscint nó ráite go follasach), grúpa mar dhrong i gcoinne aon duine amháin (cailín nó buachaill), geáitsíocht neamhbhriathartha, amhairc mhioscaiseacha, cúlchaint mhaíliseach nó ráflaí a scaipeadh faoi dhuine, eisiamh ón ngrúpa cairdis

agus 'an tost'.¹³ Áiríonn sé aon ghníomh ina mbaintear úsáid as caidreamh/cairdeas mar arm. Nótáil ISSU freisin go bhféadfadh sé a bheith tábhachtach aghaidh a thabhairt ar dhifríoctaó aoise idir scoláirí, toisc gur féidir tionchar tromchúiseach a bheith ann mar thoradh ar bhulaíocht ar scoláirí níos óige ag scoláirí níos sine.

Tá sé léirithe ag taighde go nglacann cailíní agus buachaillí páirt i leibhéal cosúla den bhulaíocht chaidreamhach. Bíodh sin mar atá, léiríonn an taighde freisin go bhfuil tionchair shóisialta agus mhothúchána na bulaíochta caidreamhaí níos mó ann do chailíní a mheasann go bhfuil na hiompraíochtaí níos goilliúnaí ná mar a mheasann buachaillí. D'fhéadfadh eisiamh lántoiliúil agus cineálacha eile den bhulaíocht chaidreamhach a bheith ina gcás inní ach go háirithe do leanaí agus daoine óga le sárchumas.

2.4. Bulaíocht agus ciapadh gnéasach

Tugann an Cumann Náisiúnta do Chosaint Leanaí (*National Society for the Prevention of Cruelty to Children (NSPCC)*) sa Ríocht Aontaithe sainmhíniú ar bhulaíocht ghnéasach mar "aon iompraíocht bulaíochta,

¹³James, D. *et al* (2011) "A Friend In Deed? Can Adolescent Girls Be Taught to Understand Relational Bullying?" *Child Abuse Review* Vol. 20, p. 439–454. (Published online 30 May 2010 in Wiley Online Library).

bíodh sé fisiciúil nó neamhfhisiciúil, atá bunaithe ar ghnéasacht nó inscne dhuine. Is é nuair a úsáidtear gnéasacht nó inscne mar arm ag buachaillí nó cailíní i gcoinne buachaillí nó cailíní eile - cé gur minice a dhírítear ar chailíní é. Is féidir é a dhéanamh os comhair an duine, ar chúl a gcinn, nó trí úsáid na teicneolaíochta".¹⁴ Tá forluí idir bhulaíocht ghnéasach agus bulaíocht homafóbach toisc gur minic a bhíonn gnéasú ar bhulaíocht homafóbach.

Scrúdaíodh ról na teicneolaíochta sa bhulaíocht ghnéasach i dtuairisc ar shuirbhé NSPCC a foilsíodh sa bhliain 2012. Fuair an tuairisc amach go dtagann an bhagairt don chuid is mó ó phiaraí agus gur "léiriú ar rath na bhfeachtas ríomhshábháilteachta is ea feasacht na ndéagóirí ar chleachtais le riosca ar líne ó stráinséirí a laghdú. Anois is gá go mbogfaí fócas na bhfeachtas seo ar an riosca óna bpiaraí a laghdú." Fuarthas freisin gurb iad cailíní is mó atá thíos leis, go léiríonn sé brúanna gnéasacha níos leithne agus go méadaíonn an teicneolaíocht an fhadhb.

Mheas an tuairisc mar chríoch "Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na téacsála gnéasaí, ní mór do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'aoisigh eile a bheith toilteanach cúrsaí gnéis, bulaíocht ghnéasach

¹⁴http://www.nspcc.org.uk/inform/research/questions/sexual_bullying_wda70106.html

agus cibearbhulaíocht a phlé le déagóirí – go neamhspleách agus mar chuid de bheartais frithbhulaíochta atá ann cheana."¹⁵

Maidir le téarmaíocht agus sainmhínte ar an mbulaíocht ghnéasach a úsáidtear, áfach, níl gach duine ar aon fhocal.

Mar shampla, tuganna seirbhís frithbhulaíochta na hAlban, RespectMe, rabhadh faoi úsáid an téarma bulaíocht ghnéasach. Áitíonn sé gur chóir féachaint ar iompraíocht ionsaitheach ghnéasach mar sin amháin agus go bhféadfadh úsáid an téarma 'bulaíocht ghnéasach' iompraíocht ionsaitheach ghnéasach nó ciapadh a a íslíú go stádas 'nach bhfuil ann ach cineál eile bulaíochta'.

Tugann sé rabhadh freisin go bhféadfaí úsáid na téarmaíochta seo an bhulaíocht a ardú go dtí an stádas céanna le ciapadh gnéasach agus ionsaí gnéasach, rud nach mbíonn ann i gcónaí. Deir sé freisin gur féidir na réitigh ar na hiompraíochtaí seo a bheith an-éagsúil lena chéile.

¹⁵Ringrose, Jessica, Gill, Rosalind, Livingstone, Sonia, Harvey, Laura (2012) *A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC. London: NSPCC.*

Coscann na hAchtanna um Stádas Comhionann ciapadh agus ciapadh gnéasach i scoileanna na hÉireann.¹⁶

Deir RespectMe "Caithfimid a chinntiú go dtuigeanna ár leanaí agus ár ndaoine óga nach bhfuil iompraíocht ionsaitheach ghnéasach nó bulaíocht inghlactha ar chor ar bith, agus gur féidir torthaí tromchúiseacha a bheith ann trí pháirt a ghlacadh i gceachtar díobh, gan iad a thógáil in ábhraíocht a chéile".

Aibhsíonn an cheist seo arís an gá le breathnú ar an mbulaíocht mar chuid de chontanam iompraíochta.

2.5. Grúpaí i mbaol

Cé gur féidir leis an mbulaíocht tarlúint do dhuine ar bith, dhírigh roinnt aighneachtaí ach go háirithe ar ghrúpaí i mbaol lena n-áirítear leanaí agus daoine óga faoi mhíchumais agus le riachtanais speisialta oideachais; leanaí ó mhionlaigh eitneacha agus ó ghrúpaí inimirceach; leanaí agus daoine óga ón Lucht Siúil; daoine óga Leispiach, Aerach, Déghnéasach nó Trasinscneach (LADT) agus iad siúd a mheastar a bheith LADT; agus leanaí ó reiligiúin mionlaigh.

I gcomparáid le leanaí eile, is iad leanaí an Lucht Siúil, leanaí inimirceacha agus leanaí faoi

¹⁶The Equality Authority, 2005, 'Schools and the Equal Status Act', http://www.education.ie/en/publications/education-reports/ge_schools_and_equality.pdf

mhíchumas agus/nó le tinneas ainsealach ba dhóichí a thuarisceodh gur fhulaing siad bulaíocht ar scoil¹⁷. Léiríonn an taighde go bhfuil níos lú de dhóchúlacht ann go dtuairisceoidh daoine óga LADT bulaíocht d'fhoireann scoile¹⁸.

2.6. Bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe

Sa fiche bliain ó foilsíodh Treoirlínte ROS 1993, tá tuiscint níos mó faighte againn ar an gcaoi nach gné iompraíochtaí amháin atá i gcodán suntasach den bhulaíocht i scoileanna, ach go bhfuil sé fréamhaithe in easpa ómóis don éagsúlacht agus i míchothromaíochtaí sóisialta, dhá rud a bhfuil a mbunús acu sa phobal níos leithne.

Mar thoradh ar an tuiscint seo tá cnuasach mór d'obair idirnáisiúnta déanta ar 'bhulaíocht chlaontacht-bhunaithe' nó 'bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe'. Cuireann an téarma seo san áireamh a mhéid agus a d'fhéadfadh scoláirí a bheith níos mó i mbaol na bulaíochta mar thoradh ar chlaontachtaí, steiréitíopáil agus agus stiogma i gcoinne daoine le féiniúlachtaí ar leith.

Aithníonn an tÚdarás Comhionannais¹⁹ agus an Coimisiún na Ríochta Aontaithe um Chomhionannas agus Chearta Daonna (EHRC) sa Ríocht Aontaithe úsáideacht an téarma 'bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe'. Tugann EHRC (i Tippett *et al*) sainmhíniú air mar seo a leanas:

Foirm ar bith den bhulaíocht a bhaineann le tréithe a mheastar a bheith uathúil d'fhéiniúlacht linbh, ar nós a gcine, reiligiún, gnéaschlaonadh nó dealramh fisiciúil. Ní hamháin go ndírítear na foirmeacha bulaíochta seo ag duine aonair, ach léiriú is ea iad ar dhearcthaí diúltacha i leith fhophobail níos leithne nó grúpa lena mbaineann an duine aonair sin (nó a gcreidtear go mbaineann an duine leo.) Féadfaidh daoine óga i ngrúpaí den tsórt sin a bheith níos mó i mbaol an bhulaíochta a fhulaingt agus is féidir leo tairbhe a fháil as tacaíocht níos dírithe²⁰.

Mhol an tÚdarás Comhionannais don ghrúpa oibre, agus aghaidh á thabhairt aige ar an mbulaíocht, go gcaithfí machnamh a dhéanamh ar an mbulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe. Rinne an tÚdarás

¹⁷Department of Children and Youth Affairs (2012) State of the Nation's Children: Ireland 2012. Dublin: Government Publications.

¹⁸Mayock, P.*et al*(2009)Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People. Dublin: Gay and Lesbian Equality Network (GLEN) and BeLonG To Youth Service.

¹⁹Equality Authority."School Bullying". Presentation to DES Working Group, July 2012.

²⁰Tippett, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. iii..

Comhionannais tagairt do thuairim Tippet *et al*'s²¹ go:

'Aibhsíonn staidéir arís agus arís eile go bhfuil éagsúlachtaí, atá fíor nó a shamhlaítear a bheith ann, idir leanaí ina gcúis le bulaíocht, rud a thugann le fios go bhfuil tuiscint lag ag leanaí ar an éagsúlacht. D'fhoiremach uile na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe, meastar go bhfuil ríthábhacht le straitéisí coisc a ardaíonn feasacht agus tuiscint ar an gcúis a bhfuil daoine éagsúil óna chéile, á dtionlacan ag timpeallacht a chothaíonn éagsúlacht agus cuimsitheacht, d'fhonn dul i ngleic le hiompraíochtaí claonta.'

Mhol an tÚdarás Comhionannais freisin gur chóir na forais ciaptha ar fad faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann (inscne (lena n-áirítear trasinscneach), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil) a liostáil i bpolasaithe frithbhulaíochta. Aontaíonn an grúpa oibre leis an moladh seo.

Fuair Coimisiún na Ríochta Aontaithe um Chomhionannas agus Chearta Daonna go raibh bulaíocht a bhain le míchumas, deacrachtaí foghlama

²¹Tippet, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. iv.

agus gnéaschlaonadh ach go háirithe go forleathan i scoileanna RA agus go raibh easpa muiníne ach go háirithe ar mhúinteoirí dul i ngleic leis an mbulaíocht a bhain le gnéaschlaonadh, ceisteanna trasinscneacha, agus bulaíocht ghnéasaíoch²². Léiríonn staidéir in Éirinn tátail dá leithéid²³.

Is féidir na scoláirí uile a bheith i mbaol na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe, mar shampla is féidir eagla a bheith ar scoláire ar bith roimh leasainmneacha homafóbacha. Dá bhrí sin, is é tuairim an ghrúpa oibre go mbeidh feabhas suntasach ann ar thimpeallacht na scoile do na scoláirí uile má théitear i ngleic go héifeachtúil le bulaíocht homafóbach agus le bulaíocht trasfóbach, ach go háirithe.

2.7. Bulaíocht Homafóbach

Tá sé faighte amach go bhfuil an bhulaíocht homafóbach agus an bhulaíocht trasfóbach (dírithe orthu siúd atá, nó a chreidtear a bheith, LADT) ann go forleathan i scoileanna in Éirinn²⁴.

²²Tippet, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. v.

²³ For example: Department of Children and Youth Affairs (2012) State of the Nation's Children: Ireland 2012. Dublin: Government Publications. Ombudsman for Children (2012) Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people. Dublin: Ombudsman for Children's Office. www.oco.ie

²⁴ Lynch, K. and Lodge, A. (2002) Equality and Power in Schools. London: RoutledgeFalmer.

Fuair taighde a rinne an Lárionad Taighde Leanaí (Mayock *et al*) gur fhulaing 50% de dhaoine LADT a ghlac páirt sa stáidear taighde bulaíocht i scoileanna.²⁵

Fuair taighde ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le 725 múinteoir OSPS go raibh 4 as 5 múinteoir a rinneadh suirbhé orthu ar an eolas faoi bhulaíocht homafóbach ina scoileanna.²⁶ Tá an bhulaíocht homafóbach ar cheann de na príomhcheisteanna a d'eascair as comhairliúchán an Ombudsman do Leanaí (OCO) le breis agus 300 de leanaí agus daoine óga, a rinneadh sa bhliain 2012. D'ainmnigh daoine óga i dtrí cinn de cheardlanna comhairliúcháin OCO an bhulaíocht homafóbach mar réimse a raibh imní ar leith faoi a chaitheamh a réiteach.

Ceann dá bpríomhtheachtaireachtaí is ea "go gcaithfidh scoileanna a thuiscint cé chomh deacair agus is féidir leis a bheith do dhaoine óga LADT labhairt amach faoin mbulaíocht homafóbach mura bpléitear ceist na homafóibe riamh nó ma shamhlaítear dóibh go bhfuil

²⁵Mayock, P. *et al* (2009) Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People. Dublin: Gay and Lesbian Equality Network (GLEN) and BeLonG To Youth Service. p. 67. www.belongto.org, www.glen.ie

²⁶Norman, J. (2005) *A Survey of Teachers on Homophobic Bullying in Second-Level Schools*. Dublin: Dublin City University (as referenced in Norman, J. & M. Galvin (2006) "Straight Talk: An Investigation of Attitudes and Experiences of Homophobic Bullying in Second-Level Schools" Dublin City University: Centre for Educational Evaluation. p. 6.)

an cultúr laistigh dá scoil homafóbach nó go nglactar le dearchtaí agus iompraíochtaí homafóbacha ann".²⁷

Mar chuid dá chion oibre don ghrúpa oibre, rinne Seirbhísí Óige BeLonG To comhairliúchán le 31 duine óg LADT ó ar fud na hÉireann (17 cailín agus 14 buachaill, iad 18 mbliana d'aois ar an meán). Bhí bulaíocht bulaíocht homafóbach nó trasfóbach fulaingthe ag dhá thrian díobh i scoileanna.

Arís agus arís eile d'ardaigh aighneachtaí don ghrúpa oibre ceist na bulaíochta homafóbaí agus an deacracht atá ag scoileanna le freagairt go héifeachtúil dó. Éiríonn an cheist seo i neart dlínsí.

Tuairiscíonn tuairisc UNESCO a foilsíodh le déanaí ar *Fhreagraí na hearnála oideachais ar bhulaíocht homafóbach* gur fadhb dhomhanda í seo. Cuireann an tuairisc polasaithe agus cleachtais mhaithe chun cuidiú le gníomhartha nithiúla le dul i ngleic le bulaíocht homafóbach.²⁸ In Éirinn, tá sraith de threoirleabhair foilsithe ag ROS, i gcomhpháirt le GLEN, do Phríomhoidí, Príomhoidí

²⁷ Ombudsman for Children (2012) Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people. Dublin: Ombudsman for Children's Office. p.22. www.oco.ie

²⁸ United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation (2012) Booklet 8: Education sector responses to homophobic bullying. France: UNESCO. <http://unesdoc.unesco.org/images/0021/002164/216493e.pdf>

Tánaisteacha, Treoirchomhairleoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile uile. Tá na treoirleabhair seo faofa ag na Comhpháirtithe Oideachais cuí.²⁹

2.8. Bulaíocht Chiníoch

Rinne aighneachtaí don ghrúpa oibre suntas freisin de mhéid na bhfoirmeacha eile bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe, ar nós na bulaíochta a fhulaingíonn iad siúd ó mhionlaigh eitneacha agus ó ghrúpaí imirceach. Thuairiscigh an Lárionad Imeachtha i suirbhé cáilíochta ar 442 múinteoir in iarbhunscoileanna agus in institiúidí breisoideachais, gur thug 28% de na múinteoirí uile (46% de mhúinteoirí iarbhunscoile) eachtra chiníoch a tharla ina scoil/coláiste sa mhí roimhe. Léiríonn na sonraí go raibh 1 as 3 scoil nach raibh gnás foirmiúil acu le leanúint nuair a bhí eachtraí ciníocha ann, le 11% de mhúinteoirí ag tuairisciú nach raibh a fhios acu an raibh a leithéid de ghnás ann³⁰.

I staidéar eile, ghlac 330 leanbh ó mhionlaigh eitneacha agus ó ghrúpaí imirceach agus leanaí áitiúla ó sheacht scoil i dTuaisceart Lárchathair Bhaile Átha Cliath páirt i dtaighde leanbh-lárnach ar chaidreamh idir-eitneach. Bhain an tuairisc as sin "go

bhfuil an bhulaíocht chiníoch inaitheanta go soiléir mar ábhar imní do neart leanaí imirceacha. Tarlaíonn an ciníochas laistigh agus lasmuigh den scoil araon. De ghnáth is leasainmneacha eitneacha a bhíonn i gceist, ach is féidir ionsaí fisiciúil a bheith ann freisin."³¹

2.9. Bulaíocht a bhaineann le míchumas nó le riachtanais speisialta oideachais

Is féidir le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas nó le riachtanais speisialta oideachais a bheith níos mó i mbaol na bulaíochta freisin. Ach go háirithe, is féidir baol níos mó a bheith ann do leanaí agus daoine óga nach dtuigeann nodanna sóisialta agus a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu. Tá roinnt leanaí agus daoine óga ann le riachtanais chasta nach dtuigeanna coincheap an chairdis agus mar sin tá iontaobh acu as gach duine go hintuigthe. Ní bhíonn a fhios ag roinnt díobh conas breithiúnais a dhéanamh faoi cén eolas atá sábháilte le roinnt.

Scrúdaigh Norwich agus Kelly³² tuairimí leanaí le deacrachtaí foghlama measartha. Ach go háirithe thuairiscigh an staidéar leibhéal ard

²⁹ The guides are available at www.glen.ie and also from the DES website www.education.ie

³⁰The Integration Centre submission to DES working group June 2012, p. 2, citing Behaviour & Attitude Survey for Teachers Union Ireland (2009), Racism and Interculturalism, and Resources for Minority Ethnic students.

³¹Curry, P. *et al* (2011) Where to from here? Inter-ethnic Relations among Children in Ireland. Dublin: Liffey Press.

³²Norwich, B and N. Kelly (2004) "Pupils' views on inclusion: moderate learning difficulties and bullying in mainstream and special schools". *British Educational Research Journal*, Vol. 30, No. 1, February 2004, p. 43-65.

bulaíochta³³, beag beann ar shocrúchán agus ar inscne. Maidir le foirmeacha na bulaíochta: thuiriscigh 68 faoin gcéad go raibh meascán ann; thuiriscigh 24 faoin gcéad gur bhulaíocht ó bhéil don chuid is mó a bhí ann; thuiriscigh 5 faoin gcéad gur bhulaíocht fhisiciúil don chuid is mó a bhí ann, thuiriscigh 3 faoin gcéad gur spochadh is mó a bhí ann. Bhain beagnach leath den bhulaíocht a tuairiscíodh le deacrachtaí foghlama scoláirí. Thug thart ar leath de na daltaí tuairisc ar bhulaíocht ag daltaí ina scoil féin agus thug daltaí i scoileanna speisialta líon suntasach níos mó de bhulaíocht ag comharsana agus ag daoine lasmuigh den scoil, lena n-áirítear daltaí príomhshrutha eile.

Mar chuid de thogra taighde a d'ordaigh Coimisiún na Ríochta Aontaithe um Chomhionannas agus Chearta Daonna i Nollaig na bliana 2009 d'fhonn léargas a thabhairt ar bhulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe ar dhaoine óga i scoileanna agus sa phobal níos leithne, rinne Tippet at al suirbhé ar a bhfuil foilsithe maidir le bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe ar leith, lena n-áirítear bulaíocht "le dímhéas ar mhíchumais". Tagraíonn sé d'imscrúdú Chumann Náisiúnta Uathachais RA ar an mbulaíocht trí cheistneoirí do thuismitheoirí agus líon teoranta d'agallaimh le leanáí le Neamhoird Speictream an

Uathachais. Thug a dtáil le fios gur fhulaing beirt as cúigear leanbh le huathachas an bhulaíocht. Maidir le leanáí le huathachas ardfheidhmiú uathachais d'ardaigh an figiúr seo go beagnach triúr as cúigear. Thuiriscigh na taighdeoirí gurb iad buachaillí i gcoitinne is mó atá i mbaol na bulaíochta agus gurb iad leanáí i suíomhanna príomhshrutha is mó is dócha a fhulaingeoidh an bhulaíocht³⁴.

2.10. Cibearbhulaíocht

Tugann an tOllamh Mona O'Moore cur síos ar an gcibearbhulaíocht as "leathnú ar bhulaíocht thraidisiúnta leis an teicneolaíocht ag soláthar bealach eile don déantóir drochíde a imirt ar a n-íospartach."³⁵

Mar sin, is féidir leis an gcibearbhulaíocht go minic a bheith i bhfoirm na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe ar nós na bulaíochta ciníochá nó homafóbach.

Nuair a chuirtear iompraíocht bulaíochta i gcrích trí úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar nós r-phost, fóin phóca, teachtaireacht mheandrach (IM), suíomhanna líonrú sóisialta, aipeanna, agus teicneolaíochtaí eile ar líne, éiríonn sé níos deacra déileáil

³⁴Tippet, N. *et al* (2010) *Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales*. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. 29.

³⁵O' Moore, M. (2012) "Cyber-Bullying: the situation in Ireland" *Pastoral Care in Education: an international journal of personal, social and emotional development*. London: Routledge.

³³Thuiriscigh 83 faoin gcéad den sampla foriomlán bulaíocht

leis agus téann sé níos faide ná teorainneacha traidisiúnta na timpeallachta.

Thuiriscigh taighde ag Cotter agus McGilloway sa bhliain 2011 gur thug 17% de scoláirí Éireannacha 12-18 mbliana d'aois le fios gur fhulaing siad cibearbhulaíocht uair amháin ar a laghad³⁶.

Fuair an staidéar Éireannach do EU Kids Online gur fhulaing 4% de leanaí idir 9 agus 16 bliana d'aois in Éirinn bulaíocht ar líne i gcomparáid le meán san AE de 6%.³⁷

Cé nár fhulaing tromlach mór leanaí bulaíocht ar an idirlíon, is dóichí gur fhulaing iad siúd a rinneadh bulaíocht orthu an bhulaíocht ar shuíomh líonrú sóisialta nó le teachtaireacht mheandrach ná le r-phost, i suíomhanna cluichíochta nó i seomraí comhrá.

Is í an fhoirm is coitianta den bhulaíocht ar líne ná teachtaireachtaí mioscaiseacha nó goilliúnacha a fháil. I measc leanaí a deir "Sea, cuireadh teachtaireachtaí mioscaiseacha nó goilliúnacha chugam ar an idirlíon", bhí dhá thrian

(68%) dá dtuismitheoirí aineolach nó a dúirt nár fhulaing a leanbh bulaíocht.

Is iad déagóirí is mó a fhulaingíonn foirmeacha bulaíochta a úsáideann an leictreonaic níos mó. Tuairiscíonn daoine 15-16 bliana d'aois na leibhéil is airde cibearbhulaíochta – 9% ar an idirlíon agus 10% le fón póca. Tugann an ráta teagmhais níos ísle ag an gcibearbhulaíocht i measc leanaí níos óige tacaíocht do thátail Ag Fás Aníos in Éirinn³⁸ a léirigh gur fhulaing 5% de dhaoine cúig bliana d'aois an chibearbhulaíocht i gcomparáid le 40% a d'fhulaing an bhulaíocht trí mhodhanna traidisiúnta.

Cuireann an tOllamh Mona O'Moore fianaise ar fáil, áfach, go mb'fhéidir go bhfuil méadú ag teacht ar an gcibearbhulaíocht. Tuairiscíonn sí gur thug 13.9% de dhaoine 12–16 bliana d'aois le fios go ndearnadh cibearbhulaíocht orthu sa chúpla mí is déanaí³⁹.

Ach go háirithe, tuairiscíonn an tOllamh go raibh "...duine as gach cúigear scoláirí páirteach mar chibearbhulaí, mar íospartach nó iad beirt ...".⁴⁰

³⁶Cotter, P. & McGilloway, S. (2011). Living in an "electronic age": Cyberbullying among Irish adolescents. *Irish Journal of Education*, 39, 44-56.

³⁷O'Neill, B., Grehan, S. & Olafson, K. (2011) Risks and safety for children on the Internet: the Ireland report. LSE, London: EU Kids Online.p.34. Livingstone, S., Haddon, L., Gorzig, A. & Olafsson, K. (2011) Risks and safety on the Internet. The perspectives of European children. Full findings. LSE, London: EU Kids Online. p. 61-71.

³⁸Williams *et al* (2009) Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children – The Lives of 9-Year-Olds. Dublin: The Stationery Office.p. 106 & 107.

³⁹ O' Moore, M. (2012) "Cyber-Bullying: the situation in Ireland" Pastoral Care in Education: an international journal of personal, social and emotional development. London: Routledge.p.5.

⁴⁰ O' Moore, M. (2012) "Cyber-Bullying: the situation in Ireland" Pastoral Care in Education: an international journal of personal, social and emotional development. London: Routledge.p. 1.

2.11. Cúiseanna eile leis an mbulaíocht

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur féidir le leanaí agus daoine óga bulaíocht a fhulaingt gan chúis shoiléir a bheith ann. Uaireanta, tarlaíonn sé mar thoradh ar a bheith san áit mhícheart ag an am ceart. Uaireanta is féidir tréithe fisiciúla ar nós dath gruaige, meáchan, nó fiú toisc go gcaitheann duine spéaclaí a úsáid chun bulaíocht a dhéanamh ar dhuine. Is féidir le heachtraí a dhéanann idirdhealú ar leanaí nó ar dhaoine óga mar dhaoine iontu féin nó mar dhaoine speisialta a bheith ina spreagadh ar an mbulaíocht. Léiríonn an scéal seo a leanas an phointe deiridh seo.

Rinneadh suntas de chailín óg, Elaine Doyle, toisc gur bhain sí 100 faoin gcéad amach i dtriail fhisice. Ag labhairt dí sa bhliain 2002, ag Comhdháil Náisiúnta ar an mBulaíocht agus Féinmharú i Scoileanna, seo a dúirt:

Níl na focail ann le cur síos ar na mothúcháin a d'fhulaing mé – aonrú, cuileáil, neamhdhiongbháilteacht, dúlagar, leanann an liosta ar aghaidh. Ceapaim gurb é an t-aonrú is mó a ghoil orm, gur aige siúd a bhí an tionchar ba mhó agus ba ghoiliúnaí. Mhottaigh mé go raibh mé i m'aonar, chomh heaglach amhail dá mbeinn i sáin i dtromluí nach bhféadfainn éalú uaidh. Níor mhottaigh mé sábháilte áit ar bith, fiú sa bhaile toisc, is cuma cén áit a raibh

mé bhí an méid sin ar siúl i mo chloigeann nach bhféadfainn éalú ón gcéasadh riamh ... Bhí m'fhéinmheas agus muintín scriosta. D'éirigh mé an-pharanóideach agus doirbh. Mhottaigh mé gur mise an t-aon duine a d'fhulaing é seo: ní fhaca mé aon bealach le héalú.⁴¹

Aithníonn an grúpa oibre freisin nach bhfuil sé i gceist i gcónaí ag leanaí agus daoine óga a ghabhann don iompraíocht bhulaíochta bulaíocht a dhéanamh nó go n-aithníonn siad i gcónaí tionchar diúltach a bhfocal agus a gníomhartha ar dhaoine eile.

⁴¹ Doyle, Elaine (2002) "Buying Time" in Proceedings of the Second National Conference on Bullying and Suicide in Schools, the Irish Association of Suicidology and the National Suicide Review Group, Castlebar, Mayo. Connaught Telegraph, 2002

2.12. Príomhthátail agus Moltaí

- Molann an grúpa oibre go n-áireodh an sainmhíniú ar an mbulaíocht sna gnásanna náisiúnta nua do scoileanna tagairt ar leith do na foirmeacha agus modhanna bulaíochta seo a leanas:
 - *eisiamh lántoiliúil, cúlchaint mhailíseach agus foirmeacha eile den bhulaíocht chaidreamhach,*
 - *cibearbhulaíocht,*
 - *bulaíocht ghnéasach agus*
 - *bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe (a áiríonn ach go háirithe bulaíocht homafóbach, bulaíocht trasfóbach, bulaíocht chiníoch agus bulaíocht orthu siúd faoi mhíchumais nó le riachtanais speisialta oideachais.*
- Ba chóir na forais ciaptha ar fad faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a liostáil i bpolasaithe frithbhulaíochta (inscne (lena n-áirítear trasinscneach), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil).
- Ba chóir bulaíocht a mheas mar chuid de chontanam iompraíochta murab ionann agus ceist ann féin agus i roinnt cásanna is féidir le hiompraíocht dul níos faide ná an rud ar a dtugtar bulaíocht go dtí ionsaí nó ciapadh tromchúiseach fisiciúil nó gnéasach.
- Sa chomhthéacs sin, mar chuid dá gCod Iompraíochta, ní mór do scoileanna a bheith ullamh le freagairt mar is cuí d'eachtraí aonuaire, lena n-áirítear mí-úsáid na meán sóisialta.

Tionchar na bulaíochta

"Easpa féinmheasa, imní, strus, dúlagar, deacrachtaí le hobair scoile, leisce freastal ar scoil, agus, i gcásanna antoisceacha, féinghortú agus féinmharú"

3. Tionchar na bulaíochta

Rinne neart léirithe agus aighneachtaí don ghrúpa oibre tagairt don tionchar diúltach tromchúiseach ag an mbulaíocht i scoileanna.

Thug Mary Keane, Ceann na Seirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS), cur síos ar ógánaigh a d'fhulaing an bhulaíocht "spionta le tuirse toisc go bhful siad de shíor ar an airdeall, ag feitheamh agus ag faire don chéad gníomh bulaíochta eile."

Thuairiscigh Coimisiún na Ríochta Aontaithe um Chomhionannas agus Chearta Daonna gurb iad na torthaí diúltacha ar an mbulaíocht ná "easpa féinmheasa, inní, strus, dúlagar, deacrachtaí le hobair scoile, leisce freastal ar scoil, agus, i gcásanna antoisceacha, féinghortú agus féinmharú".⁴²

Tá sé áitithe ag UNESCO go gcaithfear dul i ngleic leis an mbulaíocht homafóbach toisc go bhfuil sé ina bhgairt ar an gceart uilíoch don oideachas⁴³.

⁴²Hawker and Boulton (2000) as cited in Tippett, N. et al (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. 16.

⁴³United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation (2012) Booklet 8: Education sector responses to homophobic bullying. France: UNESCO. p. 23.
<http://unesdoc.unesco.org/images/0021/002164/216493e.pdf>

3.1. Tionchar ar an bhfoghlaim

Is léir gur féidir leis an mbulaíocht a bheith ina bac mór ar an bhfoghlaim. Deir an tOllamh Mona O'Moore in *Understanding School Bullying* nach bhfuil "leanaí atá ina n-íospartaigh in ann an tairbhe is fearr a bhaint as an teagasc agus as an bhfoghlaim toisc go gcaitear an méid sin dá bhfuinneamh ar iarracht a dhéanamh fanacht sábháilte".⁴⁴

Is féidir le strus agus inní mar thoradh ar an mbulaíocht é a dhéanamh níos deacra do dhaoine óga foghlaim. Is féidir leis cur isteach ar leibhéil an dírithe agus cumas fócasaithe a laghdú. Ansin cuireann sé seo isteach ar an gcumas le tuiscint agus le heolas a choinneáil. Ar fhaitíos go mbainfí díoltas amach i ndiaidh an ranga, b'fhéidir go léireoidh scoláirí atá ag fulaingt bulaíochta leisce le páirt a ghlacadh in imeachtaí nó i ndíospóireachtaí ceachta.

Tugann leabhrán na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh / Barnardos *Parenting Positively – Helping Teenagers to cope with Bullying* cur síos ar thionchar na bulaíochta ar dhéagóirí agus ar a bhfoghlaim mar seo a leanas:

- B'fhéidir go mothóidh siad ar seachrán agus gafa leis an mbulaíocht, ag caitheamh ama

⁴⁴O'Moore, M. (2010) *Understanding School Bullying: A guide for parents and teachers*. Dublin: Veritas. p. 83.

ag smaoineamh ar bhealaí lena sheachaint.

- B'fhéidir go mothóidh siad easpa suime agus spreagtha mar thoradh ar dhúlagar nó imní.
- B'fhéidir go mbeidh siad déanach ag teacht chuig ranganna toisc go bhfuil siad ag fulaingt bulaíochta nó go bhfuil siad i bhfolach ón mbulaíocht idir ranganna.
- B'fhéidir go seachnóidh siad an scoil, b'fhéidir go mbeidh siad ag gearán faoi thinneas rialta nó go n-éileoidh siad ó ranganna nó ó ghníomhaíochtaí chun an bhulaíocht a sheachaint.⁴⁵

3.2. Meabhairshláinte

Is féidir tionchar an-diúltach a bheith ag an mbulaíocht ar mheabhairshláinte agus mothúchán folláine dhuine. Tá an bhulaíocht chomh pearsanta agus chomh dírithe sin gur féidir leis féineacht, mothúchán féiniúlachta agus cumas an duine le teacht slán ó iompraíocht bulaíochta a scrios. Is féidir le duine a bheith ag fulaingt ó imní, taomanna scaoil, dúlagar agus nithe síceolaíochta eile. Is féidir le duine a d'fhulaing bulaíocht a bheith sáraithe ag an gciontach as ligean d'iompraíocht bulaíochta dul i gcion orthu.

⁴⁵Parenting Positively Helping Teenagers to Cope with Bullying, Family Support Agency and Barnardos, 2011, Page 11.

Nótáileann tuairisc ar chomhairliúchán le daoine óga Éireannacha maidir le ceisteanna meabhairshláinte, *What helps and what hurts?*⁴⁶, na bealaí ina mhothaigh daoine óga go dtéann an bhulaíocht i gcion ar mheabhairshláinte dhaoine óga agus ina measc bhí "mothú faiteach, gan luach, neamhshocair, faoi dhúlagar, ar leithlis, corraithe, freagrach, gur mian leo bulaíocht a imirt ar dhaoine eile agus smaoineamh 'cad is fiú?'".

Tugann roinnt taighde le fios maidir le buachaillí a d'fhulaing bulaíocht "go raibh leibhéil níos airde go suntasach de shiomptóim dúlagair agus imní, agus féinmheas níos laige ná mar a bhí acu siúd gan stair íospartha".⁴⁷

Tá sé aibhsithe ag an taighde seo agus ag taighde eile⁴⁸ gur féidir go mbeidh daoine óga LADT nó iad siúd a mheastar a bheith amhlaidh níos mó i mbaol an fhéinghortaithe, smaointe agus iompraíochtaí féinmharfacha, íospairt, mí-úsáid fhisiciúil thromchúiseach agus fadhbanna le hobair scoile.

⁴⁶What helps and what hurts? Report on the outcomes of consultations with teenagers on Mental Health, Office of the Minister for Children and Youth Affairs, 2009.

⁴⁷Bullying victimisation, self harm and associated factors in Irish adolescent boys, Elaine McMahon, UdoReulbach, Helen Keeley, Ivan j. Perry, Ella, Arensman, Social Science and Medicine 71 (2010) 1300-1307

⁴⁸Includes Supporting LGBT Lives and research referred to in McMahon et all page 1306 from http://www.nsr.ie/publications_2010/bullyingvictimisation.pdf

Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh *Folláine in Iar-Bhunscoileanna - Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* (2013) atá le foilsiú, a forbraíodh ag grúpa idir-ranna ina raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte.

3.3. Féinghortú agus iompraíocht fhéinmharfach

Tuairiscíonn an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc go bhfuil an ceathrú ráta is airde d'fhéinmharú óige san Eoraip ag Éire⁴⁹ (bunaithe ar shonraí 2009) agus tuairiscíonn an Foras Náisiúnta Taighde ar Fhéinmharú go raibh, i 2010, 1,198 duine óg, 19 mbliana d'aois agus níos óige, a fuair cóir leighis san ospidéal mar thoradh ar fhéinghortú lántoiliúil.⁵⁰ Ba chóir a mheabhrú go bhfuil neart eachtraí féinghortaithe agus iompraíochta féinmharfaí nach dtuairiscítear.

Is minic a bhíonn féinghortú agus iompraíocht fhéinmharfach gaolta lena chéile go dlúth agus tá sé faighte amach ag roinnt staidéar gur féidir le féinghortú athdhéanta a bheith mar thuar ar fhéinmharú.⁵¹

Sa Straitéis Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc do Shasana⁵² tá roinn a bhaineann le féinmharú a chosc i ndiaidh an fhéinghortaithe. Tá na tosca riosca d'fhéinghortú cosúil go maith leo siúd don iompraíocht fhéinmharfach agus áiríonn siad tosca síceolaíochta, bitheolaíochta, sóisialta agus timpeallachta agus tosca a bhaineann le stair phearsanta.

Is féidir le drochuair, ar nós briseadh síos i gcaidreamh, fadhb idirphearsanta nó deacracht airgeadais a bheith mar spreagadh ar fhéinghortú agus ar iompraíocht fhéinmharfach. Is féidir le dúlagar nó le neamhoird shíciatracha eile, naisc le piarghrúpaí claonaíochta, ragús óil agus a bheith thíos le foréigean nó le bulaíocht, a bheith ina dtosca tábhachtacha rannpháirteacha freisin.

Ainmníonn taighde ag McMahon et al⁵³ tosca eile a bhaineann le féinghortú don dá inscne, is iad sin úsáid drugaí agus aithne a bheith ar chara a rinne féinghortú.

I measc cailíní, bhí féinmheas lag, gníomhaíocht ghnéasach éigeantais, féinghortú ar bhall teaghlaigh ina dtosca ardleibhéil. Do bhuachaillí, bhí fulaingt na bulaíochta, fadhbanna le

⁴⁹National Office for Suicide Prevention (2012) Annual report 2011 Dublin: Health Service Executive.p.53.

⁵⁰Derived from appendix 1 of National Suicide Research Foundation (2011) National Registry of Deliberate Self Harm Ireland Annual Report 2010. Cork: National Suicide Research Foundation. p. 24.

⁵¹Gairin, L., House, A. & Owens, D.(2003) Attendance at the accident and emergency department in the

year before suicide: retrospective study.*British Journal of Psychiatry*, **183**, 28 -33

⁵²www.dh.gov.uk/en/Publicationsandstatistics/Publications/PublicationsPolicyAndGuidance/DH_4009474

⁵³McMahon, E. et al (2010) "Factors associated with deliberate self-harm among Irish adolescents". *Psychological Medicine*, Vol. 40, p.1811-1819.

hobair scoile, ríogacht agus imní ina dtosca ardleibhéil.

Sa suirbhé [My World](#), thuiriscigh beagnach 10% de dhaoine óga in aois scoile fadhbanna pearsanta suntasacha, a mheas siad go raibh gá acu le cúnamh gairmiúil ina leith, ach níor lorgáíodh an cúnamh seo. Thuiriscigh na daoine óga seo leibhéil arda de chiapadh agus leibhéil ísle folláine. Thug breis agus cúigiú d'aoisigh óga le fios gur ghabh siad d'fhéinghortú agus thuiriscigh 7% iarracht ar fhéinmharú. Fuarthas go raibh smaointe féinmharfacha, rátaí féinghortaithe agus iarrachtaí ar fhéinmharú níos airde i measc dhaoine óga nár lorg cúnamh nó nár labhair faoina bhfadhbanna.⁵⁴

Léirigh an taighde seo freisin gur dóichí go dtuirisceodh daoine óga a d'fhulaing bulaíocht go raibh siomptóim ciaptha orthu.⁵⁵

Mar sin féin, tá na nithe seo casta agus léiríonn an taighde gur féidir idirghníomh casta a bheith ann idir tosca cúise an fhéinghortaithe agus smaointe agus iompraíochtaí féinmharfacha.

Tuiriscíonn Hodges agus Perry⁵⁶ gur chuir fadhbanna meabhairshláinte a bhí i láthair cheana féin le bheith mar íospartach bulaíochta, rud a mhéadaigh na siomptóim arís ar ball. Mar sin, is féidir treo na cúise idir bulaíocht agus fadhbanna meabhairshláinte ar nós dúlagar, féinmheas íseal agus iompraíocht fhéinmharfach a bheith sa dá threo.

3.4. Tionchar ar dhaoine a ghabhann don iompraíocht bulaíochta

Tá iarmhairtí ann freisin do dhaoine a ghabhann don iompraíocht bulaíochta. Tá leanaí a ghlacann páirt in iompraíocht dá leithéid i mbaol an dúlagair freisin. Go deimhin, tá sé maíte gur aimsíodh an baol is mó de smaointe féinmharfacha i measc dhaoine óga a rinne bulaíocht.⁵⁷

I measc na n-iarmhairtí fadtéarma féideartha atá nasctha leis an mbulaíocht tá: baol níos mó go bhforbrófar pearsantacht fhrithshóisialta; neamhoird imní; dóchúlacht go mbeidh mí-úsáid drugaí agus iompraíocht briseadh dlí ann san aosacht; gnóthachtáil

Headstrong (2012). My World Survey: National Study of Youth Mental Health in Ireland. UCD School of Psychology, Dublin: The National Centre for Youth Mental Health. p. ix.

⁵⁵Headstrong (2012). My World Survey: National Study of Youth Mental Health in Ireland. UCD School of Psychology, Dublin: The National Centre for Youth Mental Health. p. 41.

⁵⁶Hodges E.V & Perry D.G (1999) "Personal and interpersonal antecedents and consequences of victimisation by peers". *Journal of Personality and Social Psychology* Vol. 76(4) p. 677-685.

⁵⁷Kaltialo-Heino, R., Rimpelo, M., Martunen, M., Rimpela, A., and Rantaneau, P. Bullying, (1999) "Depression and Suicidal Ideation in Finnish Adolescents: School Survey". *British Medical Journal*, Vol. 319 (1999), pp.348-351.

oideachais agus gairme níos ísle; agus stíl tuistithe níos ionsaithí.⁵⁸

3.5. Tionchar na Bulaíochta Homafóbaí

Fuair taighde ag Mayock *et al* gur fhulaing 50% díobh siúd ar a rinneadh suirbhé bulaíocht i scoileanna agus fuarthas nasc soiléir idir bulaíocht homafóbach agus trasfóbach agus deacrachtaí tromchúiseacha meabhairshláinte i measc dhaoine LADT sa mhéid is:

- go raibh féinghortú déanta ag 27% de na daoine LADT ar a rinneadh suirbhé, uair amháin ar a laghad ina saol.
- gur smaoinigh breis agus 50% de dhaoine LADT (faoi bhun 25 bliana) ar a rinneadh suirbhé go dáiríre faoina mbeatha a chríochnú.
- go raibh iarracht ar fhéinmharú déanta ag beagán faoi bhun 20% de dhaoine LADT (faoi bhun 25 bliana) ar a rinneadh suirbhé.⁵⁹

I mí na Nollag 2011, d'fhógair Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon gurb é a bhí sa bhulaíocht homafóbach ná ['uafás morálta, sárú trom ar chearta daonna agus géarchéim sláinte phoiblí. Caillteanas is ea é freisin don teaghlach daonna](#)

⁵⁸O'Moore, M. (2010) Understanding School Bullying: a guide for parents and teachers. Dublin: Veritas.

⁵⁹Mayock, P.*et al*(2009)Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People.Dublin: Gay and Lesbian Equality Network (GLEN) and BeLonG To Youth Service. p. 17, 18, 85 & 94.

[uile nuair a chuirtear deireadh le saolta a bhfuil gealladú fúthu".⁶⁰](#) D'iarr Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar rialtais ar fud an domhain céimeanna a ghlacadh chun bulaíocht homafóbach a chomhrac.

3.6. Tionchar na Bulaíochta Cini

Deir Coimisiún na Ríochta Aontaithe um Chomhionannas agus Chearta Daonna go mb'fhéidir go mbeidh níos lú de dhóchúlacht ann go dtuairisceoidh leanaí ó mhionlaigh eitneacha bulaíocht chiníoch a thuirisciú, a bhíonn ann go minic i bhfoirm leasainmneacha nó eisiámh.

Thug an tuairisc seo⁶¹ cur síos ar roinnt bealaí inar féidir le bulaíocht chiníoch tionchar suntasach a bheith aige ar an íospartach:

- Is féidir le leasainmneacha ciníocha a bheith fíor-ghoiliúnach agus díobhálach do leanbh agus b'fhéidir go mothóidh siad siúd atá ag fulaingt bulaíochta ar an mbealach seo nach amháin go bhfuil ionsaí á dhéanamh orthu féin, ach ar a dteaghlach agus ar a bpobal.
- B'fhéidir go mothóidh leanaí ó mhionlach eitneach nó ón Lucht Siúil go bhfuil a laghad sin tacaíochta ann dóibh chun

⁶⁰<http://www.un.org/News/Press/docs/2011/sgsm14008.doc.htm>

⁶¹Tippett, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. 29.

leasainmneacha a stopadh go gcreideann siad nach bhfuil de fhreagra ar an bhfadhb ach an scoil a sheachaint nó frithbheart; d'fhéadfadh go gcuirfeadh an scoil beartais araíonachta i bhfeidhm mar thoradh ar fhrithbheart.

3.7. Tionchar na bulaíochta ar an Lucht Siúil

Léiríonn an tuairisc ar chlár oideachais idirchultúrtha an Bhrait Bhuí de chuid Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann do scoileanna go gcoinníonn neart Taistealaithe óga a n-aitheantas agus go bhfulaingíonn siad aonrú agus cuileáil i scoileanna⁶². Deir tuairisc na bliana 2012 *State of the Nation's Children* gur thuairiscigh 31.6% de dhaoine óga ón Lucht Siúil d'aois 10-17 go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil ar a laghad uair amháin sa chúpla mí deireanach. Tá sé i gcomparáid le 24.3% díobh siúd ar fad san aoisghrúpa 10-17 a thuairiscigh bulaíocht.⁶³

3.8. Tionchar na bulaíochta a bhaineann le míchumais nó le riachtanais speisialta oideachais

Léiríonn tuairisc na bliana 2012 *State of the Nation's Children* freisin gur thuairiscigh 28.9% de dhaoine óga

d'aois 10-17 faoi mhíchumas agus/nó tinneas ainsealach gur fhulaing siad bulaíocht ar scoil sa chúpla mí deireanach.⁶⁴ Is féidir tionchair thromchúiseacha na bulaíochta ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi mhíchumas nó le riachtanais speisialta oideachais na nithe seo a áireamh⁶⁵:

- Tá an dóchúlacht níos mó ann go bhfulaingeadh leanaí agus daoine óga le míchumais, a théann i gcion ar a ndealramh, leasainmneacha, agus tionchar dá bharr ar a bhféinmheas agus ar a meabhairshláinte.
- B'fhéidir go measfar nach bhfuil an méid céanna gnaoi ar an grúpa scoláirí seo agus go mbeidh níos lú cairde acu.
- B'fhéidir gur dóichí go ndéanfadh cuid de na leanaí agus daoine óga seo bulaíocht a imirt ar dhaoine eile.
- B'fhéidir go bhfuil an chontúirt níos mó ann go seachnóidh cuid de na scoláirí seo an scoil.
- Thuairiscigh scoláirí le míchumais nó le riachtanais speisialta oideachais a d'fhulaing bulaíocht

⁶²Titley, A. (2010) The Irish Traveller Movement Yellow Flag Programme Research Report. Dublin: Irish Traveller Movement. www.itmtrav.ie/publication/reports

⁶³Department of Children and Youth Affairs (2012) State of the Nation's Children: Ireland 2012. Dublin: Government Publications..

⁶⁴Department of Children and Youth Affairs (2012) State of the Nation's Children: Ireland 2012. Dublin: Government Publications.

⁶⁵Féach, mar shampla, Tippett, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. 27 and Staff Commission for Education & Library Boards Northern Ireland *et al* (2010) It's good to listen: experiences of pupils with Special Educational Needs. Belfast: Staff Commission for Education & Library Boards. <http://www.staffcom.org.uk/pdfs/ItsGoodtoListen.pdf>

gur mhothaigh siad míshona ar scoile agus b'fhéidir go gcaithfidh siad níos lú ama lena bpiaraí ag sosanna.

Rinne Cumann Uathachais na Ríochta Aontaithe fiosrú ar an mbulaíocht trí cheistneoirí do thuismitheoirí chomh maith le líon teoranta d'agallaimh ar leanaí le Neamhoird Speictream an Uathachais⁶⁶. I measc na dtorthaí ar bhulaíocht a tuairiscíodh bhí damáiste d'fhéinmheas, agus tionchar diúltach ar idirghníomh sóisialta lena n-áirítear meabhairshláinte. Chuaigh sé i gcion ar oideachas na leanaí a d'fhulaing freisin, le 56% de thuismitheoirí ag tuairisciú gur chaill a leanbh scoil nó gur athraigh siad scoil dá bharr.

3.9. Tionchar na bulaíochta caidreamhaí

Airíonn tionchair na bulaíochta caidreamhaí, mar a aithníodh iad trí thaighde, na nithe seo: deacracht le hiontaobh i ndaoine eile agus le cairdis nua a bhunú; seachaint shóisialta, mothúchán méadaithe uaignis; féinmheas íseal; iompraíochtaí féin-mhí-úsáideacha; inní, dúlagar; smaointe féinmharfacha.

Fuarthas freisin go mbíonn gníomhartha ionsaitheacha caidreamhacha mar thuar freisin ar

neart gníomhartha foréigin i measc mná óga.⁶⁷

3.10. Tionchar na Cibearbhulaíochta

Tá machnamh déanta ag an ngrúpa, ach go háirithe, cé mar atá an chibearbhulaíocht éagsúil ó mhodhanna eile bulaíochta agus tá roinnt príomhdhifríochtaí ainmnithe aige:

- Is féidir leis an gcibearbhulaíocht tarlúint ag am ar bith in áit ar bith agus do neart daoine óga, ní tearmann slán é an baile ón mbulaíocht a thuilleadh;
- Go minic bíonn cumarsáid ar líne idir dhaoine óga ceilte ó dhaoine fásta. Tá daoine óga níos mó agus níos mó ag déanamh cumarsáide ar bhealaí nach bhfuil ar eolas ag aosaigh agus atá saor ó mhaoirsiú;
- Tá iarmhairtí ar leith ag an anaithnideacht a chuireann an tIdirlíon ar fáil. Sa chuid is mó de chásanna, tá aithne ag cibearbhulaithe ar a n-íospartaigh, ach ní bhíonn a fhios ag na híospartaigh i gcónaí cé hiad na cibearbhulaithe. Mar thoradh air seo, is féidir le leanaí agus daoine óga a bheith amhrasach faoi, agus coimhthithe ó, a bpiaraí;

⁶⁶Tippett, N. *et al* (2010) Prevention and Response to Identity-based Bullying Among Local Authorities in England, Scotland and Wales. Manchester: Equality and Human Rights Commission. p. 29.

⁶⁷James, D., Flynn, A., Lawlor, M., Courtney, P., Murphy, N., Henry, B. (2010) "A Friend in Deed? Can Adolescent Girls Be Taught To understand Relational Bullying?" *Child Abuse Review*, Vol. 20, Issue 6, Nov/Dec 2011, p. 439-454.

- Ní mhothaíonn daoine óga a sheolann teachtaireachtaí ar an Idirlíon chomh freagrach as a ngníomhartha agus a mhothódh i gcás eile. Ní thugann siad aghaidh láithreach ar iarmhairtí a ngníomhartha agus níl faifíos orthu faoi phionós a fháil ina leith. Ciallaíonn nádúr an mheáin gur féidir ábhar digiteach a roinnt agus a fheiceáil ag lucht féachana an-leathan beagnach láithreach agus tá sé beagnach dodhéanta é a scrios go buan. B'fhéidir nach mbeidh a fhios ag daoine óga gurb é nádúr na cibearbhulaíochta go bhfuil taifead buan ann ar an gcion bulaíochta a d'fhéadfadh dul i gcion orthu as seo amach;
- Go minic bíonn faifíos ar dhaoine óga eachtraí a thuairisciú, toisc go bhfuil faifíos orthu go mbainfidh aosaigh a bhfón póca díobh, nó a ríomhaire agus/nó a rochtain Idirlín.

Laistigh de thimpeallacht na scoile go minic bíonn maoirsiú ar rochtain idirlín agus is féidir rochtain ar líonrú sóisialta agus ar sheirbhísí teachtaireachtaí meandracha a scagadh faoi na socruithe do scagadh ábhair atá dúchasach don Líonra Leathanbanda Scoileanna. Cé go dtarlaíonn an cibearbhulaíocht go minic sa bhaile agus san oíche, is minic a bhraitear na hiarmhairtí ar scoil. Ina theannta sin, is féidir leis an gcibearbhulaíocht a bheith mar shíneadh ar an mbulaíocht

traidisiúnta ar scoil agus dá bhrí sin tá ról ag scoileanna, ag obair leis an bpobal scoile níos leithne, agus ach go háirithe tuismitheoirí, dul i ngleic leis an gceist seo.

3.11. Tionchar na bulaíochta agus an chiaptha gnéasaigh

Is féidir le bulaíocht agus ciapadh gnéasach ar scoil dul i gcion ar staidéar agus ar an bhfoghlaim ar an mbealach céanna le foirmeacha eile bulaíochta. Is féidir leis tionchair thromchúiseacha a bheith aige ae fhéinmheas, ar íomhá coirp agus ar dhealramh caidreamh. Is féidir leis freisin daoine óga a mhealladh le gabháil do chaidrimh gnéis níos luaithe ná mar a dhéanadh murach sin.

Fuair tuairisc na hÉireann don suirbhé EU Kids Online go bhfaca nó go bhfuair 11% de leanaí idir 11 agus 16 bliana d'aois in Éirinn teachtaireachtaí gnéis ar an idirlíon sa 12 mí roimhe sin. Tá an treocht aoise suntasach - tá teachtaireachtaí dá leithéid feicthe ag 3% de dhaoine 11 go 12 bliana d'aois, 7% de dhaoine 13-14 bliana d'aois, agus ag 21% de dhaoine 15-16 bliana d'aois. Tá an figiúr is déanaí sin cosúil leis an meán Eorpach don aoisghrúpa sin, is é sin 22%.⁶⁸

⁶⁸Eu Kids Online survey: Ireland Report 2011

3.12. Tionchar ar féachadóirí nó ar fhinnéithe

Tá ról tábhachtacha ag féachadóirí nó finnéithe i ndimic na bulaíochta. Aithníonn an grúpa oibre go bhféadfaidh leanaí agus daoine óga a fheiceann bulaíocht fulaingt ar bhealaí cosúil leo siúd atá ar a n-imrítear an bhulaíocht. Mar shampla, má fheiceann leanaí agus daoine óga bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe agus má roinneann siad an fhéiniúlacht sin, b'fhéidir go mothóidh siad imní agus go mothóidh siad nach bhfuil fáilte roimh a bhféiniúlacht.

Dar le staidéar amháin, a foilsíodh sa *Canadian Journal of School Psychology*⁶⁹, tarlaíonn 85% den bhulaíocht le féachadóirí i láthair. Fuair an staidéar céanna amach, beagnach 60% den am, go stopfaidh an bhulaíocht i níos lú ná 10 soicind nuair a dhéanann piaraí idirghabháil. Mar sin féin, léirigh staidéar eile nach ndearna féachadóirí iarrachtaí ar idirghabháil ach níos lú ná 20% den am.⁷⁰

Is féidir a thuiscint go bhfuil gach cineál eagla ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi idirghabháil chun duine éigin a stopadh ón mbulaíocht.

⁶⁹Pepler, D. and W. Craig (1997) "Observations of bullying and victimization in the school yard." *Canadian Journal of School Psychology*, Vol. 13(2) p. 41 - 60.

⁷⁰Pepler, D. J., Craig, W.M. (1995). *A Peek behind the fence: Naturalistic observations of aggressive children with remote audiovisual recording*. *Developmental Psychology*, 31, 545-553.

D'fhéadfadh neart finnéithe ar an mbulaíocht náire nó easpa cumhachta a mhothú, nó go mbeidís sáraithe a mothúcháin ciontachta nó ciaptha toisc nár chuidigh siad leis an duine a bhí ag fulaingt na bulaíochta. Tá faitíos ar neart scoláirí go dtabharfaí "brathadóir" orthu.

B'fhéidir go mbeadh eagla ar leanaí agus ar dhaoine óga má dhéanann siad idirghabháil go gcafaidh an bulaí orthu siúd. B'fhéidir go n-éireoidh scoláirí a fheiceann nó a ghlacann páirt i mbulaíocht athdhéanta dí-íograithe agus go gcaillfidh siad an cumas an dochar a bhaineann le hiompraíocht ionsaitheach a aithint.

Tháinig staidéar a rinne Robert Thornberg i 2007⁷¹ ar sheacht gcúis nach gcabhraíonn leanaí nuair atá comhghleacaí eile sa rang i gcruachás. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- breathnú ar eachtra mar rud neamhshuntasach nó gnách,
- mothú nach mbaineann sé leo toisc nach raibh siad páirteach san eachtra nó nach cairde iad leis an íospartach,
- nach dteastaíonn uathu cur le náire an íospartaigh nó náire phearsanta a tharraingt orthu féin,
- gan páirt a ghlacadh toisc nach bhfuil rud ar bith á dhéanamh ag duine ar bith eile,

⁷¹Thornberg, R (2007). "A classmate in distress: schoolchildren as bystanders and their reasons for how they act." *Social Psychology of Education* **10**: 5-28.

- ag iarraidh leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre féin,
- cloí le gnásanna nó iompraíochtaí atá ann cheana, agus
- toisc go gceapann siad go bhfuil an fhreagracht ar dhuine éigin eile

I staidéar breise⁷², tháinig Thornberg ar an tuairim go bhfuil seacht gcéim de bhreithniúchán morálta mar fhéachadóir i suíomhanna féachadóra:

- **Tabhairt faoi deara** go bhfuil rud éigin mícheart. Tugann leanaí aird roghnaitheach ar a dtimpeallacht, agus uaireanta ní thugann siad aird ar phiara atá ciaptha má tá deifir orthu nó má tá bac ar a radharc.
- **Léirmhíniú** ar an ngá le cabhair - uaireanta measann leanaí go bhfuil daoine eile ag súgradh murab ionann agus ciaptha i bhfirinne nó glacann siad leis, cé nach maith leo an iompraíocht, go nglacann daoine eile leis toisc nach bhfuil siad ag idirghabháil go poiblí.
- **Ionbhá a mhothú**, .i., agus iad tar éis aird a thabhairt ar shuíomh agus a chinneadh go bhfuil gá le cúnamh, b'fhéidir go mothódh leanaí trua do phiara gortaithe, nó feargach faoi ionsaitheacht nach bhfuil bunús leis.
- **Luachanna na scoile a phróiseáil** – bíonn tionchar ag tosca comhthéacsúla i scoileanna ar nós steiréitíopaí inscne, cultúr an chúraim agus an sainmhíniú ar scoláire maith, ar iompraíocht leanaí i suíomhanna féachadóra.
- **Scanadh do stádas agus caidrimh shóisialta**, .i. ba lú an seans go ndéanfadh scoláirí idirghabháil dá mba rud é go raibh scoláirí a mheas siad go raibh stádas níos airde acu nó cairde le híospartach na bulaíochta i láthair nó páirteach san ionsaitheacht. Ar an taobh eile den scéal, ba dóichí go ndéanfadh leanaí le stádas níos ísle idirghabháil mura mbeadh ach beagán de na leanaí le stádas íseal timpeall,
- **Spreagthaigh comhdhlúthúcháin** do ghníomh, nuair atá leanaí ar tí idirghabháil déanann siad machnamh ar illiomad tosca ar nós na tairbhí agus na costais fhéideartha, eagla roimh náire, agus a cheapadh go raibh an fhreagracht ar dhuine éigin eile. Is minice a bhíonn an cinneadh seo bunaithe ar phróisis idirphearsanta agus fhorasacha murab ionann agus ar an duine aonair.

Léirigh staidéar sa bhliain 2003 go bhféadfadh múinteoirí dul i gcion ar fhéachadóirí le hidirghabháil a dhéanamh nuair a fheiceann siad

⁷²Thornberg, Robert (2010). "A student in distress: Moral frames and bystander behavior in school". *Elementary School Journal* **110** (4): 585-608.

bulaíochta⁷³ agus gur dóichí go dtarlóidh sé seo nuair a déantar brú ón bpiarghrúpa a ghríosadh chun é seo a thionscnamh.⁷⁴

Maidir leis an gcibearbhulaíocht, is féidir leis an difir idir féachadóirí agus rannpháirtithe gníomhacha gan a bheith chomh soiléir sin. Go minic téann an fhreagracht níos faide ná an duine a chruthaíonn agus a chuireann ábhar goiliúnach in airde ar líne. Is féidir roinnt, nó tráchttaireachta ar ábhar ar shuíomhanna gréasáin líonraithe sóisialta nó dul isteach, clárú, nó leanúint ar fhoinsí ábhair atá beartaithe le daoine aonair a náireadh nó a ghortú, a mheas mar iompraíocht bulaíochta freisin.

Féachann neart cur chuige idirghabhála le hiompraíocht a athrú agus le leanaí agus daoine óga a spreagadh chun bulaíocht a thuirisciú agus chun dearcthaí frithbhulaíochta a athrú go hiompraíocht fhrithbhulaíochta.

⁷³Menesini, E., Codecasa, E., Benelli, B., and Cowie, H. (2003). "Enhancing children's responsibility to take action against bullying: evaluation of a befriending intervention in Italian middle schools". *Aggressive Behaviour*, vol. 29, issue 1, p. 1-14

⁷⁴Rigby, K., & Johnson, B. (2006). *Expressed Readiness of Australian school children to act as bystanders in support of children who are being bullied. Educational Psychology*, 26, 425-441.

3.13. Príomhthátail agus moltaí

- Is féidir tionchar tromchúiseach agus tragóideach, b'fhéidir, a bheith ag an iompraíocht bulaíochta do leanaí agus do dhaoine óga, do theaghlaigh, do phobail scoile agus don tsochaí níos leithne.
- Ba chóir do scoileanna eispéiris oideachais a sholáthar a fhéachann le foirmeacha uile na bulaíochta a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bulaíochta a dhiúltú.
- Tá gá le tionscnaimh ar leith um chosc a sholáthar i leith na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe .
- Is gá go mbeadh muinín ag leanaí agus daoine óga go dtabharfar aghaidh ar a mbuarthaí.
- Is gá idirghabhálacha agus tacaí a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga atá páirteach go díreach agus atá thíos leis an mbulaíocht.
- Molann an grúpa oibre go n-oibreodh scoileanna chun cosc agus dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach ach go háirithe, agus go mbeidh feabhas suntasach ann sa timpeallacht scoile do chách má déantar amhlaidh.

Cad a deir leanaí agus daoine óga faoin mbulaíocht?

"Bealaí maithe le leanaí a chur ar an eolas faoin bplean scoile ar an mbulaíocht is ea na múinteoirí ag plé leis an rang agus nótaí a sheoladh abhaile chun a thabhairt le fios do thuismitheoirí gur chóir dóibh bulaíocht a phlé go hoscailte lena leanaí."

4. Cad a deir leanaí agus daoine óga faoin mbulaíocht?

Rinne neart aighneachtaí a fuair an grúpa oibre tagairt don ghá go mbeadh leanaí, daoine óga, comhairlí scoláirí agus ISSU páirteach i bhforbairt na bpolasaithe frithbhulaíochta. Ach go háirithe, léirigh an Dr. James O'Higgins Norman (DCU) tábhacht ghuth na scoláirí ina aighneacht. Mhol sé, d'fhonn tacaíocht agus comhoibriú na scoláirí a fháil chun dul i ngleic leis an mbulaíocht gur chóir go mbeadh scoláirí páirteach i mbealaí a fhorbairt chun an dúshlán a thabhairt d'iompraíocht leatromach ag a bpiaraí.

Tugadh treoir do mhachnamh an ghrúpa oibre ag dhá chomhairliúchán a rinneadh le déanaí le leanaí agus le daoine óga.

Le déanaí rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí⁷⁵ comhairliúchán le breis agus 300 de leanaí agus daoine óga idir 10 agus 17 mbliana d'aois ar an gcaoi le déileáil go héifeachtúil leis an mbulaíocht i scoileanna. Díráinn tuairisc an chomhairliúcháin don chuid is mó ar dhearcthaí na leanaí ar chosc na bulaíochta agus ar straitéisí idirghabhála. Aibhsíonn an tuairisc na deacrachtaí a bhíonn ag leanaí ag caint amach faoin mbulaíocht.

⁷⁵Ombudsman for Children (2012) Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people. Dublin: Ombudsman for Children's Office. www.oco.ie

Áiríonn siad seo:

- eagla go mbainfeadh na bulaithe díoltas amach;
- buarthaí go measfaí gur "brathadóirí" iad as bulaíocht a thuairisciú;
- buarthaí faoi "fáil i dtrioblóid" leis an bpríomhoide nó leis an múinteoir as bulaíocht a thuairisciú;
- gan go leor fianaise a bheith acu mar bhunús le líomhaint bulaíochta;
- gan a fhios a bheith acu cé mar a phléadh an scoile leis an gceist; agus
- gan a bheith muiníneach go hiomlán go gcreidfí iad.

Díráinn na tuairimí ar chosc a thugtar sa tuairisc ar phleanáil scoile, ardú feasacht agus oideachas. Tugann na sleachta seo a leanas na príomhphointí ón tuairisc:

- Ní mór deiseanna bríocha a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga páirt a ghlacadh i bhforbairt pholasaithe frithbhulaíochta a scoile. Molann leabh amháin: "Bealaí maithe le leanaí a chur ar an eolas faoin bplean scoile ar an mbulaíocht is ea na múinteoirí ag plé leis an rang agus nótaí a sheoladh abhaile chun a thabhairt le fios do thuismitheoirí gur chóir dóibh bulaíocht a phlé go hoscailte lena leanaí."

- Ba chóir go dtabharfadh polasaí frithbhulaíochta na scoile imlíne ar na céimeanna a ghlacfar, agus cé a ghlacfaidh iad, nuair a tharlaíonn bulaíocht, lena n-áirítear eolas faoin gcaoi ina dtacófar le scoláirí labhairt amach má tá bulaíocht á dhéanamh orthu, má fheiceann siad bulaíocht nó má tá siad ag bulaíocht, agus cé leo ba chóir dóibh labhairt.
- Ní mór do thionscnaimh agus cláir atá dírithe ar fheasacht agus tuiscint scoláirí ar an mbulaíocht a ardú, lena n-áirítear na cúiseanna agus na tionchair, plé go sainiúil le ceist na bulaíochta homafóbaí má tá aghaidh le tabhairt ar steiréitíopáil agus ar stiogmatú dhaoine óga LADT ag a bpiarghrúpa.
- Is féidir le scoileanna feasacht a ardú trí phóstaeir a thaispeáint ar fud na scoile, tionól scoile speisialta ag tús na scoilbhliana a chur ar leataobh chun polasaí frithbhulaíochta na scoile a chur i láthair agus rogha a thabhairt do leanaí aiseolas anaithnid a thabhairt trí bhoscaí moltaí i ngach seomra ranga.
- Ní mór do leanaí a bheith in ann a mhothú gur féidir leo labhairt le "duine sochaideartha" agus gur duine a bheadh ansin a

"chaitheadh go dáiríre leis an gceist"⁷⁶.

- I bhfianaise na leisce atá ar leanaí agus ar dhaoine óga labhairt amach faoin mbulaíocht, mheas rannpháirtithe go raibh gá le tuismitheoirí, múinteoirí agus foireann eile sa scoil a bheith onghníomhach.
- Ní mór a fhios a bheith ag an scoil nach mbeidh an fhianaise ag scoláirí i gcónaí chun tacú lena líomhaintí ar an mbulaíocht.
- Ní chuireann bagairtí fionraí agus eisiaimh cosc ar an mbulaíocht; ní phléann siad leis na bunchúiseanna gur tharla an bhulaíocht.

4.1. Comhairliúchán le daoine óga LADT

Ag an gcomhairliúchán le 31 duine óg LADT a rinne Seirbhísí Óige BelonG To i mí Lúnasa 2012, thuairiscigh 23 de na daoine óga gur fhulaing siad bulaíocht homafóbach nó trasfóbach ar scoil. Níor dhearna ach 8 de na 23 duine óg an bulaíocht a thuairisciú. I measc na gcúiseanna a tugadh as gan eachtraí bulaíochta dá leithéid a thuairisciú bhí: a bheith faiteach labhairt amach, creideamh nach gcuideadh sé leis an staid, bhí a fhios ag múinteoirí faoi cheana féin agus ní

⁷⁶Ombudsman for Children (2012) Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people. Dublin: Ombudsman for Children's Office. p.28

dhearna siad faic faoi, faitíos go mbainfí díoltas amach as an tuairisciú, agus faitíos go dtabharfaí “brathadóirí” orthu.

Thuairiscigh na daoine óga gur chuidigh tuismitheoirí, múinteoirí agus oibrithé sóisialta tacúla agus neamhfhulaingt ar an mbulaíocht leo a mhothú compordach le bulaíocht homafóbach nó trasfóbach a thuairisciú ar scoil.

Nuair a iarradh orthu gníomhartha a mholadh a d'fhéadfadh an scoil a dhéanamh chun cuidiú dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach, rinne na daoine óga réimse de mholtaí gur féidir a achoimriú mar seo a leanas:

- Tabhair níos mó oideachais faoi chúrsaí LADT ó aois óg
- Aird níos mó a bheith ar dhaltaí
- Bíodh lá aerach ann
- Oideachas
- Éiteas scoile nua
- Cláir fheasachta
- Dianfheidhmiú rialacha
- Oiliúint múinteoirí BeLonG To
- Cainteanna agus ceardlanna
- Cuir an bulaí ar fionraí
- Glac níos mó beartas in áit díreach a bheith ag caint faoi
- Stop de gan ach a bheith ag tabhairt foláireamh dóibh

- Feachtais frithbhulaíochta
- Bíodh múinteoirí ag coinneáil súil ar scoláirí agus ag déileáil níos déine leo
- Foghlaim faoi thionchair na bulaíochta.

Cad atá ar scoileanna a dhéanamh
cheana féin?

**"Ní mór do gach scoil polasaí a bheith
ar bun, ina bhfuil beartais ar leith
chun plé le hiompraíocht bulaíochta."**

5. Cad atá ar scoileanna a dhéanamh cheana féin?

Tá scoileanna faoi réir cheana féin ag roinnt forálacha dlí agus éilítear orthu réimse de bheartais a fheidhmiú atá ábhartha do chosc agus do chomhrac na bulaíochta i scoileanna.

Mar shampla, tá roinnt coinbhinsiún cuí idirnáisiúnta a bhfuil Éire ina páirtí acu lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (UNCRC). Tá riachtanais bhunrechtúla a éilíonn gnásanna córa. Tá dualgais agus freagrachtaí ag scoileanna freisin faoi roinnt slite náisiúnta lena n-áirítear na hAchtanna um Stádas Comhionann agus an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair chomh maith lena ndualgais agus a bhfreagrachtaí faoin dlí coiteann agus coiriúil.

Chomh maith leis an gcreat náisiúnta níos leithne, leagann an tAcht Oideachais 1998 agus reachtaíocht eile atá sainiúil don oideachas amach dualgais agus freagrachtaí a fhéachann le scoileanna a spreagadh agus a chumasú le timpeallachtaí a chruthú don fhoghlaim atá sábháilte, dearfach, ómósach agus cuimsitheach.

Tá roinnt straitéisí náisiúnta cuí ann freisin, lena n-áirítear an Straitéis Oideachais Idirchultúrtha 2010 - 2015⁷⁷

⁷⁷ <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Intercultural-Education-Strategy/Intercultural-Education-Strategy.html>

agus an Tuairisc agus Moltaí do Straitéis Oideachais don Lucht Siúil.⁷⁸

Déantar achoimre anseo thíos ar chuid de na dualgais agus freagrachtaí atá i bhfeidhm cheana féin.

5.1. Na hAchtanna um Stádas Comhionann

Mar a léiríodh i gcomhfhoilseachán de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta mar a bhí ag an am agus an tÚdarás Comhionannais, tá dualgais agus freagrachtaí soiléire ag scoileanna maidir le reachtaíocht comhionannais na hÉireann⁷⁹.

Go hachomair:

- Coscann na hAchtanna um Stádas Comhionann ciapadh ar aon cheann de na naoi bhforas: inscne (lena n-áirítear trasinscneach), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil.
- Tá cosc ar chiapadh gnéasúil.
- Tá na toirmisc seo a bhfeidhm ar ghnéithe uile de shaol na scoile, mar shampla, seomraí ranga, páirceanna imeartha nó turais scoile.

⁷⁸ www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/traveller_ed_strat.pdf

⁷⁹ Department of Education & Science and Equality Authority (2005) Schools and the Equal Status Acts. 2nd ed. Dublin: Department of Education and Science www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/ge_schools_and_equality.pdf

- Ni féidir le scoileanna ligean do scoláirí scoláirí eile a chiapadh. Baineann an toirmeasc seo leis an bhfoireann, le tuismitheoirí nó le duine ar bith a bhfuil an ceart acu a bheith sa scoil, lena n-áirítear cuairteoirí scoile, ar foirne spóirt nó foirne díospóireachta ar cuairt.
- Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, is féidir scoileanna a bheith faoi dhliteanas as aon chiapadh a dhéanann a gcuid foirne nó eile cibé ar deineadh é le cead na scoile nó nár deineadh.

Leagann na hAchtanna um Stádas Comhionann caighdeán dualgais do scoil:

- Ba chóir do scoileanna a ghlacadh 'cibé bearta is indéanta go réasúnach chun cosc roimh ré a chur le' na foirmeacha ciaptha thuas.
- D'fhéadfaí go n-áireodh 'bearta réasúnta' polasaí a bheith ann i gcoinne an chiaptha nó ciapadh gnéasúil, gnásanna cearta a bheith ann chun dul i ngleic le gníomhartha ar bith, agus a chinntíonn nach dtarlaíonn siad arís.
- Tá bearta réasúnta mar seo ina gcosaint ag an duine freagrach ar scoil.

Tá sé tábhachtach a nótáil freisin go mbaineann na hAchtanna um Stádas Comhionann do na scoileanna uile, beag beann ar éiteas reiligiúnda, agus go gcoscann siad go dlíthiúil

ciapadh ar bhonn féiniúlachta leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach.

Ina theannta seo, faoin Reachtaíocht Comhionannais is féidir ciapadh a bheith ann le haon eachtra amháin agus ní gá go mbeadh nádúr leanúnach ar an iompraíocht a ndéantar gearán ina leith.

5.2. Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2008

Tá dualgais áirithe ag Boird Bhainistíochta nó Údaráis Bhainistíochta mar fhostóirí i leith a bhfostaithe. Tá cosúlachtaí ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta leis na hAchtanna um Stádas Comhionann ach pléann siad le réimse na fostaíochta murab ionann agus soláthar seirbhísí.

Mar achoimre sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta:

- Cuirtear cosc ar chiapadh ar fhostaí (lena n-áirítear oibríthe gníomhaireachta nó oiliúnaithe gairme) ar bhunús inscne (lena n-áirítear trasinscneach), stádas síbhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil san ionad oibre nó le linn na fostaíochta ag fostaí eile; an fostóir; agus cliaint, custaiméirí nó teagmhálaithe gnó eile de chuid an fhostóra;
- Sainmhínítear ciapadh mar aon chineál d'iompar nach bhféiltítear

roimhe a bhaineann le haon cheann de na forais leatrome. Is éard is gnéaschiapadh ná aon chineál d'iompar briathartha, neamhbhriathara nó fisiciúil le nádúr gnéasúil. Sa dá chás is iompar é a bhfuil sé d'aidhm nó d'éifeacht aige dínit dhuine a shárú agus timpeallacht imeaglach, bhagrach, tháiríde nó ionsaitheach a chruthú don duine;

- Meastar gur leatrom de chuid an fhostóra é an ciapadh.
- Tá foráil ann gur cosaint atá ann d'fhostóir a chruthú gur ghlac an fostóir bearta réasúnta praiticiúla chun an duine a chosc ón íospartach a chiapadh nó a ghnéaschiapadh; nó
- Cosc (mar is cuí) ar dhéileáil ar bhealach éagsúil leis an bhfostaí san ionad oibre le linn na fostaíochta (agus an tionchar a mhalartú má tá sé tarlaithe).

Cumadh cód cleachtais ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh san obair chun treoir a thabhairt d'fhostóirí agus tá bunús reachtúil leis faoi Ionstraim Reachtúil 208/2012.

5.3. Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Éilíonn reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta ar Bhoird Bhainistíochta, mar fhostóirí, sa mhéid agus is féidir go réasúnta praiticiúil, áit oibre shábháilte a sholáthar d'fhostaithe. Tá ar na Boird

Bhainistíochta freisin a chinntiú, sa mhéid agus is féidir go réasúnta praiticiúil, nach nochtaítear scoláirí, tuismitheoirí agus cuairteoirí, a d'fhéadfadh a bheith ar láthair na scoile, do rioscaí dá sláinte agus sábháilteacht.

Éilíonn an reachtaíocht freisin go ndéanfaidh Boird Bhainistíochta a ngnó, sa mhéid agus is féidir go réasúnta praiticiúil, ar bhealaí a choscann iompar mícheart nó iompraíocht gur dócha a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte nó leas na bhfostaithe ag obair i mbaol, nó sláinte agus sábháilteacht scoláirí, tuismitheoirí nó chuairteoirí i mbaol.

5.4. Acht Oideachais (Leas) 2000

Faoi Acht Oideachais (Leas) 2000, tá ar na scoileanna uile Cód Iompraíochta a bheith ar bun acu. Ní mór an cód seo a chruthú faoi réir threoirínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) a eisíodh do scoileanna i 2008.

Leagann na treoirínte seo síos go soiléir go gcaithfidh gach scoil polasaithe a bheith acu do chosc nó do chomhrac ar bhulaíocht agus ar chiapadh agus go gcaithfidh scoileanna a dhéanamh soiléir ina gcód iompraíochta nach bhfuil bulaíocht inghlactha.

De bhreis air sin, deir na treoirínte gur chóir go léireodh an cód iompraíochta cén ghníomh a dhéanfaidh an scoil maidir le sáraithe

líomhnaithe ar pholasaí bulaíochta na scoile.

Ní mór an cód se a fhorbairt trí chomhairliúchán leis an bpobal scoile uile (boird bhainistíochta, príomhoidí, múinteoirí, foireann eile na scoile, tuismitheoirí agus scoláirí/daltaí).

Mar a thugann treoirlínte BNLO do scoileanna le fios "**Braitheann rath an chóid ar an mbealach ina bhforbraítear é**"⁸⁰.

Aibhsíonn na treoirlínte freisin "**Saibhrítear obair iniúchta agus athbhreithnithe an chóid iompraíochta nuair a bhíonn an deis ag baill uile phobal na scoile cur leisBa chóir go mbainfeadh obair ar an gcód leas as éagsúlacht na taithí, na dtuairimí, na scileanna, na riachtanas agus an eolais atá ag daoine i bpobal na scoile. Tá sé tábhachtach grúpaí nó daoine aonair a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ar an imeall nó a bhfuil sé deacair a mhealladh le bheith páirteach**".⁸¹

Faoi láthair tá treoirlínte á bhforbairt ag BNLO do scoileanna ar straitéisí tairimh a ullmhú chun dul leis an obair a rinne sé cheana chun cuidiú le scoileanna cóid iompraíochta a fhorbairt. Treiseoidh na treoirlínte seo an teachtaireacht go gcaithfidh scoileanna féachaint le bulaíocht a

chomhrac go gníomhach mar cheann de na tosca a d'fhéadfadh dul i gcion go diúltach ar thinreamh scoile.

5.5. Polasaithe Frithbhulaíochta

D'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna **Treoirlínte ar Iompraíocht Bulaíochta a Chomhrac** i 1993 mar áis do scoileanna bearta a cheapadh chun eachtraí d'iompraíocht bulaíochta a chosc agus déileáil leo. Ceapadh na treoirlínte seo mar thoradh ar chomhairliúchán le hionadaithe ó bhainistíocht scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Mar chúnamh breise d'iarbhunscoileanna, sa bhliain 2006 d'fhoilsigh an Roinn teimpléad gur féidir le hiar-bhunscoileanna a úsáid chun polasaí frithbhulaíochta a fhorbairt.

Cé gur admhaigh siad luach na dtreoirlínte agus ábharthacht leanúnach an ábhair atá iontu, d'iarr an chuid ba mhó de na haighneachtaí a rinneadh don ghrúpa oibre go ndéanfaí leasú agus nuashonrú ar na treoirlínte agus ar an teimpléad frithbhulaíochta. Mhol neart díobh gur chóir na treoirlínte a leasú agus a nuashonrú agus gur chóir go dtabharfaidís faoi chineálacha éagsúla na bulaíochta ar nós homafóbach, ciníoch, i gcoinne bhaill an Lucht Siúil, bunús eitneach agus comhdhéanamh teaghlaigh (mar shampla, dara teaghlaigh, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh le ceann

⁸⁰ National Educational Welfare Board (2008) Developing a Code of Behaviour: Guidelines for schools. Dublin: NEWB. p. 12.

⁸¹ National Educational Welfare Board (2008) Developing a Code of Behaviour: Guidelines for schools. Dublin: NEWB. p. 12.

leispiach agus aerach) agus go dtabharfaidís faoin gcibearbhulaíocht. Aontaíonn an grúpa oibre leis na haighneachtaí ina leith seo.

I roinnt de na haighneachtaí a fuarthas cuirtear ceist faoi nádúr éigeantach na bpolasaithe frithbhulaíochta do scoileanna. Is é tuairim an ghrúpa oibre go gcaithfidh gach scoil polasaí a bheith ar bun, laistigh de chreat chód iompraíochta na scoile ar an iomlán, a áiríonn bearta ar leith chun déileáil le hiompraíocht bulaíochta.

Ní mór treoirlínte frithbhulaíochta nua ar bith a leagan amach go soiléir an creat foriomlán ina n-oibríonn scoileanna agus ní mór dóibh léiriú a thabhairt ar fhorbairtí sna blianta deireanacha lena n-áirítear an riachtanas reachtúil go mbeadh Cód Iompraíochta ag gach scoil, na naisc le straitéisí ábhartha eile (lena n-áirítear *Treoirlínte BNLO ar an gContanam Tacaíochta*⁸² agus *Folláine in Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe (2013)*⁸³ atá le foilsiú

⁸² National Educational Psychological Service, Department of Education and Skills (2010a) Behavioural, Emotional and Social Difficulties: A Continuum of Support, Guidelines for Teachers

NEPS (2010b) A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers

NEPS (2010c) Continuum of Support for Post-Primary Schools: Resource Pack for Teachers

go luath) agus seirbhísí scoilbhunaithe agus eile.

Le blianta beaga anuas, tá comhoibriú déanta ag an Roinn freisin leis an Líonra do Chomhionannas Aerach agus Leispiach (GLEN) chun ábhair a tháirgeadh le cuidiú le scoileanna déileáil le bulaíocht homafóbach. Tá na hábhair seo faofa ag na príomh-chomhpháirtithe oideachais ag leibhéal na hiarbhunscoile agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ar shuíomh gréasáin GLEN. Eisíodh do scoileanna freisin iad.

5.6. Acht Oideachais 1998

Faoin Acht Oideachais 1998, bainistítear scoileanna ag Bord Bainistíocht na scoile, ar son phátrúin nó iontaobhaigh na scoile nó Coiste Gairmoideachas. Is é an t-údarás bainistíochta a fhostaíonn múinteoirí na scoile agus comhaltaí foirne eile. I scoileanna CGO, is é an CGO an fostóir. Bainistíonn príomhoide na scoile an scoil ar bhonn laethúil.

5.6.1. Éiteas Scoile

Úsáidtear an téarma 'éiteas' chun cur síos a dhéanamh ar spiorad sainiúil scoile, a ghabhann trí ghnéithe uile de shaol na scoile ón gcuraclam foirmiúil a mhúintear sa seomra ranga go dtí saol laethúil na scoile agus a pobail. Cé nach mbaineann an tAcht

⁸³ An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Sláinte (2013): Folláine in Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe.

Oideachais 1998 úsáid as an bhfocal 'éiteas' leagann sé amach freagrachtaí ábhartha na scoile agus an Bhoird Bhainistíochta:

- Leagann an tAcht amach feidhm na scoile *chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad saineúil na scoile.*
- Deir an tAcht freisin maidir leis an mBord: *déanfaidh sé spiorad saineúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraim arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraim eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile.*
- Déanann an tAcht tuilleadh tagairtí do *spiorad saineúil na scoile maidir le curaclam agus polasaí lígean isteach na scoile.*

Luach croílair i dtromlach na scoileanna is ea déileáil le gach scoláirí go cothrom agus le hómós; tá

cúram iomlánaíoch na scoláirí uile mar chuid dhílis de seo. Ciallaíonn sé seo tacú le scoláirí atá i mbaol, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol na bulaíochta, mar atá an cás do neart scoláirí lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha, scoláirí faoi mhíchumais nó le riachtanais speisialta oideachais, leanaí agus daoine óga ón Lucht Siúil, scoláirí ó mhionlach eitneach agus scoláirí ó chreidimh reiligiúnda mionlaigh.

5.6.2. Scoileanna le hÉiteas Reiligiúnda

Tá traidisiúin agus creidimh ar leith ag eaglaisí aonair; féachfaidh scoileanna le héiteas reiligiúnda leis na nithe seo a chur ar aghaidh chuig na scoláirí faoin gcúram. Mar sin féin, níor chóir go gcuirfidh sé seo cosc ar scoil óna chinntiú go mothaíonn na scoláirí agus múinteoirí uile sábháilte agus dearbhaithe ina bhféiniúlacht dhaonna uathúil.

D'aibhsigh roinnt léirithe a rinneadh don ghrúpa oibre go ndúradh le roinnt foirne scoile agus scoláirí go gcoscann a n-éiteas scoile iad ó dhéileáil le bulaíocht homafóbach. Sa tuairisc a mhaoinigh ROS, *Valuing Visibility*⁸⁴, luaigh rannpháirtithe go raibh easpa soiléire ann maidir le conas a bhain ceisteanna gnéaschlaonta le héiteas scoile.

⁸⁴ Lodge A. *et al* (2008) *Valuing Visibility: An exploration of how sexual orientation issues arise and are addressed in post-primary schools*. Dublin: GLEN.

Mheas neart daoine gur chuir sé seo teorainn lena bhfreagra ar na fadhbanna de réir mar a tharla siad agus gur bac a bhí anseo ar fhreagairt go dearfach do scoláirí LADT. Mhol na rannpháirtithe ar fad go raibh ról an Bhoird Bhainistíochta agus na n-lontaobhaithe rithábhachtach maidir le ceannaireacht agus treoir a sholáthar do scoileanna i ndéanamh cinnte go ndéileálann polasaí agus cleachtas scoile go follasach le bulaíocht homafóbach.

Fuair taighde DCU (Norman et al) gur chuir an easpa soiléire seo teorainn le cumas na múinteoirí freagairt go dearfach le scoláirí atá leispiach, aerach, nó déghnéasach. Chruthaigh sé seo ciúnais faoi cheisteanna LADT agus bhí baol ann dá bharr go ndéanfaí baill de na grúpaí mionlaigh seo a aonrú.⁸⁵

Aithníonn an grúpa oibre go bhfuil neart scoileanna a bunaíodh laistigh de thraidisiúin reiligiúnda áirithe bródúil as luachanna ar nós riachtanais na scoláirí uile a aithint agus freastal orthu.

5.6.3. Gnásanna gearán

Ní bhíonn an Roinn páirteach i ngearáin aonair i scoileanna. Pléitear le gearáin bulaíochta ag leibhéal

áitiúil trí ghnásanna frithbhulaíochta na scoile inar chóir léiriú a bheith ann faoin gcaoi ina ndéileálfar le heachtraí bulaíochta.

Maidir le gearáin faoi fhoireann scoile (a d'fhéadfadh gearáin bulaíochta a áireamh), baineann an chuid is mó de na scoileanna úsáid as gnásanna gearán atá aontaithe ag na ceardchumann múinteoirí agus na heagraíochtaí bainistíochta cuí. Leagann na gnásanna seo amach na céimeanna atá le leanúint chun gearán i gcoinne múinteora nó ball eile d'fhoireann na scoile a chur chun cinn agus an scála ama sainiúil atá le leanúint ag gach céim.

Go tipiciúil, más rud é gur fhéach tuismitheoir lena ngearán a réiteach leis an múinteoir agus le príomhoide na scoile agus nach bhfuil sé/sí sásta gur réitíodh a ngearán, is féidir leo a ngearán a chur isteach go foirmiúil le cathaoirleach bhord bainistíochta an scoile. I gcás scoileanna CGO is féidir leo dul i dteagmháil leis an gCoiste Gairmoideachais.

Más rud é go bhfuil gnás gearán na scoile ídithe ag tuismitheoir agus fós nach bhfuil siad sásta, is féidir leo gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí.

Is féidir le hOifig an Ombudsman do Leanaí scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar ghearáin a fhaightear ó leanaí faoi scoileanna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

⁸⁵ Norman, James; Galvin, Miriam and Gerry McNamara. (2006). *Straight Talk: Researching Gay and Lesbian Issues in the School Curriculum*. Dublin: Centre for Educational Evaluation, DCU.

Is é an príomhchritéar d'idirghabháil ar bith ag an Ombudsman do Leanaí ná go bhfuil, nó go mb'fhéidir go raibh, drochthionchar ag gníomh na scoile ar leanbh.

Is féidir leis an mBinse Comhionannais gearáin a fhiosrú freisin faoi cheann de na naoi bhforas a chlúdaítear ag na hAchtanna um Stádas Comhionann. Ní mór don ghearánaí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois nó is féidir le tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an gearán a dhéanamh.

Fáiltíonn an grúpa oibre roimh an scéal go bhfuil athbhreithniú á dheanamh ag an Roinn faoi láthair ar Alt 28 den Acht Oideachais 1998 a bhaineann le gearáin.

5.6.4. Treoir

Tagraíonn treoir i scoileanna don réimse d'eispéiris fhoghlama a thugtar do scoláirí chun cuidiú leo scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt d'fhonn roghanna agus cinní éifeachtúla a dhéanamh faoina mbeathaí. Cuimsíonn sé réimsí scartha na forbartha pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir.⁸⁶

Éilítear ar gach scoil, faoi réir an Achta Oideachais 1998, na hacmhainní a bheidh ar fáil di a úsáid "chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí" (Alt 9(c)). I ndiaidh na Cáinfhaisnéise 2012,

⁸⁶ Guidelines for Second Level Schools on the Implications of Section 9 (c) of the Education Act 1998, relating to students' access to appropriate guidance, DES, 2005.

déantar soláthar na gairmthreorach a bhainistiú ó laistigh den dáileadh foirne caighdeánach do gach scoil.

Rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile* a chomhordú agus a fhoilsiú i bhfianaise na riachtanas in ailt 9(c) agus 21 den Acht Oideachais 1998.

Bhí sé beartaithe go gcuideodh an foilseachán⁸⁷ le scoileanna a bplean treorach a fhorbairt mar chuid den Phlean Scoile foriomlán. Polasaí beartaithe is ea é gur gníomhaíocht scoile uile í an treoir agus faoi na socruithe atá ann faoi láthair forbraíonn gach scoil plan treorach scoile mar bhealach chun tacú le riachtanais a scoláirí.⁸⁸

Tugann *Folláine in Iar-Bhunscoileanna - Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe (2013)*, a fhoilseofar go luath, léiriú mionsonrach do scoileanna conas is fearr é seo a bhaint amach. Ina theannta sin, má ghlactar le cur chuige *Chontanam na Tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)*, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, is féidir luath-aithint agus soláthar a bheith ann

⁸⁷National Centre for Guidance in Education (2004) Planning the School Guidance Programme. Dublin: NCGE.

⁸⁸ Le déanaí d'fhoilsigh ab Lárionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas agus GLEN acmhainní ar ról na ngairmthreoraithe i dtacú le scoláirí LADT. Tá said seo ar fáil ag www.glen.ie/attachments/the_role_of_guidance_counsellors.pdf

d'idirghabhálacha le scoláirí a thagann chun tosaigh le riachtanais shuntasacha a bhaineann le hiompraíocht bulaíochta.

Tá soláthar sa phlean Treorach Scoile Uile agus i gcur chuige Chontanam na Tacaíochta do struchtúir tacaíochta scoláirí. Má tá struchtúir tacaíochta scoláirí éifeachtúla i scoileanna déantar cinnte go n-aithnítear daoine óga le deacrachtaí, go dtugtar tacaíocht dóibh agus dtugtar an cúnamh cuí dóibh. Ba chóir bealaí tarchuir inmheánacha agus seachtracha a ainmniú mar chuid den phlean treorach.

5.6.5. Curaclam

Laistigh dá fhorálacha, treisíonn an tAcht Oideachais 1998 gur chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta scoláirí a chothú agus oideachas sláinte a sholáthar dóibh.

Tá impleachtaí ag próisis an teagaisc agus na foghlama uile d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta. Is iad na bealaí ina mbíonn caidreamh ag baill na foirne lena chéile agus leis na scoláirí, agus cáilíocht an chaidrimh idir na scoláirí féin, atá mar bhunús le forbairt phearsanta agus shóisialta i scoil.

Tá spás laistigh de theagasc na n-ábhar uile chun: meoin ómóis do chách a chothú; luach ar an éagsúlacht a chothú; dul i ngleic le claontacht agus le steiréitíopáil; agus chun a threisiú nach bhfuil iompraíocht bulaíochta inghlactha.

Ina theannta sin, cuireann an curaclam deiseanna ar fáil do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ndearccháí agus ar a sábháilteacht nuair atá siad ar líne agus cinntí feasacha a dhéanamh faoina sláinte, a mbeathaí pearsanta agus a bhforbairt shóisialta sa chomhthéacs seo.

Tá roinnt comhpháirteanna curaclaim agus clár ann a bhfuil ábharthacht ar leith leo maidir le cosc ar an mbulaíocht agus le cothú an ómóis don éagsúlacht agus don chuimsitheacht. Tugtar cur síos orthu siúd anseo thíos.

5.7. An Clár Bí Sábháilte

Maidir leis na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna 2011*, tá ar na bunscoileanna uile an Clár um Mhíúsáid Leanaí a Chosc (CAPP), a dtugtar an Clár Bí Sábháilte air i gcoitinne, a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an gclár baol na mí-úsáide leanaí agus na bulaíochta a laghdú.

Is éard atá sa chlár Bí Sábháilte ná clár scileanna sábháilteachta pearsanta a ceapadh le húsáid le leanaí bunscoile ó na Naíonáin Shóisearacha ar aghaidh go Rang 6. Féachann an clár le scileanna féinchosanta leanaí a fheabhsú trí rannpháirtíocht i gceachtanna ar shuíomhanna sábháilte agus neamhshábháilte, bulaíocht, tadhall

míchuí, rúin, insint agus dáinséar stráinséir.

Féachann an clár leis na scileanna a thabhairt do leanaí atá riachtanach chun cur ar a gcumas mí-úsáid agus/nó íospartú a aithint agus a chomhrac agus múineann sé dóibh gur chóir dóibh insint i gcónaí (le duine fásta atá in ann cuidiú) faoi shuíomh ar bith a mhothaíonn siad a bheith míshábháilte, corraitheach, bagrach, contúirteach nó mí-úsáideach.

Nótáil an grúpa oibre, áfach, go bhfuil gá le nuashonrú ar an gclár seo.

5.8. Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte⁸⁹

Comhpháirt éigeantach is ea Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i gcuraclam na bunscoile agus i gcuraclam na sraithe sóisearaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Tá sé d'aidhm ag OSPS tacú le forbairt phearsanta, sláinte agus folláine dhaoine óga agus cuidiú leo caidrimh thacúla a chruthú agus a choinneáil. Gné de churaclam na scoile is ea é trínar féidir tionchair dhearfacha agus leantacha a chur i bhfeidhm ar chruthú dhearcthaí agus luachanna scoláirí.

⁸⁹Tá acmhainn nua forbartha ag Seirbhísí Tacaíochta OSPS, an FSS, GLEN agus BeLongTo ar a dtugtar 'Ag Fás Aníos Mar LADT' a bhfuil sé d'aidhm aige ómós a mhéadú don éagsúlacht thar blianta uile an dara leibhéal.

Dáileann siollabais OSPS na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon am chun an bhulaíocht a imscrúdú, chomh maith le réimsí nasctha - muintearas agus comhtháthú, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidrimh.⁹⁰

Cuireann OSPS deis uathúil ar fáil do scoláirí leis na scileanna agus an cumas a fhorbairt le foghlaim fúthu féin agus le haire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile, agus le cinní feasacha a dhéanamh faoina sláinte, a mbeathaí phearsanta agus a bhforbairt shóisialta. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear OSPS ar fáil do dhaoine óga i bhfianaise na mbuarthaí atá ann faoi láthair maidir le meabhairshláinte agus folláine i gcoitinne.

Tá cuid den chreidiúint atá dlite do roinnt mhaith de na cláir OSPS den scoth atá bunaithe i scoileanna ag dul do dhíograis, do thiomantas agus do thacaíocht leanúnach na bpríomhoidí agus na mbord bainistíochta. Go minic bíonn tacaíocht dá leithéid bunaithe ar an tuiscint go gcaithfear soláthar a dhéanamh d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta dhaoine óga má tá foghlaim rathúil le bheith ann.

⁹⁰Mar shampla an clár WebwisePrimary Programme a foilsíodh i 2012. Tá an soláthar á thacú ag Respectful Communication Onlinemodule i gClár Bhunscoileanna an Gharda.

5.9. Tábhacht OSPS agus Creat nua na Sraithe Sóisearaí

Tá an *Creat don tSraith Shóisearach* nua (*Deireadh Fómhair 2012*) bunaithe ar ocht bprionsabal, lena n-áirítear 'Folláine' agus 'Oideachas Cuimsitheach'. Leagann an Creat amach go soiléir, tríd an tsraith shóisearach, go bhfaighidh scoláirí réimse de mhórscoilleana, lena n-áirítear: Mé féin a bhainistiú; Fanacht folláin; Cumarsáid; agus Obair le daoine eile.

Ainmníonn an Creat ceithre ráiteas foghlama is fiche. Tugann na ráitis cur síos ar na nithe ba chóir do scoláirí a bheith ar eolas acu, ba chóir dóibh a thuiscint, ba chóir dóibh meas a bheith acu orthu, agus ba chóir go mbeidís in ann a dhéanamh ag deireadh na sraithe sóisearaí. Ina measc, ba chóir tá na nithe seo i gceist:

- go mbeidh feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh;
- go mbeidh meas ag an scoláire ar an mbealach ina gcuireann luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina gcónaíonn sí/sé;
- go mbeidh an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe;

- go ndéanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú;
- go n-úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticíúil.

Is féidir cúig cinn de na ráitis foghlama a shásamh trí OSPS. Tugann sé seo ar fad an-tacaíocht don tuiscint go bhfuil an t-oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte a chuirtear ar fáil d'ár ndaoine óga chomh tábhachtach le réimse ar bith eile sa churaclam. I bhfianaise na bprionsabal agus na bpríomhscileanna a ainmníodh cheana, agus ag cur san áireamh an cion a shamhlaítear is féidir OSPS a dhéanamh do ghnóthachtáil scoláirí ar chúig cinn de na ráitis foghlama, tá sé tábhachtach go n-aithneoidh príomhoidí agus boird bhainistíochta an tábhacht atá le leanúint de OSPS a sholáthar do scoláirí uile, mar ábhar ann féin nó mar ghearrchúrsa.

5.10. Clár Caidrimh agus Gnéasachta

Forbraíodh curaclam idirlinne don Chlár Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i 1996 agus tá ar na scoileanna uile é a mhúineadh ó shin i leith. Mar sin féin bhí sé beartaithe i gcónaí go mbeadh sé mar chuid

dúchasach de chlár níos leithne um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Is mar sin atá an scéal anois ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile chomh fada leis an tSraith Shóisearach. Cé go bhfuil dréacht-churaclam OSPS don tSraith Shinsearach forbartha, níl aon riachtanas ann do scoileanna OSPS a chur ar an amchlár sa tsraith shinsearach faoi láthair. Mar sin féin, tá iachall ar scoileanna OCG a mhúineadh sa tSraith Shinsearach, fiú mura bhfuil rang OSPS ar an amchlár.

Spreagann OCG leanaí agus daoine óga le hathmhachnamh a dhéanamh ar na caidrimh ina mbeathaí agus le foghlaim conas caidrimh a fhorbairt atá bunaithe ar chomh-mheas. Cuidíonn sé seo leo bonn a thógáil do chaidrimh níos dlúithe amach anseo. Cothaíonn OCG tuiscint iomlánaíoch ar an ngnéasacht agus cuireann sé eolas ar fáil do dhaoine óga maidir lena bhforbairt fhisiciúil agus sláinte ghnéasach.

5.11. Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil

Tá an tOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) mar chuid de Churaclam croíláir an Teastais Shóisearaigh ó Meán Fómhair 1997 i leith. Cúrsa is ea é ar Shaoránacht Ghníomhach, bunaithe ar Chearta Daonna agus Freagrachtaí Sóisialta. Cuireann sé scóip ar fáil le fiosrú a dhéanamh, i

measc topaicí eile, ar chearta agus freagrachtaí, mothúchán muintearais, steiréitíopáil agus claontacht.

Cuireann OSSP deiseanna ar fáil do scoláirí príobháideachas ar líne a scrúdú i gcomhthéacs chearta agus fhreagrachtaí, feasacht a ardú ar an gcibearbhulaíocht ina bpobail scoile, agus cairt ranga/scoile a chruthú de chearta agus freagrachtaí ar líne.

Sa Chreat don tSraith Shóisearach (2012), éilíonn ceann de na Ráitis Fhoghlama go mbeidh "meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne".

5.12. Gnásanna Cosanta Leanaí

Déileálann *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2011 (Tús Áite do Leanaí)* le haithint, tuairisciú agus bainistiú ar bhuarthaí sábháilteachta leanaí. Leagann sé amach roinnt príomhtheachtaireachtaí maidir leis an dualgas le leanaí a chosaint. Ina measc siúd tá:

- go bhfuil sábháilteacht agus leas leanaí mar fhreagracht ag cách;
- go mbeidh beathaí níos sábháilte ag leanaí, áit a mbíonn aird ag gach duine ar a leas; agus
- go dtuigeann daoine a oibríonn le leanaí thar raon de réimsí a bhfreagracht phearsanta as cleachtas sábháilte ina

n-eagraíocht, tuairisciú ar bhuarthaí agus comhoibriú le heagrais reachtúla.

Aithníonn Tús Áite do Leanaí go bhfuil tionchar ag an mbulaíocht ar fholláine leanaí agus dhaoine óga. Tá an Rialtas tiomanta, mar thosaíocht, do reachtaíocht a thabhairt isteach chun bonn a chur le Tús Áite do Leanaí. Beidh sé d'aidhm ag an reachtaíocht a chinntiú go bhfuil freagracht reachtúil ag eagrais agus ag daoine aonair a oibríonn le leanaí tuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi bhuarthaí réasúnta maidir le mí-úsáid nó faillí ar leanaí. Maidir leis an mbulaíocht i scoileanna, deir Tús Áite do Leanaí:

"Aithnítear gur fadhb í an bhulaíocht atá ag dul i méid sna scoileanna. Caithfidh boird bhainistíochta scoileanna beartas a bheith acu chun déileáil le bulaíocht agus a chinntiú go mbeidh a fhios ag na múinteoirí faoi agus faoi threoirínte le déileáil le bulaíocht. Má tharlaíonn eachtra thromchúiseach, agus má mheastar go bhféadfadh drochúsáid tarlú, ba chóir don scoil dul i gcomhairle le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS d'fhonn freagra oiriúnach ar nós plean bainistíochta a cheapadh le déileáil leis.

Is iad údaráis na scoile atá freagrach, ar an gcéad dul síos, as déileáil le bulaíocht sa scoil. Ba chóir dóibh an dualgas seo a chomhlíonadh trí aird a thabhairt ar

na Treoirínte um Bhulaíocht a Chosc i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunoideachais a d'éisigh an Roinn Oideachais i 1993.

Ba cheart cásanna tromchúiseacha bulaíochta a tharchur chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.⁹¹

Is é tuairim an ghrúpa oibre go bhfuil easpa soiléir ann do scoileanna agus do dhaoine eile faoina bhfuil i gceist leis an nath bulaíocht "tromchúiseach" sa chomhthéacs seo agus conas a ndéanfadh duine cinneadh go bhfuil gá le tarchur don FSS. Moltar go dtabharfadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige treoir níos mionsonraí do scoileanna agus eile maidir le cad is "bulaíocht tromchúiseach" ann faoi Tús Áite do Leanaí agus cathain ba chóir tarchuir a dhéanamh don FSS.

Tá Treoirínte um Chosaint Leanaí eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá bunaithe ar Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2011 agus a bhaineann leis na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uile.

Cuimsíonn na gnásanna nua feabhsúcháin shuntasacha ar na treoirínte scoile a bhí ann roimhe agus tá sé beartaithe gur fearr a chinnteoidh siad go bhfuil feidhmiú

⁹¹Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2011) Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus do Leas Leanaí. Baile Átha Cliath: Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. lch. 61.

comhsheasmhach ann de Tús Áite do Leanaí ar fud na scoileanna uile. áiríonn na feabhsúcháin teimpléad nua do pholasaí um chosaint leanaí, riachtanas go gcuirfidh na bunscoileanna uile an clár Bí Sábháilte i bhfeidhm ina iomláine agus socruithe maoirseachta feabhsaithe ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta. Rinne na gnásanna nua athrá freisin ar an riachtanas éigeantach a bhí ann cheana chun OSPS a mhúineadh ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile.

De réir na nGnásanna um Chosaint Leanaí, is é údarás na scoile ar an gcéad dul síos atá freagrach as déileáil le bulaíocht i scoileanna. Mar sin féin, ag teacht leis an treoir i Tús Áite do Leanaí, deir na gnásanna gur chóir eachtraí tromchúiseacha d'iompraíocht bulaíochta a thuairisciú don FSS.

5.13. Seirbhísí chun tacú le scoileanna

Is féidir le réimse de sheirbhísí tacaíocht a sholáthar do scoileanna chun cuidiú leo bulaíocht a chosc agus a bhainistiú. Cé gur féidir go mbeidh éagsúlacht sa rochtain ó réigiún go réigiún, tá an grúpa oibre ar an eolas faoi réimse de sheirbhísí agus tacaí atá ar fáil faoi láthair do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tugtar liosta díobh seo in Aguisín 4. Ba chóir do scoileanna na seirbhísí atá ar fáil ina limistéar a aithint agus líonraí agus

teagmhálacha cuí a thógáil chun tacú lena gcuid oibre.

5.14. Acmhainní seachtracha a úsáid

Tá sé léirithe go seasta ag an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta gurb é/í an múinteoir cáilithe seomra ranga an gairmeoir is fearr atá in ann chun obair go híogaireach agus go seasta le scoláirí agus gur féidir tionchar cumhachtach a bheith aige/aici ar dhearcthaí, luachanna agus iompraíocht scoláirí i ngnéithe uile den oideachas sláinte.

Tá dualgas ar bhainistíocht scoile, príomhoidí agus múinteoirí an t-oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte is fearr agus is oiriúnaí a sholáthar dá scoláirí. Tá dualgas orthu freisin na scoláirí atá faoina gcúram a chosaint i gcónaí ó aon acmhainní, idirghabhálacha nó cláir a d'fhéadfadh a bheith goilliúnach, míchuí nó ar míthreoir.

Tá imlitreach eisithe ag an Roinn do scoileanna a leagann amach treoir d'úsáid acmhainní seachtracha i gcomhthéacs na gclár OSPS agus OCG. Faoi na himlitreacha seo, ba chóir go mbeadh cuairteoirí ar an seomra ranga nó scoil, ach go háirithe iad siúd atá ag plé go díreach le scoláirí, eolach faoi pholasaithe scoile ábhartha agus ba chóir cuairteanna a phleanáil go cúramach roimh ré ag teacht le polasaithe scoile cuí, riachtanais um chosaint sonraí srl.

Ba chóir cuairteanna a phleanáil, taighde a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhar le pearsanra scoile. Moltar go láidir go rachfaí i gcomhairle le tuismitheoirí agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi chuairteanna ag aon duine nó gníomhaireacht dá leithéid ar sheomraí ranga/scoileanna.

Ní mór do na cláir agus eachtraí a chuireann cuairteoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha ar fáil úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cuí, fianaise-bhunaithe le torthaí soiléire oideachasúla. Is fearr a chuirtear cláir dá leithéid i láthair acu siúd atá cáilithe go sainiúil don obair leis na daoine óga a ndeartar na cláir dóibh.

Aibhsíonn na himlitréacha freisin go léiríonn tátail taighde go bhfuil tionchar teoranta ag modheolaíochtaí teagaisc áirithe teagaisc agus go mb'fhéidir nach mbeidh an toradh atá de dhíth acu maidir le feidhmiú éifeachtúil OSPS agus mar sin gur chóir iad a sheachaint. Is iad na cuir chuige a luaitear a bheith neamhéifeachtúil ná:

- **Bearta scanraithe** – tá eolas a chothaíonn eagla, agus a dhéanann áibhéil faoi iarmhairtí diúltacha, míchuí agus fritorthúil.
- **Idirghabhálacha spreagthacha** – Ní cuí idirghabhálacha a thugann cuntas mealltach nó corraitheach ar iompraíocht rioscúil agus

féadann siad daltaí a spreagadh chun rioscaí a thógáil go mí-chuí.

- **Teistiméireachtaí** – Féadann scéalta a dhíríonn ar stíleanna beatha dáinséaracha san am atá caite daltaí a spreagadh chun na hiompraíochta arbh é a cosc ba chuspóir leo, trí laochra a dhéanamh díobh siúd a thugann an teistiméireacht sin.
- **Idirghabhálacha le heolas amháin** – Is beag an toradh foghlama gur féidir a theacht as cláir nach bhfuil bunaithe ach ar eolas amháin agus féadann siad bheith fritorthúil, fiú, sa chaoi ina dtéann siad i gcion ar luachanna, meon agus iompraíocht.
- **Idirghabhálacha aon uaire/gearrthearma** – Níl éifeacht le hidirghabhálacha gearrthearma, bídís pleanáilte nó mar fhreagairt ar ghéarchéim.
- **Iompraíocht rioscúil i measc daoine óga a normálú** – Má thugtar le tuiscint do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go bhfuil a gcuid piaraí go léir gafa le/go mbeidh siad gafa le hiompraíocht rioscúil, féadfaidh sin brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin.
- **Cur chuige teagascach** – Níl éifeacht le cuir chuige teagascacha nach dtugann ach teagasc agus treoir i bhfeidhmiú ceart an OSPS.

5.15. Príomhthátail agus Moltaí

- Aithníonn an grúpa oibre go bhfuil polasaithe frithbhulaíochta agus polasaithe ábhartha eile ar bun ag tromlach na scoileanna agus go ndéanann neart scoileanna athbhreithniú rialta ar na polasaithe seo chun iad a choinneáil suas chun dáta.
- Éilítear ar na scoileanna uile go dlíthiúil polasaí frithbhulaíochta a bheith acu.
- Aithníonn an grúpa oibre an obair dhearfach atá ar siúl i neart scoileanna agus measaimid nach féidir éiteas scoile a bheith, agus nár chóir a bheith, mar chosc ar:
 - scoil a chothú ina bhfuil aitheantas, ómós agus luach ar na féiniúlachtaí ar fad, lena n-áirítear iad siúd ag baill LADT ina bpobal scoile;
 - sholáthar cuimsitheach ar ábhair curaclaim ar nós OCG agus OSPS; agus
 - dul i ngleic leis an mbulaíocht homafóbach.
- Tá roinnt comhpháirteanna curaclaim agus cláir atá ábhartha go speisialta le cosc na bulaíochta agus le cothú an ómóis don éagsúlacht agus don chuimsitheacht, lena n-áirítear OSSP, OCG, OSPS agus Bí Sábháilte;
- Maidir leis an gCreat don tSraith Shóisearach, tá sé tábhachtach go n-aithneoidh príomhoidí agus boird bhainistíochta an tábhacht atá le leanúint de OSPS a sholáthar do na scoláirí uile, mar ábhar ann féin nó mar ghearrchúrsa.
- Moltar go dtabharfadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige treoir níos mionsonraí do scoileanna agus eile maidir le cad is "bulaíocht tromchúiseach" ann faoi Thús Áite do Leanaí agus cén uair ba chóir tarchuir a dhéanamh leis an FSS.

An bhfuil gá le tuilleadh reachtaíochta?

6. An bhfuil gá le tuilleadh reachtaíochta?

Agus machnamh á dhéanamh ag an ngrúpa oibre, d'ardaigh roinnt aighneachtaí, láithreoirí agus tráchtairí poiblí an cheist faoin ngá go mbeadh níos mó reachtaíochta ann in Éirinn chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.

Maidir le polasaithe frithbhulaíochta, mar a luadh cheana, is é tuairim an ghrúpa oibre go gcaithfidh gach scoil polasaí frithbhulaíochta a bheith ar bun, laistigh de chreat chód iompraíochta foriomlán na scoile, a áiríonn bearta ar leith chun déileáil le hiompraíocht bulaíochta. Tá bonn reachtúil leis an riachtanas seo mar thoradh ar Alt 23(3) den Acht Oideachais (Leas), cé go mb'fhéidir nach dtuigfidh gach scoil an riachtanas seo go hiomlán.

Is léir go bhfuil obair le déanamh ar threoirínte reatha ROS i leith na bulaíochta a nuashonrú, ag aibhsiú go bhfuil an riachtanas ann agus ag tacú le scoileanna polasaithe agus cleachtas éifeachtúil a fhorbairt agus a fheidhmiú.

6.1. Reachtaíocht i ndlínsí eile

Rinne neart tráchtairí tagairt don reachtaíocht sna Stáit Aontaithe le déanaí agus ghlaigh siad go mbeadh cur chuige dá leithéid in Éirinn. Tá machnamh déanta ag an ngrúpa oibre ar roinnt de na forálacha reachtaíochta i roinnt dlínsí

eile agus thabharfaidís rabhadh i gcoinne cuid de na cuir chuige a glacadh. Ach go háirithe, níl an grúpa oibre sásta gurb é an cur chuige dlíthiúil cuí ná méadú ar phionós coiriúil i gcoinne leanaí agus daoine óga.

Ba mhaith leis an ngrúpa oibre a aibhsiú freisin go bhfuil difríochtaí suntasacha in úsáid an téarma 'bulaíocht' sna Stáit Aontaithe i gcomparáid le hÉirinn. Baineann na téarmaí bulaíocht agus ciapadh sna Stáit Aontaithe go mór le tréithe atá cosanta ag an dlí feidearálach um chearta sibhialta a áiríonn ciapadh bunaithe ar "chine, dath, bunadh náisiúnta, gnéas nó míchumas".⁹² Mar sin féin, rinne roinnt Stáit leathnú ar an sainmhíniú ar an mbulaíocht ina bhforálacha frithbhulaíochta.⁹³

Tá imní ar an ngrúpa oibre freisin nach mbeidh cuid de na cuir chuige a glacadh i ndlínsí eile mar bhonn éifeachtúil ar chur chuige phobal scoile uile atá molta ag tromlach na bpáirtithe leasmhara, atá cosanta ag tátail ón iliomad tograí taighde. Mar shampla, tá cuid de na cuir chuige nach bpléann ach le bulaíocht a tharlaíonn ar láthair na scoile nó ag ócáidí a bhaineann leis an scoil, nó a bhaineann le húsáid threalamh na scoile.

⁹²<http://www2.ed.gov/about/offices/list/ocr/letters/colleague-201010.html>

⁹³<http://www2.ed.gov/policy/gen/guid/secletter/bullying.doc>

Bíodh sin mar atá, tá tionscnaimh ar nós achtú le déanaí ar an acht *Youth Bullying Prevention Act, 2012* i Washington D.C. gur fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu. Tá sainchúram níos leithne ag an reachtaíocht seo agus éilíonn sé ar ghníomhaireachtaí, ar fhorais oideachais agus eile a oibríonn le daoine óga polasaithe um chosc na bulaíochta a bhunú agus tá foráil ann gur féidir leo cláir coisc bulaíochta a bhunú. Tá soláthar sa reachtaíocht freisin do phróiseas achomharc chun líomhaintí tosaigh d'eachtraí bulaíochta a leanúint; cuirtear cosc ar dhíoltas i gcoinne íospartach, finné nó tuairisceoir ar bhulaíocht agus tugann imdhíonacht d'fhostaí, d'oibrí deonach nó d'ógánach a thugann tuairisc ar eachtra bulaíochta de mheon maith.

Ní dócha go mbeadh an reachtaíocht i ndlínsí eile foirfe do chomhthéacs na hÉireann; b'fhéidir, áfach, go bhfuil gnéithe de chuir chuige i ndlínsí eile a d'fhéadfadh oibriú anseo in Éirinn.

6.2. Cad eile is féidir a dhéanamh?

Bhí plé leathan ag an ngrúpa oibre maidir le cé acu an raibh gá le reachtaíocht nua, cén spriocanna a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht nua agus cé acu ar chóir go mbeadh reachtaíocht sainiúil don scoil. Tá an grúpa oibre tagtha don tuairim gur chóir, ag an am seo, go mbeifí ag díriú ar fheidhmiú a fháil

ar riachtanais reachtúla atá ann cheana ar fud an chórais murab ionann agus féachaint le reachtaíocht nua a thabhairt isteach.

Is é tuairim an ghrúpa oibre ná go gcaithfear an cheist faoi fhorálacha breise reachtaíochta a thabhairt isteach a mheas i gcomhthéacs foriomlán na reachtaíochta atá ann cheana, na hathbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar reachtaíocht áirithe, reachtaíocht éifeachtúil i ndlínsí eile agus i gcomhthéacs mholadh an ghrúpa oibre do chreatlach náisiúnta i leith na bulaíochta (ar a dtugtar cur síos sa chaibidil deiridh den tuairisc seo).

Maidir leis sin, mholfadh an grúpa oibre go láidir go gcuirfí i bhfeidhm na gníomhartha atá molta sa tuairisc seo chun tacú leis an gcóras scolaíochta an bhulaíochta i scoileanna a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil ar an gcéad dul síos.

Táimid ag moladh go mbunófaí grúpa feidhmithe chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na ngníomhartha atá molta agus d'fhéadfaí an tasc a thabhairt don ghrúpa seo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi inar cuireadh na bearta seo i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh ar an ngá le tuilleadh reachtaíochta sa chomhthéacs sin.

Mar a luadh cheana cuireann an grúpa oibre fáilte roimh an

athbhreithniú ar Alt 28 den Acht Oideachais 1998 maidir le gnásanna gearán agus molann sé go ndéanfaí machnamh ar na tátail agus na moltaí sa phlean gníomhaíochta seo mar chuid den athbhreithniú sin.

Cuireann an grúpa oibre fáilte freisin roimh thiomantas an Rialtais reachtaíocht a thabhairt isteach do pholasaithe cláraithe nua do na scoileanna uile, agus an tiomantas i gClár an Rialtais go leasófaí Alt 37 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Dá gcuirfí na hathruithe reachtaíochta seo ar fáil d'fhéadfaí tionchar dearfach suntasach a bheith ar chultúr phobal na scoile uile.

Aithníonn an grúpa oibre freisin an tionscnamh a rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine 1997 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí le breith i ndiaidh gur tuairiscíodh deacrachtaí ionchúisimh rathúla a dhéanamh ach go háirithe i gcomhthéacs na cibearbhulaíochta.

Mar chuid dá athbhreithniú, d'aithin an grúpa oibre roinnt meicníochtaí trínar féidir roinnt gearán a chur chun cinn i gcúinsí áirithe, lena n-áirítear:

- Is féidir leis an Ombudsman do Leanaí gearáin a fhiosrú a dhéanamh leanaí nó aosaigh. ní féidir leo líomhaintí bulaíochta féin a scrúdú agus is féidir leo

athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi inar dhéileáil an scoil leo siúd;

- Is féidir na Gardaí, lena n-áirítear Oifigigh Caidrimh Óige an Gharda, a chur ar an eolas faoi eachtraí scoil-bhunaithe agus eachtraí neamh-scoil-bhunaithe;
- Is féidir buarthaí faoi mhí-úsáid nó faillí ar leanaí a thuairisciú chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi threoirínte Tús Áite do Leanaí.
- Is féidir leis an mBinse Comhionannais gearáin a fhiosrú faoi cheann de na naoi bhforas. Ní mór do ghearánaithe a bheith os cionn 18 mbliana d'aois nó is féidir gearáin a mheas má dhéanann tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil ar dhaoine faoi bhun 18 iad;
- Is féidir leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta córais a mheas chun déileáil le gearáin bulaíochta a bhaineann leis an ionad oibre agus nuair is gá, cumhachtaí feidhmithe a úsáid;
- Beidh ról ag an gComhairle Mhúinteoireachta amach anseo i ngearáin a fhiosrú maidir le hoiriúnacht múinteoirí le teagasc agus maidir le caighdeáin iompraíochta.

Chuirfeadh an grúpa oibre fáilte roimh anailís dhomhain bhreise ar phróisis fiosruithe ar leith i ndlínsí eile a bheadh úsáideach mar theor d'fhorbairt ar fheabhsúcháin ar bith atá molta do chóras na hÉireann le gearáin a fhiosrú.

6.3. Príomhthátail agus Moltaí

- Tá an grúpa oibre tagtha don tuairim gur chóir, ag an am seo, go mbeifí ag díriú ar fheidhmiú a fháil ar riachtanais reachtúla atá ann cheana ar fud an chórais murab ionann agus féachaint le reachtaíocht nua a thabhairt isteach.
- Is é tuairim an ghrúpa oibre ná go gcaithfear an cheist faoi fhorálacha breise reachtaíochta a thabhairt isteach a mheas i gcomhthéacs foriomlán na reachtaíochta atá ann cheana, na hathbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar reachtaíocht áirithe, reachtaíocht éifeachtúil i ndlínsí eile agus i gcomhthéacs mholadh an ghrúpa oibre do chreat náisiúnta i leith na bulaíochta (ar a dtugtar cur síos sa chaibidil deiridh den tuairisc seo).
- Maidir leis sin, mholfadh an grúpa oibre go láidir go gcuirfí i bhfeidhm na gníomhartha atá molta sa tuairisc seo chun tacú leis an gcóras scolaíochta an bhulaíochta i scoileanna a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil ar an gcéad dul síos. Táimid ag moladh go mbunófaí grúpa feidhmithe chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na ngníomhartha atá molta agus d'fhéadfaí an tasc a thabhairt don ghrúpa seo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi inar cuireadh na bearta seo i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh ar an ngá le tuilleadh reachtaíochta sa chomhthéacs sin.
- Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh athbhreithniú ROS ar Alt 28 den Acht Oideachais 1998 maidir le gnásanna gearán agus molann sé go ndéanfaí machnamh ar na tátail agus na moltaí sa phlean gníomhaíochta seo mar chuid den athbhreithniú sin.
- Cuireann an grúpa oibre fáilte freisin roimh thiomantas an Rialtais reachtaíocht a thabhairt isteach do pholasaithe cláraithe nua do na scoileanna uile, agus an tiomantas i gClár an Rialtais go leasófaí Alt 37 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Dá gcuirfí na hathruithe reachtaíochta seo ar fáil d'fhéadfaí tionchar dearfach suntasach a bheith ar chultúr phobal na scoile uile.
- Aithníonn an grúpa oibre freisin an tionscnamh a rinne an tAire Dlí agus Cirt an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine 1997 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí le breith i ndiaidh gur tuairiscíodh deacrachtaí ionchúisimh rathúla a dhéanamh ach go háirithe i gcomhthéacs na cibearbhulaíochta.
- Chuirfeadh an grúpa oibre fáilte roimh anailís dhomhain bhreise ar phróisis fiosruithe ar leith i ndlínsí eile a bheadh úsáideach mar theor d'fhorbairt ar fheabhsúcháin ar bith atá molta do chóras na hÉireann le gearáin a fhiosrú.

Freagraí ar an mbulaíocht i
scoileanna

**"Ní mór seasamh leis an
teachtairacht nach bhfuil bulaíocht
inghlactha riamh, go bhfuil sé
mícheart, nach cuid gnách é d'fhás
aníos."**

7. Cuir Chuige Scoil-Bhunaithe

Tá an cumas ann don bhulaíocht cibé áit ina mbailíonn aosaigh, daoine óga agus leanáí le chéile. Mar sin, tá freagracht orainn uile oibriú chun an bhulaíocht a chosc ó tarlúint agus chun idirghabháil a dhéanamh go héifeachtúil nuair a tharlaíonn sé.

Tá cnuasach mór taighde ar fáil anois ar an gcaoi inar féidir le scoileanna dul i ngleic go héifeachtúil leis an mbulaíocht agus tá machnamh déanta ag an ngrúpa oibre ar roinnt de seo mar chuid dá obair. Tugtar cuid de na príomhcheisteanna agus na tátail anseo thíos.

7.1. Taighde ar chlár frithbhulaíochta scoil-bhunaithe

Baineadh triail as clár frithbhulaíochta éagsúla i scoileanna i neart tíortha agus léiríonn measúnuithe go raibh leibhéil éagsúla ratha ag clár i laghdú leibhéil na bulaíochta i scoileanna. De ghnáth áiríonn clár gnéithe coisc agus idirghabhála araon, agus réimse de chomhpháirteanna agus teicnící. mar sin féin, tá an-éagsúlacht sna tuairimí atá ann faoi leibhéal na héifeachtúlachta agus na cúinsí don éifeacht.

Is é an tuairim a baineadh as roinnt athbhreithniú (Ferguson et al., 2007⁹⁴;

⁹⁴Ferguson, C. et al (2007) "The effectiveness of school-based anti-bullying programme: A meta analytic review". *Criminal Justice Review*, Vol. 32, No. 4, December 2007 p. 401-414.

Merrell et al., 2008⁹⁵) ná gur bheag an tionchar a bhí ag clár frithbhulaíochta ar bhulaíocht scoile. Cuireann daoine eile ina choinne seo, lena n-áirítear tuairisc Farrington agus Ttofi 2009⁹⁶. Sa tuairisc seo, chomh maith le hathbhreithnithe córasacha eile le déanaí agus meta-anailísí ar chlár scoil-bhunaithe, fuarthas nach dtugann neart tuairiscí ar mheastóireacht go leor sonraí chun éifeachtúlacht a ríomh i gceart.

Bhain tuairisc Farrington Ttofi amach an tuairim, as 89 tuairisc ar a rinneadh athbhreithniú níor thug ach 44 díobh go leor sonraí a chuir méid éifeachta san áireamh. Díobh sin a d'fhéadfaí a athbhreithniú thángthas ar an tuairim gur laghdaigh bulaíocht faoi 20-23% agus gur laghdaigh íospartacht faoi 17-20%. Mar sin féin, léiríonn an taighde go bhfuil gaol díreach idir déine agus fad na gclár agus a gcuid éifeachtúlachta⁹⁷.

Sa bhliain 2011 d'eisigh Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Sualainne tuairisc ar mheastóireacht ar ocht gclár frithbhulaíochta a úsáideadh go forleathan i scoileanna na

⁹⁵ Merrell, K. et al (2008) "How Effective Are School Bullying Intervention Programs? A Meta-Analysis of Intervention Research". *School Psychology Quarterly*, vol. 23, 1, p. 26-42.

⁹⁶Farrington, D. & M. Ttofi, (2009) School-Based Programs to Reduce Bullying and Victimization. *Campbell Systematic Reviews* Vol. 6

⁹⁷Farrington, D. & M. Ttofi, (2009) School-Based Programs to Reduce Bullying and Victimization. *Campbell Systematic Reviews*, vol. 6. p. 66.

Sualainne⁹⁸. D'aimsigh an tuairisc nach raibh aon scoil nár úsáid ach aon chlár amháin ach gur úsáid siad ar fad comhpháirteanna ó chláir éagsúla. Mar thoradh mheas sé "nach féidir aon chlár amháin ar leith a mholadh ina iomláine do scoileanna éigeantacha sa tSualainn" agus gur chóir go mbeadh "bearta chun dul i gcomhrac le hiompraíocht mhaslach agus bulaíocht a bheith bunaithe ar chúinsí na scoile féin"⁹⁹. Léiriú is ea na tátail seo ar threocht leathan sa taighde a dhíríonn ar chomhpháirteanna éifeachtúla i gcláir frithbhulaíocht murab ionann agus ar chláir iomlána.

Léiríonn meastóireacht na Sualainne go bhfuil difir idir bhearta a laghdaíonn bulaíocht ar chailíní agus iad siúd a laghdaíonn bulaíocht ar bhuachaillí.

Ina theannta sin, ina chur i láthair don ghrúpa oibre, d'áitigh an Dr. Stephen Minton nach leor an cur chuige um bhainistiú iompraíochta/ardú feasachta, atá i réim i ndearadh, straitéisí agus acmhainní a úsáidtear i gcláir frithbhulaíochta scoile uile go dtí seo, chun aghaidh a thabhairt ar na claontachtaí atá mar bhonn ag, ar a laghad, roinnt iompraíochtaí bulaíochta.

⁹⁸Flygare, E. *et al*(2011) Report 353: Evaluation of Anti-bullying Methods. Stockholm: Skolverket (Swedish National Agency for Education).

⁹⁹Flygare, E. *et al*(2011) Report 353: Evaluation of Anti-bullying Methods. Stockholm: Skolverket (Swedish National Agency for Education). p. 26 and 27.

D'aimsigh an grúpa oibre go bhfanann roinnt gnéithe de roinnt cláir conspóideach: mar shampla, cur chuige chun réiteach coimhlinte is ea piar-idirghabháil a cumadh chun scoláirí a dhéanamh páirteach i bpróiseas na síochána.

Áitíonn tacadóirí an chur chuige go dtuigeann piar-idirghabhálaithe a bpiaraí níos mó ná mar a thuigeann aosaigh, go gcuireann an próiseas an smacht i lámha na scoláirí féin, go leagann idirghabháil béim ar fhreagracht phearsanta murab ionann agus ar chuntasacht sheachtrach agus go bhforbraíonn sé scileanna sóisialta dóibh siúd uile atá páirteach.

Áitíonn an argóint ina choinne, cé gur féidir le piar-rannpháirtíocht a bheith úsáideach i *suíomhanna coimhlinte*, ní hamháin gur cur chuige neamhéifeachtúil é an phiar-idirghabháil i leith na bulaíochta, ach freisin is féidir léi a bheith ina chúis le méadú san íospartacht. D'aimsigh na hOllúna Farrington agus Ttofi go raibh "obair le piaraí bainteach le hardú san íospartacht".¹⁰⁰ Luann na daoine a thacaíonn leis an tuairim seo an éagothromaíocht cumhachta atá ann ó bhunús sa bhulaíocht a thógann an comhthéacs níos faide ná suíomh um réiteach coimhlinte, agus a

¹⁰⁰ Farrington and Ttofi 2009 School-Based Programs to Reduce Bullying and Victimization David P. Farrington, Maria M. Ttofi Campbell Systematic Reviews 2009:6

dhéanann deacair é don ionsaitheoir aghaidh a thabhairt ar an duine atá thíos leis an mbulaíocht. De ghnáth ní bhíonn scoláirí ar a ndéantar bulaíocht go maith ag tacú leo féin. Áitítear freisin nach bhfuil dóthain aibíochta intleachtúla agus mothúcháin ag na scoláirí le hidirghabháil a dhéanamh i gcastacht na suíomhanna bulaíochta.

D'aimsigh Meastóireacht na Sualainne 2011,¹⁰¹ go "**méadaíonn bulaíocht ar bhuaachaillí leis an mbeart *daltaí mar imreoirí*, .i. daltaí ainmnithe go speisialta a bhfuil oiliúint faighte acu agus a fheidhmíonn mar bhreathnóirí nó *rappoteurs*, ar nós tacaí piara. Tá ról le himirt ag na daltaí seo in obair choisc mar shúile agus cluasa na foirne. ... Ar nós daltaí a fheidhmíonn mar idirghabhálaithe, deir tacaí piara go mothaíonn siad go bhfuil an tasc deacair, go bhfuil ualach na freagrachta orthu, agus uaireanta go mbíonn siad thíos mar íospartaigh ag daltaí eile mar thoradh ar a ról". Ansin luann sé éifeachtúlacht rannpháirtíocht scoláirí i mbearta coisc ach ní i ndéileáil le heachtraí bulaíochta féin.**

Mar an gcéanna, tá easpa comhaontaithe maidir le cuir chuige ar nós Ceartas Aisiríoch, Gan Locht agus Grúptheiripe, le lucht tacaíochta agus criticí acu siúd freisin.

¹⁰¹Flygare, E. *et al*(2011) Report 353: Evaluation of Anti-bullying Methods. Stockholm: Skolverket (Swedish National Agency for Education).P. 18.

Is léir go bhfuil fadhb na bulaíochta casta agus nach n-oibríonn aon idirghabháil amháin i ngach suíomh.

Leanann an taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta ag forbairt sa réimse seo agus leantar den athbhreithniú ar an dul chun cinn agus éifeachtúlacht na gcur chuige ar leith.

7.2. Gnéithe croílár de chur chuige scoil-bhunaithe chun dul i ngleic leis an mbulaíocht

Ag tógáil san áireamh an taighde ar fad a athbhreithníodh agus na haighneachtaí agus léirithe a fuarthas, níl clár frithbhulaíochta ar leith á mholadh ag an ngrúpa oibre ach, mar sin féin, ba mhaith linn na prionsabail croílár seo a leanas a aibhsiú a cheapaimid ba chóir a bheith mar bhonn le cur chuige na scoileanna chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Is iad:

- Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach;
- Cur chuige scoile uile;
- Ceannasaíocht Éifeachtúil;
- Tuiscint chomhroinnte ar cad is bulaíocht ann agus ar a tionchar;
- Polasaithe frithbhulaíochta;
- Taifeadadh comhsheasmhach ar iompraíocht bulaíochta a thuairiscítear;
- Oideachas agus Oiliúint;
- Straitéisí coisc lena n-áirítear ardú feasachta;
- Straitéisí idirghabhála bunaithe atá fianaisebhunaithe.

Déantar achoimre ar na prionsabail seo sna rannóga seo a leanas.

7.2.1. Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach

Bunchloch i gcosc na bulaíochta is ea cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach a chuireann fáilte roimh éagsúlacht agus ilchineálacht, agus atá bunaithe ar chuimsitheacht. Is nithe bunúsacha anseo iad caidrimh ómósacha ar fud an phobail scoile (lena n-áirítear lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, foireann neamh-teagaisc, bainistíocht na scoile, tuismitheoirí agus na cuairteoirí uile ar an scoil). Cuimsíonn sé seo caidrimh lena bpiaraí (m.sh. scoláire le scoláirí, múinteoir le múinteoir) agus caidrimh idir ghrúpaí (m.sh. múinteoirí agus scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí srl). Sa chomhthéacs seo, cuirtear fáilte an-mhór roimh na leasuithe agus tionscnaimh reachtaíochta a luadh sa rannóg roimhe seo, a bhaineann le ceisteanna clárúcháin agus fostaíochta.

Mhol neart de na haighneachtaí a scrúdaigh an grúpa oibre freisin go gcothófaí cultúr agus timpeallacht scoile a spreagann leanaí agus daoine óga le heachtraí d'iompraíocht bulaíochta a nochtadh agus a phlé. Bhí leisce leanaí agus daoine óga le heachtraí d'iompraíocht bulaíochta a nochtadh mar ghné láidir in aighneachtaí, sa taighde agus sa chomhairliúchán le daoine óga.

Molann an grúpa oibre ach go háirithe go ndéanfadh scoileanna dialóg oscailte a chothú agus a láidriú idir an fhoireann scoile agus scoláirí uile. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann siad deiseanna cuí ar fáil do scoláirí a mbuarthaí a nochtadh i dtimpeallacht atá compordach don scoláire. Áiríonn sé seo rudaí a tharlaíonn lasmuigh den scoil, lena n-áirítear cibearbhulaíocht. D'fhonn é seo a bhaint amach, b'fhéidir go mbeidh ar scoileanna a mheas cad é an bealach is fearr le haghaidh a thabhairt ar thopaicí atá cumhdaithe ag claontacht agus ciúnas, ar nós na bulaíochta homafóbaí.

Maidir leis an mbulaíocht homafóbach, is féidir dialóg oscailte a éascú trí iarrachtaí a dhéanamh timpeallacht scoile chuimsitheach a chruthú, mar shampla trí phóstaeir LADT a chur san áireamh ar chlár fógraí, cainteanna le tuismitheoirí faoi ráitis ar leith fáilte agus ómóis do bhaill LADT de phobal na scoile, an acmhainn nua OSPS, *Ag Fás Aníos mar LADT*, a theagasc agus páirt a ghlacadh sa tSeachtain i gCoinne na Bulaíochta Homafóbaí a eagraíonn BeLonG To (*Stand Up Awareness Week*).

Dá mhéid a bhíonn scoil oscailte chun an bhulaíocht a phlé, dá shoiléire a bhíonn polasaí na scoile, is ea is dóichí go ndéanfaidh féachadóirí

idirghabháil má fheiceann siad bulaíocht. An rud is tábhachtaí - ní mór do scoláirí a fhios a bheith acu gur "**scoil insinte**" atá ann. Ní mór go mbeadh a fhios ag daoine óga nuair a "**labhraíonn siad amach**" agus eachtraí bulaíochta a thuirisciú, go ndéanfar gníomh cuí.

Ina theannta sin, má bhíonn feidhmiú éifeachtúil ann ar an gcuraclam OSPS ar bhealach scoile uile, cuidítear agus tacaítear le timpeallacht dhearfach scoile uile a chothú.

Sa pháipéar a foilsíodh le déanaí, bhain Sercombe agus Donnelly de thoradh as "**gcaithfidh eagrais agus forais freagracht a ghlacadh as forbairt agus cothabháil ar a gcultúr inmheánacha chun neamh-fhoréigean a chothú. Áiríonn sé seo na cleachtais ceannais atá ag daoine sinsearacha laistigh den eagrais, agus an chaoi ina n-idirghníomhaíonn aosaigh mar chúramóirí nó mar oideoirí le leanaí agus le daoine óga. Ní mór seasamh leis an teachtaireacht nach bhfuil bulaíocht inghlactha riamh, go bhfuil sé mícheart, nach cuid gnách é d'fhás aníos.**"¹⁰²

7.2.2. Cur chuige scoile uile

In an-chuid de na haighneachtaí a scrúdaigh an grúpa oibre leagadh béim ar an tábhacht atá le cur

¹⁰²Howard Sercombe and Brian Donnelly, Bullying and agency: definition, intervention and ethics, page 10, Journal of Youth Studies, 2012, 1-12, iFirst article.

chuige phobal scoile uile a thugann freagra seasta agus a áiríonn pobal uile na scoile.

Tá an téarma 'ar fud na scoile' (*school-wide*) glactha ag an ngrúpa oibre mar thoradh ar aighneacht ó Chomhchoiste na mBainisteoirí (JMB). Mar a mhínigh JMB tá brí tagtha ar an téarma 'scoile uile' (*whole school*) a chiallaíonn 'bainistíocht móide múinteoirí' agus baineann sé le ceisteanna comhlíonta i réimsí curaclaim agus polasaí.

Mar a deir JMB "**Maireann scoil mar phobal laistigh de phobal, le teorainneacha scagacha agus le domhan-beatha a shíníonn i bhfad amach óna ballaí i dtéarmaí for-rochtana agus in-rochtana. Cuimsíonn "*ar fud na scoile*" éiceolaíocht iomlán na bpobal seo agus is oiriúnaí mar smaoineamh é, toisc nach mbeidh ach tionchar teoranta agus sealadach ag tionscnaimh nach ndíríonn ach ar cheannairí, múinteoirí agus daltaí**".¹⁰³

Aibhsíodh i gcuid de na cainteanna ar an ábhar seo gur minic a bhíonn faitíos ar an bhfoireann ceist na bulaíochta a ardú le tuismitheoirí ar eagla go mbeadh freagairt diúltach ó tuismitheoirí agus go mb'fhéidir go gcuirí an locht ar an scoil as an iompraíocht bulaíochta a bheith ann. Ní mór do tuismitheoirí a aithint gur forbairt dearfach í scoil a bheith ag

¹⁰³Joint Managerial Body. Submission to DES Working Group, June 2012. p. 2.

labhairt go hoscailte faoin mbulaíocht agus go gcaithfidh siad obair lena scoil lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach ar fud na scoile i leith dul i ngleic leis an bhfadhb.

7.2.3. Ceannasaíocht Éifeachtúil

Ina aighneacht don ghrúpa oibre, d'aibhsigh an Dr. James O'Higgins Norman an gá le ceannasaíocht éifeachtúil agus bainistiú an athraithe.

Aibhsíonn sé an ról atá acu siúd ar fad a bhfuil ról ceannasaíochta acu laistigh de phobal na scoile agus san earnáil oideachais níos leithne: "Cé go bhfuil ról an bhoird bhainistíochta agus an phríomhoide an-tábhachtach maidir le cur chuige scoile-uile a bheochan, ba chóir dtuigfí le ceannasaíocht freisin go gcuimsítear cion na Roinne Oideachais agus Scileanna, chomh maith le príomhoidí tánaisteacha, teagascóirí ranga, cinn bhliana, séiplínigh, treoirchomhairleoirí, ceannairí ábhair, coistí tuismitheoirí, agus fiú cinnirí agus scoláirí sinsearach eile. Go bunúsach, tá sé de fhreagracht orthu siúd ar fad a aithnítear mar cheannairí laistigh de phobal na scoile a chinntiú go nglactar bearta phraiticiúla chun an dúshlán a thabhairt don bhulaíocht agus freagairt dó. Is féidir le príomhoidí agus ceannairí eile sa scoil é seo a dhéanamh trí dhianiaracht a dhéanamh éiteas a chur ar bun sa scoil nach nglactar leis an mbulaíocht ann. Tá sé rithábhachtach freisin go

spregfaidh ceannairí scoile an fhoireann agus na scoláirí araon le bheith páirteach chun fíis a fhorbairt agus a fheidhmiú de scoil ina nglactar agus ina gceiliúrtar éagsúlacht".¹⁰⁴

Sa chur i láthair a rinne sí don ghrúpa rinne Sue Morris King (HMI Ofsted) tagairt don suirbhé Ofsted 2012 "No place for bullying" inar thug an chigireacht cuairt ar 65 scoil sa Ríocht Aontaithe. Bhí ceannasaíocht láidir, a thacaigh le cultúr agus timpeallacht scoile a cheiliúraigh an éagsúlacht, go soiléir sna scoileanna le cleachtas éifeachtúil.

7.2.4. Tuiscint chomhroinnte ar cad is bulaíocht ann agus ar a tionchar

Mar a deir Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire ina n-aighneacht chuig an grúpa oibre, "Ba shuntasach an fhorbairt í dá mbeadh tuiscint chomónta agus chomhroinnte ann ar cad is bulaíocht ann ar fud an chórais oideachais."

Tá gá le sainmhíniú soiléir ar an mbulaíocht a thuigtear go forleathan a dhéanann difir idir na cineálacha agus modhanna éagsúla bulaíochta lena n-áirítear eisiamh lántoiliúil, cúlchaint mhaíliseach agus foirmeacha eile de bhulaíocht chaidreamhach; bulaíocht ghnéasach; bulaíocht fhéiniúlacht-bhunaithe (lena n-áirítear ach go

¹⁰⁴ Dr. James O'Higgins Norman, submission to DES: Tackling Bullying and Discrimination: A Whole School Approach, page 5.

háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach, bulaíocht chiníoch, i gcoinne bhaill an Lucht Siúil agus bulaíocht orthu siúd faoi míchumais nó le riachtanais speisialta oideachais); agus cibearbhulaíocht.

Céim chriticiúil chun bonn a chur le cur chuige éifeachtúil ar fud na scoile is ea tuiscint chomhroinnte ar fud na scoile ar cad is agus cad nach bulaíocht ann. Ba chóir leanaí agus daoine óga a spreagadh chun plé a dhéanamh ar na difríochtaí idir formhagadh i measc scoláirí agus idirghníomhartha a d'fhéadfadh gortú nó bagairt.

Ba chóir go dtuigfeadh pobal na scoile tionchar na bulaíochta go soiléir freisin. Aibhsíonn tuairisc comhairliúcháin an Ombudsman do Leanáí 2012 an tuairim atá ag leanáí agus daoine óga "gur féidir le scoileanna tacú le scoláirí a thuiscint cén fáth go bhfuil an polasaí agus meas air chomh tábhachtach sin trí aibhsiú le scéalta agus samplaí atá fíor an gortú agus an dochar is féidir a bheith ann mar thoradh ar an mbulaíocht".¹⁰⁵

7.2.5. Polasaithe frith-bhulaíochta

Is léir gur chóir do scoileanna, chomh maith le heagrais eile a oibríonn le leanáí agus le daoine óga, polasaí frithbhulaíochta a fhorbairt agus a

chur i bhfeidhm. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpolasaí ar bhonn rialta agus go mbeadh sé mar chreat creat do straitéisí, gnásanna agus cleachtais na scoile chun an bhulaíocht a chosc agus chun déileáil le hiompraíocht bulaíochta.

Ba chóir go dtabharfadh an polasaí léiriú ar na céimeanna a ghlacfar agus cé a ghlacfaidh iad nuair a tharlaíonn bulaíocht, lena n-áirítear eolas faoin gcaoi ina thacófar le scoláirí labhairt amach má tá bulaíocht á dhéanamh orthu, má fheiceann siad bulaíocht nó má tá bulaíocht á imirt acu, agus cé leis/léi is féidir leo labhairt.

Ba chóir go mbeadh polasaithe frithbhulaíochta mar chuid de Chód Iompraíochta na scoile agus iad nasctha le polasaithe eile gaolta leo (m.sh. Polasaí um Úsáid Inghlactha TFC), sa chaoi is go bhfeicfear bulaíocht mar chontanam iompraíochta murab ionann agus rud scartha. Ba chóir go mbeadh an polasaí frithbhulaíochta profaithe maidir le córais, struchtúir agus cleachtas na scoile agus ba chóir go ndéanfadh an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta é seo a mhaoirsiú.

Molann an grúpa oibre gur chóir go mbeadh plean feidhmithe ceangailte le gach polasaí a thugann le fios go soiléir cé mar a aistrefar an polasaí go cleachtas.

Sa chur i láthair a rinne sí don ghrúpa threisigh an An tOllamh Mona O

¹⁰⁵Ombudsman for Children (2012) Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people. Dublin: Ombudsman for Children's Office. p.17

Moore (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) an tábhacht go bhforbródh gach scoile polasaí scoile uile ar an mbulaíocht laistigh de chreat chód foriomlán na scoile um iompraíocht agus araíonacht, agus bheadh tuismitheoirí agus múinteoirí araon páirteach i bhforbairt an pholasaí seo. Mheas an tOllamh O Moore gur chóir don pholasaí seo na nithe seo a áireamh:

- sainmhíniú soiléir ar an mbulaíocht agus ar na foirmeacha atá aige;
- ráiteas gur iompraíocht neamh-inghlactha an bhulaíocht agus nach nglacfar leis;
- gur chóir do dhaltaí tacú lena chéile trí eachtraí uile na bulaíochta a thuairisciú;
- go ndéanfar gach tuairisc ar bhulaíocht a fhiosrú agus go ndéileálfar leo go báúil;
- ráiteas soiléir ar an gcaoi ina láimhseálfaidh an scoil cás líomhainte bulaíochta.

Leag Cigireacht na Roinne, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (SFGM) béim ar na nithe thuasluaite freisin ina léirithe don ghrúpa.

Tá fianaise ann a thugann le tuiscint go mb'fhéidir go bhfuil neart tuismitheoirí nach bhfuil ar an eolas faoi pholasaithe frithbhulaíochta scoileanna. I suirbhé a rinneadh le déanaí ag Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse dúirt 136

(14.7%) de na freagróirí nach raibh a fhios acu cé acu an raibh polasaí frithbhulaíochta ag a scoil nó nach raibh; dúirt 227 freagróir (30%) nach raibh an polasaí frithbhulaíochta feicthe acu agus bhí breis agus leath de na freagróirí nach raibh a fhios acu cé acu an raibh tuismitheoirí páirteach i gcumadh pholasaí frithbhulaíochta na scoile nó nach raibh.¹⁰⁶

Ba chóir go dtabharfaí deiseanna lánbhí do leanaí agus daoine óga freisin páirt a ghlacadh i bhforbairt pholasaithe frithbhulaíochta a scoile.

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil scoláirí, tuismitheoirí/aosaigh i saol leanaí agus foireann scoile ag gach leibhéal ar an eolas faoi pholasaí na scoile, cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha i dtimpeallacht na scoile agus cad iad na gníomhartha a chuirfear i gcrích má mheastar nach bhfuil iompraíocht inghlactha.

7.2.6. Taifeadadh comhsheasmhach ar iompraíocht bulaíochta a thuairiscítear

D'aibhsigh staidéar Ofsted gur áirigh cleachtas éifeachtúil i scoileanna taifeadadh comhsheasmhach ar thuairiscí uile ar an mbulaíocht agus anailís ar na sonraí chun treochtaí agus pátrúin a lorg d'fhonn gníomhartha sa todhchaí a phleanáil.

¹⁰⁶National Parents Council Primary. Submission to DES Working Group. July 2012.

Molann an grúpa oibre go ndéanfadh scoileanna taifeadadh ar gach eachtra d'iompraíocht bulaíochta a thuairiscítear, lena n-áirítear tuairiscí anaithnid ar an mbulaíocht.

D'aimsigh an staidéar Sualannach le déanaí "go laghdaíonn doiciméadú ar chásanna bulaíochta ar dhaoine a bhí thíos leis thar thréimhsí gearra nó fada. I scoileanna ina ndéantar doiciméadú ag teacht le gnásanna bunaithe, laghdaíodh bulaíocht ar an ngrúpa seo faoi 30 faoin gcéad i gcomparáid le scoileanna áit nach raibh gnásanna nó nár leanadh iad. Laghdaíonn doiciméadú ar chásanna an bhulaíochta, ach go háirithe bulaíocht fhisiciúil ar bhuaichillí".¹⁰⁷

7.2.7. Oideachas agus Oiliúint

D'aibhsigh neart aighneachtaí an gá le hoideachas agus oiliúint chuí d'fhoireann uile na scoile, an bhainistíocht agus an pobal scoile níos leithne.

Ina n-aighneacht, aibhsíonn Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire gurb é "atá de dhíth ar scoileanna ná treoir níos mó agus saineolach ar an gcaoi le cuir chuige baile-scoile-pobail a chur i bhfeidhm i leith na bulaíochta bunaithe ar thuiscintí comónta ar cad is bulaíocht ann."

¹⁰⁷Flygare, E. *et al*(2011) Report 353: Evaluation of Anti-bullying Methods. Stockholm: Skolverket (Swedish National Agency for Education). p. 150

Arís, d'aimsigh staidéar Ofsted sna scoileanna ab' fhearr "go raibh próifíl ard ar oiliúint don fhoireann agus pleanáladh go cúramach é, bhí sé rialta agus bhí sé ábhartha. Bhí an fhoireann an-eolach faoi fhoirmeacha éagsúla na bulaíochta agus bhí siad muiníneach faoin gcaoi le dul i ngleic le foirmeacha éagsúla bulaíochta".¹⁰⁸ Is é tuairim an ghrúpa oibre gur chóir go n-áireodh oideachas agus oiliúint cleachtaí chun cur ar chumas na foirne a ndearcthaí féin a mheas maidir le grúpaí mionlaigh agus éagsúlacht chultúrtha.

D'aimsigh an staidéar Sualannach a luadh cheana "go laghdaíonn oiliúint foirne bulaíochta ar dhaoine aonair thar tréimhsí gearra nó fada ... I scoileanna ina bhfuair tromlach na foirne oiliúint faoin mbulaíocht nó iompraíocht mhaslach, laghdaíodh baol na bulaíochta faoi 25 faoin gcéad i gcomparáid le scoileanna áit nach bhfuair an fhoireann oiliúint nó nach bhfuair ach roinnt den fhoireann oiliúint. Tá éagsúlacht sa phátrún do chailíní agus do bhuaichillí. Laghdaíonn oiliúint foirne an bhulaíochta fhisiciúil ar chailíní agus ar bhuaichillí ar a rinneadh bulaíocht shóisialta do thréimhsí gearra nó fada".¹⁰⁹

¹⁰⁸Office for Standards in Education, Children's Services and Skills (Ofsted) UK.Presentation to DES Working Group. September 2012

¹⁰⁹Flygare, E. *et al*(2011) Report 353: Evaluation of Anti-bullying Methods. Stockholm: Skolverket (Swedish National Agency for Education). Page 150

I roinnt aighneachtaí a scrúdaigh an grúpa oibre, ardaíodh an gá le bulaíocht, agus bainistíocht iompraíochta i gcoitinne, a phlé san oideachas múinteoirí tosaigh. San aighneacht a rinne siad, aibhsíonn Coláiste Mhuire Gan Smál taighde a rinne Norman agus Galvin a thugann le tuiscint "gur féidir oiliúint réamhsheirbhíse a chur ar mhúinteoirí sa chaoi is gur féidir leo éirí muiníneach i gcláir oideachais a sholáthar dírithe ar ghlacadh na héagsúlachta gnéasaí (agus foirmeacha éagsúlachta eile) a chothú i measc scoláirí"¹¹⁰.

Ba chóir go mbeadh an oiliúint oiriúnach do ról an duine aonair agus go gcuirfeadh sé ar chumas na rannpháirtithe foirmeacha uile na bulaíochta a aithint; straitéisí éifeachtúla a fheidhmiú chun bulaíocht a chosc agus, mar is cuí, idirghabháil go héifeachtúil i gcásanna bulaíochta. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil múinteoirí sealadach agus ionadaithe ar an eolas faoi, agus go dtuigfidís, Cód Iompraíochta agus polasáí frithbhulaíochta na scoile.

7.2.8. Straitéisí coisc lena n-áirítear ardú feasachta

Áiríonn cleachtas éifeachtúil bearta um chosc agus um ardú feasachta ar

¹¹⁰ Norman, J., Galvin, M., McNamara, G. (2006). **Straight Talk: Researching Gay and Lesbian Issues in the School Curriculum** (Dublin: Centre for Evaluation in Education).

ghnéithe uile na bulaíochta agus straitéisí chun scoláirí a bheith páirteach in aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna nuair a fheiceann siad iad. Ach go háirithe, aibhsíodh an gá le comhbhá, ómós agus athléimneacht a thógáil i leanaí sa taighde agus sna haighneachtaí.

Maidir le tionscnaimh agus cláir atá dírithe ar fheasacht agus tuiscint na scoláirí ar an mbulaíocht a fhorbairt, lena n-áirítear na cúiseanna agus na torthaí atá air, ba chóir dóibh plé go díreach le fadhb na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe.

Luaigh an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse ina haighneacht "go bhfuil sé i bhfad níos deacra d'iompraíocht bulaíochta a bheith ann, i dtimpeallacht ina dtugtar cumhacht do na leanaí uile agus ina bhfuil feasacht mhaith i measc phobal uile na scoile faoi cad is bulaíocht ann agus cad le déanamh faoi má tharlaíonn sé. Ní mór leanaí a chumhachtú chun suíomh pearsanta a bhainistiú nó chun suíomh a bhraith agus gníomhú air má tá siad mar fhinné air. Tá sé tábhachtach freisin go bhforbraítear athléimneacht leanaí sa chaoi is gur féidir leo suíomhanna a théann i gcion orthu a bhainistiú".

D'aimsigh staidéar Ofsted, maidir leis na scoileanna ab' fhearr "gur theagasc siad straitéisí go córasach le daltaí chun a gcaidrimh féin le

daoine eile a bhainistiú agus le coimhlintí a réiteach".¹¹¹

Mar a luadh cheana, tá spás laistigh den churaclam le dearcadh ómóis do chách a chothú; luach ar an éagsúlacht a chothú; dul i ngleic le claontacht agus steiréitíopáil; agus lena aibhsiú nach bhfuil iompraíocht bulaíochta inghlactha.

Cuireann Bí Sábháilte, OSPS, CPSE agus OCG ach go háirithe deiseanna ar fáil chun féinmheas agus athléimneacht a thógáil d'fhonn cuidiú le leanaí agus daoine óga déileáil níos éifeachtúla le bulaíocht.

Bíodh sin mar atá, tá ról le himirt ag na múinteoirí uile le *féin-choincheap dearfach* a chothú i scoláirí. Is féidir é seo a bhaint amach trí na ithe seo a dhéanamh, mar shampla: luach saothair ar iarracht chomh maith le rath, moladh a úsáid ar bhealach bríoch; freagracht a bhronnadh; tuairimí a lorg; cúnamh a lorg; cumarsáid a sheachaint atá criticiúil, maslach nó a dhéanann beag is fiú de dhuine.

Tá ról tábhachtach ag straitéisí teagaisc freisin. Mar shampla, is féidir le stíl teagaisc a bhaineann úsáid as struchtúir fhoghlama chomhoibríocha cuidiú le chun leibhéal a ardú ar ghlacadh agus ar ómós do scoláirí eile.

¹¹¹Office for Standards in Education, Children's Services and Skills (Ofsted) UK. Presentation to DES Working Group. September 2012

Nuair is féidir, féadfaidh Teagasc Foirne súile na scoláirí a oscailt freisin chun glacadh le níos mó ná tuairim amháin agus chun gníomhú níos comhoibrí le daoine eile. Feidhmíonn an comhoibriú a fheiceann na scoláirí idir na múinteoirí foirne mar mhúnla do scileanna agus dearcthaí oibre foirne a theagasc do scoláirí.

Tugtar luach áirithe freisin i staidéir do chomhshnaidhmeadh Straitéisí Tacaíochta Piara lena n-áirítear: Páirtíocht; Ciorcal Cairde; Piar-idirghabháil agus Réiteach Coimhlinte; Piar-Mheantóireacht; agus Cibearmheantóirí.

I measc na ngníomhaíochtaí éifeachtúla eile do leanaí agus daoine óga ar scoil tá: plé ar an mbulaíocht, seachtainí cairdis, laethanta/seachtainí frithbhulaíochta, tionóil scoile dírithe ar cheisteanna frithbhulaíochta, boscaí imní, gníomhaíochtaí drámaíochta, gníomhaíochtaí scríofa, cluichí comhoibríocha, am an chiorcail, cairde sa chlós, físeanna a dhéanamh agus gníomhaíochtaí eile bunaithe ar na meáin agus ar TFC.

Bhí an grúpa oibre tógtha leis an bhfeachtas frithbhulaíochta le déanaí "*Let's kick it out*" a thosaigh scoláirí i Meánscoil Chaisleán Dhroimeanaigh i mBaile Átha Cliath. Fianaise is ea an gníomh seo, arna thacú ag pobal na scoile, ar an gcumas ollmhór do dhaoine óga a bheith páirteach go díreach i bhfeachtas a ardú i measc

a bpiaraí agus i gcuidiú le cosc a chur ar an mbulaíocht ó tharlú.

Ní mór na bearta um chosc agus ardú feasachta a bheith oiriúnach do chineál agus foirm na buláíochta agus a chur san áireamh aois agus inscne na leanaí agus na ndaoine atá i gceist.

B'fhéidir go mbeidh tacáí breise de dhíth do leanaí i mbaol ar nó leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Maidir le roinnt leanaí le riachtanais speisialta oideachais, bíonn teagasc agus / nó noda an-chúramach agus an-oscailte de dhíth orthu.

Nuair a bhuaíl Mary Grogan, Eagraí Sinsearach um Riachtanais Speisialta sa CNOS le baill den ghrúpa oibre, d'aibhsigh sí an gá le pleanáil idirlinne éifeachtúil (m.sh. nuair a bhogann leanbh ón mbunscoil go dtí an dara leibhéal). D'aibhsigh Mary an ról is féidir a bheith ag 'siblínigh saineolacha' sa phleanáil idirlinne do leanaí agus daoine óga faoi mhíchumais nó le riachtanais speisialta oideachais.

Ina theannta sin, is dea-chleachtas é do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais múinteoir amháin a bheith ainmnithe a bhfuil a fhios acu dul chucu má tá deacracht acu.

Ar an iomlán, tá sé tábhachtach a threisiú go bhfuil gá le feidhmiú leanúnach ar straitéisí coisc agus ar ardú feasachta i scoileanna. Ní oibreoidh gníomhartha aon-uaire. Ba

chóir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar straitéisí coisc agus ar bhearta um ardú feasachta na scoile chun a mheas an bhfuil siad fós éifeachtúil.

7.2.9. Straitéisí idirghabhála bunaithe atá fianaisebhunaithe

Mar chuid de phlean foriomlán na scoile, ní mór go mbeadh straitéisí idirghabhála dea-bhunaithe ann a úsáidtear go comhsheasmhach ar fud na scoile.

Mar a deir Ken Rigby "... is fearr an cosc ná an leigheas agus cibé rud is féidir le scoil a dhéanamh chun iompraíocht dearfach a chothú, baineann sé an gá le hiompraíocht diúltach a chosc. Sa mhéid is a bhfuil rath ar ghníomh coisc, laghdófar an gá le gníomh freagartha i gcásanna buláíochta – agus beidh siad níos infheidhmithe toisc go mbeidh níos lú cásanna le déileáil leo. Mar atá ráite ag neart oideoirí, is fearr a oibríonn idirghabhálacha buair is cuid iad de chur chuige scoile uile atá cuimsitheach agus dea-dheartha ".¹¹²

D'aibhsigh Ken Rigby an scéal freisin gur minic a úsáidtear an téarma idirghabháil "ar bhealach scaoilte. Uaireanta, glactar leis má tá polasaí frithbhulaíochta ag feidhmiú ... ansin tá an scoil ag 'idirghabháil'".

Tugann sé cur síos ar idirghabháil mar "gníomh nó sraith de ghníomhartha a

¹¹²Rigby Ken, *Bullying Interventions in Schools: Six basic approaches*, ACER Press 2010. Page 121

bhfuil sé d'aidhm acu déileáil le cás d'iompraíocht bulaíochta agus cosc a chur ar a leanúint ar aghaidh".

Leanann sé ar aghaidh le hidirdhealú eile a dhéanamh:

"1. Cad a déantar nuair a fheictear iompraíocht bulaíochta agus nuair a déantar gníomh láithreach ar an bpointe chun déileáil leis an suíomh, agus

2. Cad a déantar chun aghaidh a thabhairt ar chásanna bulaíochta ar leith de réir mhodh idirghabhála a bhfuil sé d'aidhm aige an fhadhb a réiteach".¹¹³

tagraíonn neart staidéar, mar shampla, don ghá le haraíonacht éifeachtúil seomra ranga mar chomhpháirt riachtanach do chur chuige scoile uile i leith chosc ar an mbulaíocht.

Moladh cuir chuige aisiríocha i neart staidéar mar bhealach chun déileáil leis an mbulaíocht. Tá sé d'aidhm ag cuir chuige dá leithéid cuidiú le tuiscint a thógáil, le cuntasacht a spreagadh, agus le deiseanna a sholáthar do shlánú. I measc na múnlaí tá: Cur chuige Gan Locht nó Grúpa Tacaíochta; An Modh Imní Coitianta; Idirghabháil; Comhdháil Aisiríoch; Am an Chiorcail; agus Teiripe Athchurtha Ionsaitheachta (ART).

¹¹³Rigby Ken, *Bullying Interventions in Schools: Six basic approaches*, ACER Press 2010. Page 25.

Ina bpáipéar, aibhsíonn Sercombe agus Donnelly an gá go dtosódh idirghabhálacha leis an leanbh nó duine óg atá thíos leis an mbulaíocht "...agus le cad is mian leo go dtarlódh. Tá amanna ann nuair a chaithfí nithe a bhaint óna lámha, nuair atá beatha nó sláinte i mbaol, ach ba chóir go mbeadh sé seo mar rogha deiridh amach is amach. Ní mór an duine óg a bheith páirteach i bhforbairt straitéisí, toiliú le hidirghabhálacha cibé áit is féidir, a mianta a chur in iúl. Is gá go n-éisteofaí leo agus go nglacfaí leo go dáiríre, agus go bhfuil smacht acu ar an bhfiontar".¹¹⁴

Beidh ar gach scoil a chinneadh cén modhanna a úsáidfí siad. Ba chóir an modh/na modhanna idirghabhála atá inghlactha a lua i bpolasaí frithbhulaíochta na scoile chun a chinntiú go bhfuil soiléir i measc phobal uile na scoile faoin gcaoi ina ndéileálfar le cásanna bulaíochta. Má shainítear modh(anna) sa pholasaí frithbhulaíochta cuideofar chun riachtanais oiliúna a aithint agus beidh bunús ann lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ag foireann na scoile.

Aibhsítear oiliúint in úsáid éifeachtúil idirghabhálacha i roinnt staidéar. Mar a deir Rigby "...tá roinnt modhanna nach féidir a mheascadh

¹¹⁴ Howard Sercombe and Brian Donnelly, "Bullying and agency: definition, intervention and ethics", page 8, *Journal of Youth Studies*, 2012, 1-12, iFirst article.

go réasúnta Sin é an fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach tuiscint a bheith ar theicnící na hidirghabhála agus ar na boinn agus an bunús le modhanna ar leith ".¹¹⁵

Tá neart foinsí eolais a bhaineann le straitéisí idirghabhála. Tá páipéar ceardlainne saor in aisce, a d'ullmhaigh Ken Rigby, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do phobail scoile chun a mheas cad iad na modhanna atá inghlactha dóibh ar fáil ag an nasc seo a leanas:

www.bullyingawarenessweek.org/pdf/Bullying_Prevention_Strategies_in_Schools_Ken_Rigby.pdf

¹¹⁵Rigby Ken, *Bullying Interventions in Schools: Six basic approaches*, ACER Press 2010. Page 111.

7.3. Príomhthátail agus moltaí

- Ag tógáil san áireamh an taighde ar fad a athbhreithníodh agus na haighneachtaí agus léirithe a fuarthas, níl clár frithbhulaíochta ar leith á mholadh ag an ngrúpa oibre ach, mar sin féin, ba mhaith linn na prionsabail croíláir seo a leanas a aibhsiú a cheapaimid ba chóir a bheith mar bhonn le cur chuige na scoileanna chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac:
 - Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach
 - Cur chuige scoile uile
 - Ceannasaíocht Éifeachtúil
 - Tuiscint chomhroinnte ar cad is bulaíocht ann agus ar a tionchar
 - Polasaithe frithbhulaíochta
 - Taifeadadh comhsheasmhach ar iompraíocht bulaíochta a thuairiscítear
 - Oideachas agus Oiliúint
 - Straitéisí coisc lena n-áirítear ardú feasachta
 - Straitéisí idirghabhála bunaithe atá fianaisebhunaithe
- Molann an grúpa oibre ach go háirithe go ndéanfadh scoileanna dialóg oscailte a chothú agus a láidriú idir an fhoireann scoile agus scoláirí uile. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann siad deiseanna cuí ar fáil do scoláirí a mbuarthaí a nochtadh i dtimpeallacht atá compordach don scoláire. Áiríonn sé seo rudaí a tharlaíonn lasmuigh den scoil, lena n-áirítear cibearbhulaíocht. D'fhonn é seo a bhaint amach, b'fhéidir go mbeidh ar scoileanna a mheas cad é an bealach is fearr le haghaidh a thabhairt ar thopaicí atá cumhdaithe ag claontacht agus ciúnas, ar nós na bulaíochta homafóbaí.
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil na scoláirí uile, tuismitheoirí/aosaigh i saol leanaí agus foireann scoile ag gach leibhéal ar an eolas faoi pholasaí na scoile, cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha i dtimpeallacht na scoile agus cad iad na gníomhartha a chuirfear i gcrích má mheastar nach bhfuil iompraíocht inghlactha.

Ba mhaith leis an grúpa oibre na gníomhartha seo a leanas a aibhsiú gur féidir le scoileanna a dhéanamh láithreach do chosc agus comhrac na bulaíochta i scoileanna:

- Léirigh iompraíocht ómósach do bhaill uile phobal na scoile i gcónaí.
- Múin go sainiúil le scoláirí cén chuma atá ar teanga ómósach agus iompraíocht ómósach; cé mar a ghníomhaíonn sé; cé mar a fhuaimíonn sé; cé mar a mhothaíonn sé i rang agus ar fud na scoile.
- Taispeáin mórtheachtaireachtaí ómóis i seomraí ranga, i limistéir tionóil agus ar fud na scoile. Bíodh scoláirí páirteach i bhforbairt na dteachtaireachtaí seo.
- 'Beir orthu agus iad go maith' - tabhair faoi deara agus tabhair aitheantas don iompraíocht ómósach atá de dhíth trí aird dearfach a sholáthar.
- Téigh i ngleic go comhsheasmhach le húsáid na teanga claonta agus maslach sa scoil – áiríonn sé seo teanga homafóbach agus ciníoch agus teanga a dhéanann dísbheagadh ar leanaí faoi mhíchumas.
- Tabhair aiseolas cruthaitheach do scoláirí nuair nach dtugtar aird ar iompraíocht ómósach agus teanga ómósach.
- Bíodh córas ann do spreagadh agus luach saothair chun an iompraíocht atá de dhíth agus comhlíonadh ar rialacha agus gnásanna na scoile a spreagadh.
- Múin scoláirí go sainiúil faoi úsáid chuí na meán sóisialta.
- Tabhair spreagadh dearfach do scoláirí cloí le rialach na scoile ar úsáid na bhfón póca agus an idirlín. Lean suas agus lean tríd le scoláirí a dhéanann neamhaird de na rialacha.
- Bíodh tuismitheoirí / cumann na dtuismitheoirí páirteach go gníomhach i bhfeachtais chun feasacht a ardú maidir leis na meáin shóisialta.
- Cothaigh go gníomhach an ceart ag gach ball de phobal na scoile a bheith sábháilte agus slán ar scoil.
- Aibhsigh agus múin go sainiúil rialacha scoile i dteanga atá intuigthe don leanbh sa seomra ranga agus i limistéir choitianta.
- Bhí ag faire amach go gníomhach do chomharthaí d'iompraíocht bulaíochta.
- Déan deimhin de go bhfuil maoirsiú leordhóthaineach sa chlós imeartha/sa chlós scoile/lasmuigh.
- Is féidir le foireann na scoile áiteamh ar leanaí agus scoláirí cuidiú leo le 'spotaí te' agus 'amanna te' a aithint don bhulaíocht sa scoil.
 - Is gnách spotaí te a bheith sa chlós imeartha. clós na scoile/limistéir allamuigh, seomraí gléasta, pasáistí agus limistéir eile le maoirsiú neamhstruchtúrtha.
 - Is gnách amanna te a bheith ann nuair atá maoirsiú nach bhfuil chomh struchtúrtha ar nós nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga sa chlós súgartha/clós na scoile nó ag bogadh idir seomraí ranga.
- Tacaigh le bunú agus obair chomhairlí mac léinn.

Ní ag na scoileanna iad féin a bhfuil réiteach na faidhbe seo

“Is buncheist shóisialta í an iompraíocht bulaíochta atá casta agus d'fhéadfadh sé tarlú in áit ar bith ina mbíonn leanaí agus daoine óga le chéile.”

8. Ról na dtuismitheoirí agus na sochaí i gcoitinne

Mar a pléadh in áit eile sa tuarascáil seo, is buncheist shóisialta í an iompraíocht bulaíochta atá casta agus d'fhéadfadh sé tarlú in áit ar bith ina mbíonn leanaí agus daoine óga le chéile. D'fhéadfadh bulaíocht tarlú i líon mór suíomhanna éagsúla lena n-áirítear sa bhaile, sa teaghlach i gcoitinne agus i ngrúpaí sóisialta agus le linn gníomhaíochtaí spóirt agus clubanna óige.

Tá an tábhacht a bhaineann leis an mbulaíocht a chosc agus a chomhrac sa phobal i gcoitinne, agus i scoileanna freisin, tar éis a bheith aibhsithe cheana féin i suíomhanna in Éirinn; go háirithe leis an tionscadal ABC i nDún na nGall agus tionscadal lorrain i gContae Mhaigh Eo, a bhí ann le déanaí. Dhírigh na tionscadail seo ar chomhpháirtíochtaí a dhéanamh idir eagraíochtaí áitiúla forbartha pobail, clubanna spóirt, an chlér, tuismitheoirí, an FSS agus na hionaid oideachais áitiúla.

Is léir go bhfuil ról an-lárnach ag tuismitheoirí agus daoine fásta eile a mbíonn caidreamh acu le leanaí i suíomhanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla, chun an bhulaíocht a chosc agus chun tacú freisin le leanaí agus le daoine óga: a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, a rinne bulaíocht ar dhuine eile nó atá mar fhinné ar dhuine agus bulaíocht á déanamh air/ uirthi.

Is léir freisin go bhféadfaidh na gníomhaíochtaí a dtugann na leanaí agus daoine óga fúthu lasmuigh den scoil, an spóirt, clubanna óige agus na healaíona ina measc, cuidiú leo scileanna saoil a fhorbairt, cur lena muinín, a bhféinmheas agus a gcrógacht chomh maith le deiseanna nua a thabhairt dóibh chun cairdeas a chruthú.

8.1. Ról na dtuismitheoirí

D'aithin O'Moore¹¹⁶, in [Understanding Bullying – A Guide for Parents and Teachers](#), líon céimeanna ba chóir do thuismitheoirí a ghlacadh maidir le bulaíocht a chosc. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu, mar seo a leanas:

- Labhair faoin mbulaíocht sa bhaile, agus déan deimhin de go dtuigeann do leanbh go bhfuil sé mícheart bulaíocht a dhéanamh, nó a bheith feicthe ag tacú le bulaíocht a bheith á déanamh ar dhuine eile. Ag an am céanna, pléigh an brú piarghrúpa le do leanbh, toisc go bhféadfadh sé a bheith mar cheann amháin de na cúiseanna go mbeadh baint ag leanbh nó ag duine óg leis an mbulaíocht.
- Ullmhaigh do leanbh do thréimhse ina bhfuil seans ann go ndéanfaí

¹¹⁶O'Moore, Mona (2010) *Understanding School Bullying – A Guide for Parents and Teachers*: Veritas, Dublin

bulaíocht air/ uirthi. Mar chuid de seo, déan iniúchadh ar chuid de na cúiseanna a ndéanfadh duine éigin bulaíocht ar dhaoine eile. D'fhéadfadh duine aonair, mar shampla, dul i ngleic le hiompraíocht bulaíochta toisc go mothaíonn siad neamhdhiongbháilteach iad féin. Oibrigh trí fhreagraí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann don iompraíocht bulaíochta. Na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo, mar shampla, ná a bheith ag ligean ort go bhfuil tú muiníneach, ag gáire faoi nó ag ligean ort nár thug tú faoi deara é.

- Aibhsigh gurb é an ciúnas an cara is fearr atá ag an mbulaíocht agus, dá bhrí sin, leag béim ar an tábhacht a bhaineann le duine a chur ar an eolas faoi.
- Múin na scileanna treallúis do do leanbh trí shamplaí de a léiriú sa bhaile. Ceann amháin de na bealaí rúnda den chumarsáid treallúis is ea a bheith sásta éisteacht sula dtugtar breithiúnas, seachas a bheith frithghníomhach, agus foghlaim conas an focal 'Tá mé' a úsáid, mar shampla, 'Tá mé ag iarraidh ort é sin a stopadh'. Beidh an leanbh treallúsach in ann: seasamh suas; an teagmháil leis na súille a choinneáil agus é/í a léiriú go soiléir agus go socair.
- Spreag an ionbhá i do leanbh, tá ról lárnach aige chun cosc a chur

ar an mbulaíocht. Rinneadh cur síos air mar `... an gliú a d'fhéadfadh an saol sóisialta a chruthú.'¹¹⁷ Nuair a chuireann leanbh isteach ar leanbh eile nó nuair a ghortaíonn sé/ sí leanbh eile, is gá do thuismitheoirí idiragairt a dhéanamh ar bhealach ina smaoineoidh an leanbh faoin éifeacht a bhíonn ag a f(h)ocail nó an bealach ina ngníomhaíonn sé/ sí ar dhaoine eile agus faoin gcaoi ina mothaíonn an leanbh faoi/ fúithi féin, mar thoradh air seo. Leis seo cruthaítear an bealach ina mbíonn meas ag an leanbh ar dhaoine eile, chomh maith leis an réasúnaíocht mhorálta agus a (h)éirim mhothúchánach. Bíonn meas ag leanbh a bhfuil ionbhá aige/ aici do dhaoine eile agus tá sé/ sí in ann a léiriú go bhfuil sé/ sí imníoch fúthu. Is leanbh comhbhách é leanbh a bhfuil ionbhá aige/ aici.

- Ag cuimhneamh nach saolaítear duine ar bith le smaointe diúltacha dóibh féin, oibrigh chun féinmheas do linbh a ardú. Aithin agus mol iarracht do linbh agus a c(h)uid ratha, agus tabhair luáíocht don iarracht sin. Tabhair freagracht dóibh. Iarr cabhair uathu agus lorg a gcuid tuairimí. Bí cúramach nach ndeirtear rud faoi do leanbh ina

¹¹⁷ Hoffman, M.L. (2000) Empathy and Moral Development: Implications for Caring and Justice: Cambridge University Press, Cambridge

ndéantar iad a cháineadh nó ina ndéantar beag is fiú díobh de dheasca freagairt go mothúchánach do shuíomh ar leith.

- Tá dlúthcheangal idir crógacht linbh agus a mbraistint féinfhiúntais. Má chothaíonn tú crógacht i do leanbh cabhróidh sé seo leo le bheith in ann déileáil le hócáidí diúltacha. Tacaíonn anchuid dá bhfuil cur síos déanta air cheana leis an gcrógacht a chruthú i do leanbh.
- Má thugann tú tacaíocht do leanbh agus cairdis láidre á gcruthú acu ní bheidh siad chomh soghonta don bhulaíocht agus don diúltú. Déan gníomhaíochtaí a phleanáil a neartóidh an nasc idir do leanbh agus a c(h)airde. Cuir aithne ar thuismitheoirí cairde do linbh. Dé deimhin de go dtuigeann do leanbh na tréithe maithe atá i gceist le dea-chairdeas, mar shampla, a bheith macánta, cineálta, dílis agus measúil. Is féidir é seo a bhaint amach trí shamplaí de na tréithe seo a léiriú i do chuid cairdeas féin.
- Spreag do leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí, idir ghníomhaíochtaí spóirt agus ghníomhaíochtaí eile, a bhfuil mar acmhainn acu deiseanna a chur ar fáil: don ghnóthachtáil phearsanta; don mhuintín a chruthú; agus don fhéinmheas

agus don fhéinsmacht a chur chun cinn.

- Cabhraigh le do leanbh na scileanna idirghabhála agus réitigh coinbhleachta a fhoghlaim. Is féidir na scileanna seo a léiriú do leanaí i mbainistiú díospóidí a d'fhéadfadh titim amach sa bhaile. Is iad seo a leanas cuid de na príomhghnéithe den bhainistiú coinbhleachta a bheadh ann: a bheith in ann do chuid mothúchán a léiriú; a bheith in ann éisteach gan briseadh isteach ar dhuine; a bheith in ann an fhearg a bhainistiú; agus a bheith in ann teacht ar chomhréiteach.
- Cosúil le domhan daoine fásta, níl an tacaíocht piarghrúpa ar fáil go cinnte i ndomhain linbh ach oiread. Spreag do leanbh le bheith ina c(h)osantóir, chun cabhrú le duine agus é/ í thíos agus gan a bheith in ann cabhair a thabhairt dó/ di féin. Is sampla é seo den oiliúint luachanna, múin do do leanbh gníomhú go freagrach ar mhaithe leis an sochaí.
- Mar chríoch, ceann amháin de na nithe is tábhachtaí a d'fhéadfadh tuismitheoir ar bith a dhéanamh ó thaobh an bhulaíocht a chomhrac, is ea a bheith ar an eolas faoi na comharthaí agus na siomptóim a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leanaí nó i ndaoine óga má bhíonn bulaíocht á déanamh orthu nó má bhíonn siad

ag déanamh bulaíochta. Tabharfaidh sé seo tacaíocht don fhadhb bulaíochta a aithint agus, dá bhrí sin, beidh idirghabháil luath i gceist.

Is iad seo a leanas roinnt de na comharthaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh bulaíocht á déanamh ar do leanbh: ballbhrú nó gearradh nach bhfuil aon mhíniú dó; damáiste d'éadaí nach bhfuil aon mhíniú dó; comharthaí d'imní agus d'anacair; athruithe sa ghiúmar nó san iompraíocht; an fheidhmíocht acadúil imithe in olcas; a bheith drogallach dul ar scoil; ag déanamh achainí breise le haghaidh airgid nó ag goid airgid; damáiste d'earraí pearsanta nó iad a chailleadh; frithghníomhuithe diúltacha, ar nós a bheith trína chéile, agus tú ar líne, ag teacht as líne nó ag amharc ar theachtaireachtaí téacs.

8.2. Tuismitheoirí agus an chibearbhulaíocht

Is gné thábhachtach é rialacha agus teorainneacha a leagan amach maidir leis an úsáid a bhaineann do leanbh as an idirlíon chun iad a choinneáil sábháilte ar líne.

Ionas go mbeidh na rialacha agus teorainneacha éifeachtúil is ea is fearr é iad a fhorbairt idir an tuismitheoir agus a leanbh. Ba chóir do thuismitheoirí comhaontú a shocrú lena leanbh faoi conas agus cathain a úsáideanna siad an t-idirlíon.

Má thagann tú ar chomhaontú le do leanbh d'fhéadfadh sé seo an-chuid eolais a thabhairt duit faoin úsáid reatha a bhaineann do leanbh as an idirlíon. Chomh maith leis sin tugann sé ardán duit chun plé a dhéanamh maidir leis na cineálacha nithe a n-úsáideann do leanbh an t-idirlíon dó agus cé chomh fada is a chaitheann sé/ sí ar ghníomhaíochtaí ar líne. Féadfaidh an comhrá faoin gcomhaontú a bheith chomh tábhachtach leis an gcomhaontú é féin.

Léiríonn taighde a rinneadh go méadaítear an dochúlacht le treoir tuismitheora maidir le húsáid an idirlín go ngníomhóidh daoine óga chun tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh den chibearbhulaíocht.¹¹⁸

8.3. Luathóige

Is tréimhse thábhachtach í an luathóige, atá intuigthe i gcoitinne mar an raon idir 0-6 bliana d'aois, i bhforbairt na bpríomhinniúlachtaí atá lárnach le tacú le gnóthachtáil na hacmhainne daonna i ngach réimse den saol lena n-áirítear oideachas, sláinte agus cruthú caidreamh.

Ó thaobh na bulaíochta, tá fianaise ó thaighde inar aithníodh go bhfuil tábhacht le scileanna sóisialta agus mothúcháinacha a fhorbairt ar nós an

¹¹⁸Fawzi, N. and Goodwin, B. , 2011 "Witnesses of the Offense: What Influences the Behavior of Bystanders of Cyberbullying?" Paper presented at the annual meeting of the International Communication Association, TBA, Boston, MA Online.

féinrialúchán, an ionbhá agus an fhéinéifeachtúlacht i leanaí óga agus má chuirtear bac ar an bhforbairt seo d'fhéadfadh iarmhairtí iompraíochta diúltacha a bheith ann agus iad ina leanaí níos sine, ina ndaoine óga agus ina ndaoine fásta.¹¹⁹

Tá sé intuigthe le fada má bhíonn taithí díobhálach ag duine sa luathóige, go háirithe má bhíonn éifeacht aige ar an leas mothúchánach go gcuireann sé seo isteach ar na patrúin iompraíochta ar feadh shaol an duine.¹²⁰

Chomh luath is a bhíonn siad sé mhí d'aois, is féidir le leanaí an difríocht idir dathanna craicinn, uigeachtaí gruaige agus saintréithe aghaidhe a aithint. Ag an aois seo tosaíonn siad ag tuiscint gur duine ar leith iad agus tosaíonn siad ag feiceáil na ndifríochtaí agus na n-éagsúlachtaí i ndaoine eile.

Agus leanaí ag forbairt ó bheith ina naíonáin go leanaí beaga, ag timpeall ocht mí déag, tosaíonn siad ag aithint a saintréithe féin agus dá mbeadh rogha acu, roghnóidh siad

¹¹⁹Gini, G., Albiero, P., Benelli, B., Altoe, G., (2007) Determinants of adolescents' active defending and passive bystanding behavior in bullying. Department of Developmental and Social Psychology, University of Padua, via Venezia, 8, 35131 Padova, Italy. <http://dx.doi.org/10.1016/j.adolescence.2007.05.002>

Duke, N, Pettingell, S.L., Mc Morris, B, Borowsky, I.W. (2010) Adolescent Violence Perpetration: Associations With Multiple Types of Adverse Childhood Experiences. *Pediatrics* Vol. 125 No. 4 April 1, 2010 pp. e778 -e786 (doi: 10.1542/peds.2009-0597)

¹²⁰Adverse Childhood Experiences Study, Centre for Disease Control and Prevention, US Government. Atlanta..

bábóg atá ar an dath céanna leo féin.¹²¹ Chomh maith le bheith in ann na difríochtaí idir saintréithe fisiciúla a aithint, tá leanaí an-óg in ann na luachanna agus meonta a léiríonn daoine fásta ina ngarthimpeallacht a thuiscint agus léiríonn siad iad seo ina idirghníomhaíochtaí lena bpiaraí. Breathnaíodh ar an gcaoi a nglactar le luachanna cultúrtha, lena n-áirítear an chlaontacht i leanaí réamhscoile i dTuaisceart Éireann.¹²²

Leis an léar mór fianaise seo leagtar tuilleadh béime ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtacaíonn an taithí a bhíonn ag luathóige leanaí leis an bhforbairt a dhéantar ar na cumais láidre shóisialta agus mhothúchánacha.

Is treoirínte den chleachtas náisiúnta a d'fhorbair an ROS iad **Aistear**, an creat curaclaim luathóige don oideachas luathóige agus **Síolta**, creat náisiúnta cáilíochta don oideachas luathóige a tharraing ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an dea-chleachtas sa luathóige agus tá an fhéidearthacht ann tacú le taithí luathóige saibhriúcháin atá ar ardchaighdeán do leanaí a chur ar fáil.

Measann an grúpa oibre go mbeidh forfheidhmiú na gcreataí Aistear agus

¹²¹Stern-LaRosa, C. & Hofheimer Bettmann, E. 2000. *Hate Hurts: How Children Learn and Unlearn Prejudice*. New York, NY: Scholastic.

¹²²Connolly, P., Smith, A. & Kelly, B. (2002) Too Young to Notice? The Cultural and Political Awareness of 3-6 Year Olds in Northern Ireland. Belfast: Community Relations Council

Síolta sa chleachtas luathóige mar ghné riachtanach de chreatlach náisiúnta uileghabhálach chun tabhairt faoin mbulaíocht.

8.4. Obair Óige

Ba mhaith leis an ngrúpa oibre an luach a gcuireann earnáil na hoibre óige leis a fheidhmíonn taobh leis an earnáil oideachais. Cuirtear seirbhísí, cláir agus gníomhaíochtaí ar fáil do 43% den daonra atá idir 10-24 bliana d'aois, a léiríonn tréimhse shuntasach san fhorbairt agus san achar ama. Cuirtear Tacaíochtaí ar fáil atá spriocdhírthe do dhaoine faoi mhíbhuntáiste, imeallaithe agus i mbaol trí chláir agus scéimeanna éagsúla a fhaigheann maoiniú ón Stát.

Leis an obair óige bíonn daoine óga rannpháirteach ina bpobail. Féadfaidh an obair seo a bheith ar siúl i suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear ionaid pobail, scoileanna, caiféanna/áiseanna don óige, grúpaí creidimh agus ar pháirceanna spóirt. Baineann oibrithe don aos óg úsáid as cur chuigí éagsúla chun daoine óga a spreagadh le bheith rannpháirteach i nithe ar nós ceardlanna drámaíochta agus ceoil, na healaíona agus an cheardaíocht, scileanna cócaireachta a theagasc, eachtraíochtaí spóirt faoi dhíon agus lasmuigh, tionscnaimh sláinte, cláir scileanna saoil – agus cuireann siad seo ar fad le forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga.

D'fhéadfadh na tionscadail agus clubanna óige a bheith mar áiteanna iontacha do leanaí agus do dhaoine óga chun a muintín a athnuachan, a féinmheas a ardú agus chun cur lena gcrógacht, cairdis nua a chruthú agus lena bheith mar chuid de ghrúpa sóisialta nua agus braitheann siad comh-mhuintearas níos fearr dá réir.

Cuirtear spásanna sábháilte ar fáil do dhaoine óga chun iniúchadh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht, chun foghlaim fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin tsochaí trí ghníomhaíochtaí a nascann an sult, an dúshlán, an fhoghlaim agus an ghnóthachtáil le chéile. San obair óige agus i ngníomhaíochtaí óige cuirtear snáitheanna éagsúla den éagsúlacht a chothaíonn braistint comhionannais, feasachta sóisialta, dlúthpháirtíochta agus cuimsithe i measc daoine óga.

Tugadh Creat Náisiúnta Caighdeán Cáilíochta don obair óige isteach do thionscadail atá faoi chinnireacht na foirne a fhaigheann maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA). Is é atá i gceist leis an bpróiseas seo ná féinmheasúnú a dhéanann an tionscadal a dhéantar a dhearbhu a bheith bailí trí phróiseas measúnaithe seachtrach a dhéanann Oifigigh Óige den Choiste Gairmoideachais. Déanfar Caighdeáin Cháilíochta do ghrúpaí óige atá faoi chinnireacht oibrithe deonacha a lainseáil i mí

Eanáir 2013 agus bainfidh sé seo le níos mó ná 1,600 club óige agus grúpaí a fhaigheann maoiniú ón DCYA. Spreagtar grúpaí agus clubanna óige eile faoi chinnireacht oibrithe deonacha freisin dul i ngleic leis na caighdeáin seo.

Díríonn na creataí caighdeán seo ar na bunphrionsabail seo a leanas:

- Ag díriú ar an duine óg: cearta na ndaoine óga a aithint agus béim a leagan ar a rannpháirtíocht ghníomhach agus dheonach.
- A bheith tiomanta le sábháilteacht agus leas na ndaoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.
- Oideachasúil agus forbarthach.
- Tiomanta leis an gcomhionannas, an gcuimsitheacht agus an meas a chinntiú agus a chur chun cinn agus sinn ag déileáil le daoine óga agus daoine fásta.
- Tiomnaithe chun obair óige ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus tiomanta don fheabhsúchán leanúnach.

Tá sé mar aidhm ag na prionsabail seo a chinntiú go dtacaíonn an soláthar seirbhísí d'obair óige le leas agus folláine daoine óga ar fud raon na mbuncheisteanna a dtagann daoine óga trasna orthu ag tréimhsí áirithe ina saol.

Léirigh Earnáil na hOibre Óige agus an DCYA dílseacht láidir i dtaobh dul i ngleic leis an mbulaíocht homafóbach, trí *Ag Tabhair faoin Homafóibe: Treoirínte don Earnáil Óige*¹²³ a eisiúint agus trí thacaíocht líonra náisiúnta BeLONG de ghrúpaí óige LADT.¹²⁴

Aithníonn an grúpa oibre na naisc thairbheacha atá ann faoi láthair idir scoileanna, gníomhaíochtaí tar éis scoile agus seirbhísí a dhíríonn ar an óige laistigh dá bpobail áitiúla. Aithníonn an grúpa oibre an luach a bhaineann le hobair óige agus deiseanna foghlama eile atá éifeachtúil agus neamhfhoirmiúil, trí dheiseanna forbartha agus oideachasúla iomlánaíocha a chur ar fáil do dhaoine óga.

Molann an grúpa gur chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh agus an comhoibriú agus idirghníomhaíocht le seirbhísí óige a neartú agus an rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanann daoine óga i seirbhísí dírithe ar an óige a chur chun cinn laistigh dá bpobail áitiúla. Spreagann an grúpa oibre go láidir seirbhísí, grúpaí agus eagraíochtaí óige chun polasaithe frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an obair a dhéanann siad le daoine óga agus chun úsáid a

¹²³http://www.belongto.org/attachments/233_Homophobic_Bullying_Guidelines_for_the_Youth_Work_Sector.pdf

¹²⁴www.belongto.org

bhaint as an raon oiliúna agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an NYCI, Seirbhísí Óige BeLonG To agus eagraíochtaí náisiúnta óige eile maidir leis seo.

8.5. Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht spóirt agus choirp

I measc na dtosca eile atá in ann dul i gcion go dearfach ar shláinte agus ar fholláine leanaí agus dhaoine óga tá an rannpháirtíocht sa spóirt agus i gcineálacha eile de ghníomhaíocht fhisiciúil. Díríonn líon mór staidéar taighde ar an bhfíric gur féidir leis an ngníomhaíocht choirp an dúlagar agus an inní a laghdú agus an féinmheas a fheabhsú. This obviously can have positive benefits in terms of helping children and young people to build their confidence and resilience in dealing with bullying behaviour.

Léirigh staidéar sa bhliain 2010 go bhfuil ról suntasach ag gníomhaíocht fhisiciúil i bhfeabhas a chur ar líonraí, noirm, luachanna agus tuiscintí sóisialta a chuidíonn le comhoibriú agus le pobal laistigh nó i measc ghrúpaí.¹²⁵

“Fuarthas má ghlactar páirt i ngníomhaíocht choirp rialta a fheabhsaíonn an tsláinte go laghdaítear an iompraíocht ina mbristear rialacha freisin, agus go bhfeabhsaítear an réise aire agus an

¹²⁵Delaney, L & Fahey T. (2005). Social and economic value of sport in Ireland. Dublin: Economic and Social Research Institute.

iompraíocht sa seomra ranga. Bíonn éifeachtaí dearfacha aige ar an bhfeidhmíocht acadúil, lena n-áirítear an ghnóthacháil i dtástálacha mata agus sa léitheoireacht, i ngráid acadúla agus i scileanna aireachtála. Má ghlactar páirt in oideachas spóirt nó i gcorpoideachas is féidir leis seo ról lárnach a imirt i saol sóisialta an linbh a shaibhriú i bhforbairt na scileanna idirghníomhaíochta sóisialta.”¹²⁶

Tá ról lárnach ag an ngníomhaíocht choirp agus an rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt chun feabhas a chur ar na líonraí spóirt, na noirm, na luachanna agus na tuiscintí a éascaíonn an comhoibriú agus an pobal laistigh de ghrúpaí nó ina measc.¹²⁷ Sna treoirínte reatha ón Roinn Sláinte agus Leanaí moltar go mbeadh leanaí agus daoine óga rannpháirteach i 60 nóiméad ar a laghad de ghníomhaíocht choirp atá idir mheasartha agus fhuinniúil (GCMF) gach lá.

Sa staidéar [Rannpháirtíocht leanaí sa Spóirt agus sa Ghníomhaíocht Choirp](#) a foilsíodh in 2010¹²⁸, fuarthas nach

¹²⁶Woods C. *et al* (2010) The Children's Sport Participation and Physical Activity Study (CSPPA). Research Report No 1. Dublin: School of Health and Human Performance, Dublin City University and the Irish Sports Council. p. 7.

¹²⁷Delaney, L & Fahey T. (2005). Social and economic value of sport in Ireland. Dublin: Economic and Social Research Institute.

¹²⁸ Woods, C.B., TannehillD., Quinlan, A., Moyna, N. and Walsh, J. (2010). The Children's Sport Participation and Physical Activity Study (CSPPA). Research Report No 1. School of Health and Human Performance, Dublin City University and The Irish Sports Council, Dublin, Ireland.

raibh ach 19% de leanaí bunscoile agus 12% de leanaí iar-bhunscoile a bhí san áireamh sa suirbhé a chomhlíon moladha gníomhaíochta coirp na Roinne Sláinte de 60 nóiméad ar a laghad go laethúil de ghníomhaíocht choirp atá idir mheasartha agus fhuinniúil (GCMF).

Sa staidéar fuarthas go raibh níos lú dóchúlacht ann go gcomhlíonfadh cailíní moltaí na gníomhaíochta coirp i gcomparáid le buachaillí agus laghdaigh an dóchúlacht go gcomhlíonfaí moltaí na gníomhaíochta coirp nuair a d'éirigh siad níos sine.

I measc na dtátail eile fuarthas go gcaitheann fíorbheagán leanaí (1%) níos lú ná dhá uair an chloig in aghaidh an lae ag breathnú ar an teilifís, ar fhíseáin nó ag súgradh ar an ríomhaire. Moltar an tairseach dhá uair an chloig seo mar an t-uasmhéid ama le linn uaireanta sholas an lae, agus a luaithe is a sháraítear é tá dóchúlacht níos mó ann fadhbanna sláinte a fhorbairt go fadtréimhseach.

An moladh a tháinig ón bhfoireann taighde ná na leibhéil *rannpháirtíochta a mhéadú* de na leanaí uile agus den óige i gcúrsaí spóirt agus den ghníomhaíocht choirp in Éirinn.

Ba mhaith leis an ngrúpa oibre béim a leagan freisin ar an aitheantas atá ann nach mbaineann an bhulaíocht le cúrsaí oideachais amháin; tá

forbairt déanta ag eagraíochtaí spóirt ar thionscnaimh freisin chun an bhulaíocht a chomhrac.

Ina measc tá an **“Let’s tackle bulaíocht”** tionscnamh den CLG ina bhfuil póstaer i san áireamh; ceardlanna agus polasaí. Le **Show Racism the Red Card** cuirtear oiliúint maidir leis an bhfrithchiníochas ar líon mór daoine óga laistigh d’oideachas na hÉireann agus ar dhaoine óga freisin i seirbhísí óige. Chomh maith leis sin, cuireann **SARI – Sport against Racism** plé idirchultúrtha chun cinn agus déantar ceiliúradh ar an éagsúlacht chultúrtha trí thionscadail i scoileanna.

8.6. An Chibearbhulaíocht agus Rannpháirtíocht an Tionscail

Is léir go bhfuil ról lárnach ag comhlachtaí meán sóisialta agus teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse idilín chun bearta a fhorbairt le cosc a chur ar an gcibearbhulaíocht agus le meicníochtaí tuairiscithe a chur ar fáil dóibh siúd a gcuirtear isteach orthu leis an gcibearbhulaíocht. Mar gheall ar nádúr domhanda an idirlín agus na soláthraithe seirbhísí sa spás seo, áfach, tá sé deacair an rialachas náisiúnta agus réitigh rialúcháin a chur i bhfeidhm.

Is imreoir domhanda é an AE agus le tacaíocht ó na ballstáit tá céimeanna glactha aige chun maoirseacht a dhéanamh ar chreat féinrialúcháin bunaithe ar an reachtaíocht, féinrialúchán agus tacaíocht airgeadais.

Ghlac an Coimisiún le "Straitéis Eorpach d'Idirlíon níos Fearr do Leanaí" ar an 2 Bealtaine 2012. Díríonn an straitéis seo ar cheithre chrann taca gníomhartha: ábhar ar líne atá ar ardchaighdeán a spreagadh do leanaí, an fheasacht agus cumhachtú a ardú, timpeallacht ar líne atá sábháilte a chruthú do leanaí agus an comhrac i gcoinne ábhair de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne.

Mar fhreagra ar ghlaoch ó Neelie Kroes, Leas-Uachtarán Choimisiún an AE, tháinig 28 príomhfheidhmeannach le chéile ó chuideachtaí idirlín agus teileachumarsáide chun Comhghuaillíocht POF a chruthú le go mbeadh an t-idirlíon mar áit níos sábháilte do leanaí. Gheall an chomhghuaillíocht gníomhú i 5 réimse. Ina measc tá uirlisí tuairiscithe a neartú, socruithe príobháideachais, scéimeanna um rangú ábhar, rialuithe tuismitheoirí agus ábhar maslach a bhaint anuas.

In Éirinn in 1998, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a bhí ann ag an am an chéad tuarascáil den ghrúpa

oibre maidir le hÚsáid Neamhdhleathach agus Díobhálach an Idirlín. Sa tuarascáil seo cuireadh an creat le tabhairt faoi dhainséar an idirlín i láthair atá in úsáid ó shin i leith.

Is é a bhí i gceist leis an tuarascáil seo ná bunús straitéise bunaithe ar chur chuige den fhéinrialúchán ag tionscal soláthraithe na seirbhíse idirlín, bunú beolíne gearán chun déileáil leis na gearáin faoin ábhar neamhdhleathach ar an idirlíon, bunú an Bhoird Chomhairligh Idirlín (An Oifig um Shábháilteacht Idirlín atá ann anois) chun comhordú a dhéanamh ar an gcreat féin-rialaitheach agus bunú na meicníochtaí chun clár feasachta a fhorbairt d'úsáideoirí chun iad a chumasú chun iad féin a chosaint, nó daoine eile faoina gcúram a chosaint, ón ábhar neamhdhleathach agus díobhálach ar an idirlíon.

Sa bhliain 2008 d'iarr Comhchoiste Cumarsáide den Oireachtas ar oibrítitheoirí d'fhóin phóca bearta a ghlacadh chun cosc a chur ar an gcibearbhulaíocht trí na fóin phóca. Mar thoradh air seo rinne na hoibrítitheoirí forbairt ar sheirbhísí chun téacs a bhlocáil agus cuireadh i bhfeidhm iad.

Spreagann an grúpa oibre an tionscal le comhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí Stát na hÉireann, ENRanna, tuismitheoirí agus le daoine óga chun an fheasacht a ardú maidir leis an gcibearbhulaíocht agus conas is féidir déileáil leis.

8.7. Ról na meán

Tá ról tábhachtach ag na meáin chun oiliúint a chur ar an bpobal faoi na buncheisteanna sóisialta lena n-áirítear an meas don éagsúlachta, don chuimsiú, an steiréitíopáil a sheachaint, an bhulaíocht, an mheabhairshláinte, an féindochar agus an féinmharú. Tá ról na meán lasmuigh de théarmaí tagartha an grúpa oibre. Mar sin féin, ba mhaith linn an bhéim a leagan ar an ngá atá ann do thuairisciú freagrach d'eachtraí a bhíonn an-tragóideach agus an-anacrach maidir leis an mbulaíocht agus an féinmharú go háirithe. Rinneadh é seo a aibhsiú leis na féimharuithe tragóideacha a bhí ann le déanaí de dhaoine óga sa tír seo.

Aithníonn an grúpa oibre an Cód Cleachtais do Nuachtáin agus Irisí agus go háirithe do Phrionsabal 9 den Chód¹²⁹:

“Prionsabal 9 - Leanaí

9.1 Glacfaidh nuachtáin agus irisí cúram ar leith agus iad ag lorg eolais nó ag cur eolais i láthair nó ag nochtadh tuairimí faoi leanbh atá faoi bhun 16 bliana d'aois.

¹²⁹Press Council of Ireland and Office of the Press Ombudsman (2009) Code of Practice for Newspapers and Magazines. Dublin: Press Council of Ireland. www.pressombudsman.ie/code-of-practice.150.html

9.2 Ba chóir d'iriseoirí agus eagarthóirí aird a thabhairt do leochaileacht na leanaí agus i ngach bealach ina ndéileáiltear le leanaí, ba chóir dóibh aois an linbh a chur san áireamh, cibé an bhfuil cead an tuismitheora nó duine fásta eile faighte lena leithéid déileálacha, íogaireacht an ábhair, agus na cúinsí atá i gceist, más ann dóibh, ina mbeadh scéal ann a mbeadh spéis ag an bpobal ann. Ba chóir go mbeadh daoine óga saor chun a gcuid ama ar scoil a chríochnú gan aon chur isteach nach gá. Níor chóir clú, cáil ná súiomh tuismitheora nó caomhnóra a úsáid mar an t-aon chúis le sonraí shaol príobháideach an linbh a fhoilsiú.”

Tá an grúpa oibre ar an eolas freisin faoi na treoirínte a d'eisigh na Samáraigh maidir le tuairisciú féinmharuithe sna meáin. Creidimid gur chóir do na meáin caighdeáin chomhchosúla a chur i bhfeidhm i leith tuairisciú a dhéanamh ar an mbulaíocht.

Cé go n-aithnítear go bhfuil ról na meán lasmuigh de théarmaí tagartha an ghrúpa seo, mholfaimis go ndéanfadh Coiste Cóid Chomhairle Preasa na hÉireann machnamh an mbeadh sé iomchuí dá leathnóidís Prionsabal 9 dá gcód d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuairisciú freagrach sa réimse seo.

8.8. Moladh do Chreat Náisiúnta Frithbhulaíochta

d'fhonn gnéithe uile a bhforbartha a chothú.

Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar an gcomhthéacs náisiúnta níos leithne ina n-oibríonn scoileanna, rinne an grúpa oibre suntais den easpa chreat náisiúnta foriomlán don obair frithbhulaíochta uile.

Sampla úsáideach de chur chuige mar seo is ea an cháipéis "A National Approach to Anti-Bullying for Scotland's Children and Young People" a d'fhorbair Rialtas na hAlban agus Grúpa Stiúrtha Frithbhulaíochta na hAlban.

Molann an grúpa oibre go ndéanfaí machnamh ar chreat náisiúnta a fhorbairt le fíis chomónta agus aidhmeanna polasaí a chur i láthair agus a chothú maidir le bulaíocht lena n-áirítear meas ar an éagsúlacht agus cuimsitheacht.

D'fhéadfadh creat dá leithéid a bheith tairbheach mar threoir le hobair ar fud na ngníomhaireachtaí agus na bpobal uile chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach agus do chosc agus comhrac na bulaíochta in Éirinn.

Molann an grúpa oibre go ndéanfaí an t-ábhar seo a mheas i bhforbairt an Chreata Polasaí nua do Leanáí agus Daoine Óga atá beartaithe le bheith ina chreat náisiúnta foriomlán chun polasaithe agus seirbhísí a fhorbairt d'fhonn torthaí a fheabhsú do leanáí agus daoine óga agus

8.9. Príomhthátail agus moltaí

- Is buncheist shóisialta í an bhulaíocht atá casta agus d'fhéadfadh sé tarlú in áit ar bith ina mbíonn leanaí agus daoine óga le chéile. D'fhéadfadh bulaíocht tarlú i líon mór suíomhanna éagsúla lena n-áirítear sa bhaile, sa teaghlach i gcoitinne agus i ngrúpaí sóisialta agus le linn gníomhaíochtaí spóirt agus clubanna óige
- Is léir go bhfuil ról an-lárnach ag tuismitheoirí agus daoine fásta eile a bhíonn caidreamh acu le leanaí i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chun an bhulaíocht a chosc agus chun tacú freisin le leanaí agus le daoine óga: a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, a rinne bulaíocht ar dhuine eile nó atá mar fhinné ar dhuine agus bulaíocht á déanamh air/ uirthi.

Ní mór do dhaoine fásta, tuismitheoirí go háirithe:

- A bheith ina ndea-eiseamláirí do leanaí agus do dhaoine óga;
- Daoine óga a mhúineadh conas meas agus luach a bheith acu ar an éagsúlacht agus ilchineálacht;
- A bheith ar an eolas faoina bhfuil i gceist le bulaíocht agus na cineálacha éagsúla bulaíochta a thuiscint;
- Iad féin a chur faoi oiliúint maidir leis na meáin shóisialta agus spéis ghníomhach a bheith acu sa chaoi ina bhfuil leanaí agus daoine óga ag baint úsáide as an idirlíon, na meáin shóisialta agus na fóin phóca;
- A bheith ar an eolas faoi na comharthaí atá ann go bhféadfadh bulaíocht a bheith á déanamh ar leanbh nó ar dhuine óg agus a bheith ag faire amach dóibh;
- Tacaíocht a thabhairt don leanbh nó don duine óg agus éisteacht lena bhfuil sé/ sí ag iarraidh ort a dhéanamh chun cabhrú leis/ léi;
- É a dhéanamh soiléir nach nglactar leis an iompraíocht bulaíochta.

- Molann an grúpa oibre go ndéanfar breithniú i gcomhthéacs Chreat Polasaí na leanaí agus na nDaoine Óga chun creat náisiúnta nua a fhorbairt ina leagfaí amach tiomantas an Rialtais chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac do leanaí agus daoine óga idir ón luathóige go dtí an aosacht.
- Measann an grúpa oibre go mbeidh forfheidhmiú na gcreataí Aistear agus Síolta sa chleachtas luathóige mar ghné riachtanach de chreatlach náisiúnta uileghabhálach chun tabhairt faoin mbulaíocht.
- Aithníonn an grúpa oibre na naisc thairbheacha atá ann faoi láthair idir scoileanna, gníomhaíochtaí tar éis scoile agus seirbhísí a dhíríonn ar an óige laistigh dá bpobail áitiúla. Aithníonn an grúpa oibre an luach a bhaineann le hobairt óige agus deiseanna foghlama eile atá éifeachtúil agus neamhfhoirmiúil, trí dheiseanna forbartha agus oideachasúla iomlánaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga. Molann an grúpa gur chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh agus an comhoibriú agus idirghníomhaíocht le seirbhísí óige a neartú agus an rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanann daoine óga i seirbhísí dírithe ar an óige a chur chun cinn laistigh dá bpobail áitiúla.
- Molann an grúpa seirbhísí, grúpaí agus eagraíochtaí óige go mór polasaithe frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an obair a dhéanann siad le daoine óga agus úsáid a bhaint as an raon oiliúna agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an NYCI, BeLonG To Youth Services agus eagraíochtaí óige náisiúnta eile maidir leis seo.
- Aithníonn an grúpa oibre rún CLG sraith de cheardlann a chur ar bun do chlubanna ar a dtugtar *GAA Tackling Bullying* ó Mhárta 2013. Molann an grúpa oibre go n-oibreodh cumainn CLG, in éineacht le heagraíochtaí spóirt eile, le scoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar an mbulaíocht inár bpobail, chomh maith le cuir chuige comhroinnte chun dul i ngleic leis an mbulaíochta.
- Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag comhlachtaí meán sóisialta agus teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse idirlín chun bearta a fhorbairt leis an gcibearbhulaíocht a chosc agus chun meicníochtaí tuairiscithe a chur ar fáil dóibh siúd a ndearnadh dochar dóibh leis an gcibearbhulaíocht. Spreagann an grúpa oibre don tionscal comhoibriú a dhéanamh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí Stát na hÉireann, ENRanna, tuismitheoirí agus daoine óga chun feasacht maidir leis an gcibearbhulaíocht a ardú agus conas is féidir déileáil leis.
- Cé go n-aithnímid go bhfuil ról na meán lasmuigh de théarmaí tagartha an ghrúpa seo, mholfaimis go ndéanfadh Coiste Cóid Chomhairle Preasa na hÉireann machnamh an mbeadh sé iomchuí dá leathnóidís Prionsabal 9 dá gcód d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuairisciú freagrach sa réimse seo.

Plean gníomhaíochta ar an mBulaíocht

Agus moltaí le haghaidh tuilleadh
breithnithe san áireamh

Gníomh	Amscála	Freagracht / Ceannaire
<p>1. Gnásanna Náisiúnta Frithbhulaíochta Nua do Scoileanna</p> <p>Déanfaidh an ROS, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais cuí, athbhreithniú ar na treoirlínte frithbhulaíochta atá ann faoi láthair do scoileanna agus Teimpléad Polasaí 2006 do scoileanna. Sa doiciméad nua taispeánfar go soiléir an riachtanas a bheidh ar scoileanna polasaí frithbhulaíochta a bheith acu atá mar chuid de Chód Iompraíochta na scoile.</p> <p>Tógfaidh an obair seo moltaí an ghrúpa oibre san áireamh mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Go gcuireann scoileanna cultúr agus atmaisféar na scoile chun cinn ina gcuirtear fáilte ar an éagsúlacht agus ina bhfuil bá ar gach caidreamh agus ina bhfuil cumhacht ag baill de phobal na scoile chun an iompraíocht bulaíochta a chosc, a phlé, a nochtadh agus a chomhrac. • Nach mór do scoileanna obair a dhéanamh chun an bhulaíocht homafóbach, an bhulaíocht trasfóbach go háirithe, a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, agus ina mbeidh feabhas mór dá bharr in atmaisféar na scoile do na scoláirí uile. • Gur chóir go mbeadh gach cúis ciaptha faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a bheith liostaithe sna polasaithe frithbhulaíochta (Inscne (trasinscne san áireamh), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil). • Go mba chóir go mbeadh tagairt ar leith do na cineálacha agus modhanna bulaíochta seo a leanas a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar bhulaíocht sna gnásanna náisiúnta nua: <ul style="list-style-type: none"> ◦ <i>eisiamh lántoiliúil, cúlchaint mhaíseach agus cineálacha eile bulaíochta coibhneasta</i> ◦ <i>cibearbhulaíocht, agus</i> ◦ <i>an bhulaíocht bunaithe ar an bhféiniúlacht (go háirithe an bhulaíocht homafóbach, an bhulaíocht chiníoch, i gcoinne bhaill den Lucht Siúil nó an bhulaíocht a dhéantar orthu siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais san áireamh).</i> <p>Féachfaidh an obair seo le socruithe maoirseachta a neartú i scoileanna lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tuarascálacha achoimre ó am go ham d'eachtraí bulaíochta atá le cur ar fáil don Bhord Bainistíochta; • Nach mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí agus an chaoi ina gcuirtear i bhfeidhm é gach bliain agus deimhniú a chur ar fáil do chumann na dtuismitheoirí (nó mura bhfuil a leithéid ann chuig na tuismitheoirí iad féin) go bhfuil sé seo déanta; • Go bhfuil an polasaí agus an taifead ar an athbhreithniú ar fáil don Roinn agus don phátrún má iarrtar é. <p>Chomh maith leis sin, ba chóir go ndéanfaidh teimpléad an pholasaí nua:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▲ Soláthar a dhéanamh do scoileanna chun straitéisí coisc agus 	<p>Gnásanna nua i bhfeidhm don scoilbhliain 2013/14</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna</p> <p>Na gnásanna nua le cur i bhfeidhm i ngach bunscóil agus iar-bhunscóil.</p>

<p>oideachais a dhoiciméadú;</p> <ul style="list-style-type: none"> ▲ Teimpléad caighdeánaithe a chur san áireamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta scoileanna le cur i gcrích gach bliain ag an mBord Bainistíochta. • Soláthar a dhéanamh do theimpléad tuarascála bulaíochta chun taifeadadh a dhéanamh ar eachtraí bulaíochta. • Tacú le scoileanna anailís a dhéanamh ar threochtaí/patrúin sna cineálacha bulaíochta atá ina scoileanna agus chun bonnlíne fianaise a chur ar fáil chun polasaithe agus cleachtais a choigeartú ar bhonn leanúnach. 		
<p>2. Athbhreithniú ar fhoráil na Seirbhísí Tacaíochta um Oiliúint Múinteoirí</p> <p>Treorófar seirbhísí tacaíochta na Roinne um oiliúint múinteoirí chun tús áite a thabhairt</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ leis an bhfianaise a bhailiú maidir le riachtanais na múinteoirí i leith bulaíochta agus mhuintín / chumas na múinteoirí chun tabhairt faoin mbulaíocht bunaithe ar an bhféiniúlacht, go háirithe, an bhulaíocht homafóbach agus an chibearbhulaíocht ina measc. ○ soláthar a dhéanamh chun freagairt don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) chúí. <p>Agus athbhreithniú á dhéanamh ar riachtanais oideachais múinteoirí, agus trí FGL a chur ar fáil, cuirfidh Seirbhísí Tacaíochta um Oiliúint Múinteoirí na buncheisteanna seo a leanas san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An riachtanas atá ann go gcomhordódh na seirbhísí tacaíochta a dtacaíocht do scoileanna agus go gcuirfidh na seirbhísí tacaíochta uile cur chuige comónta i bhfeidhm timpeall an réimse iompraíochta bulaíochta, bunaithe ar gnásanna nua frithbhulaíochta an ROS. ○ Ba chóir go mbeadh treoirlínte ar an dea-chleachtas maidir le cultúr cóimheasa a chur chun cinn i scoileanna curtha san áireamh san FGL do cheannairí scoile maidir le cosc a chur ar an iompraíocht bulaíochta i scoileanna ○ Níor chóir go mbeadh an t-ardú feasachta amháin ar gach cineál iompraíochta bulaíochta i gceist san FGL do mhúinteoirí ach ba chóir go mbeadh soláthar déanta freisin de shamplaí de phleananna ceachta a théann i ngleic lena bhfuiltear ag súil leis ar fud na scoile maidir le rialacha agus gnáthamh, iompraíocht ómósach agus teanga ómósach. Ní mór do na samplaí de na pleananna ceachta a bheith oiriúnach don aois agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu do na leibhéil cumais éagsúla. ○ Ba chóir don FGL tacú le forbairt na bpolasaithe frithbhulaíochta i scoileanna agus forfheidhmiú an pholasaí ar bhonn laethúil i scoileanna, bunaithe ar chleachtas ar bhonn fianaise go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. ○ Ba chóir do na Seirbhísí Tacaíochtaí cuí cuidiú le scoileanna atá ag déanamh forbartha ar chleachtais le sonraí a bhailiú, ar theimpléid agus anailís sonraí, agus na treoirlínte um chosaint sonraí agus gnásanna um Chosaint Leanáí á gcur san áireamh. 	<p>An tAthbhreithniú le bheith curtha i gcrích sa chéad leath de 2013.</p>	<p>An Rannóg um Oiliúint Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Scileanna.</p>

<ul style="list-style-type: none"> o Ba chóir do na Seirbhísí Tacaíochta cuí freisin cuidiú le scoileanna lena bpolasaí frithbhulaíochta a ionchorprú isteach i gCód Iompraíochta na scoile. o Ba chóir d'Ionaid Oideachais cúrsaí a fhorbairt ar straitéisí agus modheolaíochtaí forfheidhmithe chun an iompraíocht ómósach a chur chun cinn agus chun tabhairt faoin iompraíocht bulaíochta i scoileanna. 		
<p>3. Oiliúint chomhordaithe agus forbairt acmhainní do na boird bhainistíochta agus tuismitheoirí</p> <p>Plean comhordaithe do thionscnaimh oiliúna agus feasachta do thuismitheoirí agus do bhoird bhainistíochta le bheith curtha ar fáil i gcomhar leis na forais bhainistíochta agus na comairí tuismitheoirí. Is féidir leis seo tógáil ar an obair atá ann cheana féin le n-áirítear comhthionscnamh reatha ROS / GLEN chun forbairt a dhéanamh ar na treoirlínte do bhoird bhainistíochta maidir le tacú le daoine óga LADT.</p>	<p>Plean le bheith comhaontaith e faoi dheireadh ráithe 1, 2013 agus tús curtha lena chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna, Forais Bainistíochta agus Comhairlí Tuismitheoirí</p>
<p>4. Cigireacht Scoile</p> <p>Ba chóir na múnlaí atá ann cheana féin chun meastóireacht a dhéanamh ar an OSPS agus do mheastóireachtaí ar an scoil uile (WSEanna) a chur in oiriúint trí na ceistiúcháin a leasú agus ar bhealaí eile le níos mó fianaise a bhailiú a bhaineann le héifeachtúlacht ghníomhartha na scoile chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus do chosc agus comhrac na bulaíochta.</p>	<p>Scoilbhliain 2013-14</p>	<p>Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna</p>
<p>5. Meastóireacht Théamach ar an mBulaíocht i scoileanna</p> <p>Ba chóir meastóireacht théamach a dhéanamh, i gcomhar leis na comhpháirtithe cuí, i sampla de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha a ghlacann scoileanna chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus chun na cineálacha éagsúla bulaíochta, lena n-áirítear an bhulaíocht homafóbach, a chosc agus a chomrac.</p>	<p>Déanfar creat na meastóireacht a agus na hionstraimí a fhorbairt in 2013 ionas gur féidir obair scoilbhunaithe a dhéanamh in 2014</p>	<p>Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna</p>
<p>6. Féinmheastóireacht Scoile</p> <p>Ba chóir tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad i mbun féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac. Ba chóir é seo a dhéanamh trí chritéir a chur ar fáil chun breithiúnas a thabhairt ar an gcáilíocht laistigh de ghné na <i>Ceannaireachta</i> agus <i>Bainistíochta</i> agus gné na <i>Tacaíochta do Scoláirí</i> den Fhéinmheastóireacht (SSE).</p>	<p>Tosófar ar an obair ar fhorbairt na gcritéar do ghné na Ceannaireachta agus na Bainistíochta den Fhéinmheastóireacht Scoile laistigh den Roinn i 2013.</p> <p>Cuirfear tús leis an obair ar an ngné Tacaíochta do Scoláirí i 2014.</p>	<p>Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna</p>

<p>7. Suíomh Gréasáin Náisiúnta Nua um Fhrithbhulaíocht</p> <p>Ba chóir suíomh gréasáin náisiúnta ar leith um fhrithbhulaíocht a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí, daoine óga agus d'fhoireann na scoileanna maidir leis na cineálacha agus modhanna bulaíochta atá ann agus conas déileáil leis an iompraíocht bulaíochta. D'fhéadfadh an suíomh gréasáin seo naisc a chur ar fáil freisin chuig raon an churaclaim agus na n-acmhainní eile atá ar fáil. Samplaí maithe de shuíomhanna gréasáin náisiúnta i ndlísíní eile is ea an suíomh gréasáin www.respectme.org.uk atá faoi bhainistíocht RespectMe, seirbhís frithbhulaíochta na hAlban agus an suíomh gréasáin den rialtas feidearálach atá faoi bhainistíocht Roinn Sláinte agus Seirbhísí Daonna na Stát Aontaithe.</p>	<p>An Suíomh le bheith beo i 2013</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</p>
<p>8. Seachtain Feasachta chun Seasamh Suas i gCoinne na Bulaíochta Homafóbai</p> <p>De dheasca an riachtanais aitheanta atá ann chun an bhulaíocht a chomhrac i gcoinne daoine óga LADT nó daoine óga a cheaptar gur daoine óga LADT iad, ba chóir don ROS tacú leis an bhfeachtas Feasachta chun Seasamh Suas. Aidhm an tionscnaimh seo ná an bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus a chomhrac i scoileanna: a) tríd an gcairdeas agus tacaíocht do scoláirí LADT i measc scoláirí eile a mhéadú; b) tríd an bhfeasacht i dtaobh scoláirí LADT a ardú i measc scoláirí eile, múinteoirí, príomhoidí, agus daoine eile i bpobal uile na scoile; an meas don éagsúlacht agus d'fhéiniúlachtaí LADT a mhéadú; an dóchúlacht go dtuairisceoidh scoláirí LADT faoin mbulaíocht; agus, laghdú a dhéanamh, dá réir, ar an mbulaíocht agus scoiteacht choimhdeach, féinchochar, an claonadh féinmharfach, agus deacrachtaí meabhairshláinte i measc scoláirí LADT.</p>	<p>An comhaontú le bheith curth i gcrích i Ráithe 1 de 2013.</p>	<p>Roinn Oideachais agus Scileanna agus Belong To</p>
<p>9. Tacaíocht a thabhairt d'fheachtas meán a dhíríonn ar an gcibearbhulaíocht agus atá ag díriú go háirithe ar dhaoine óga</p> <p>Mar chuid den Lá um Idiríon níos Sábháilte 2013 a bheidh ar siúl ar an 5 Feabhra, tacú le feachtas margaíochta sóisialta a chur i bhfeidhm atá ag díriú ar dhaoine óga.</p>	<p>Le cur i bhfeidhm ón 5 Feabhra 2013.</p>	<p>ROS agus Ionad Feasachta na hÉireann um Idiríon níos Sábháilte – Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí</p>
<p>10. Taighde ar na tacaíochtaí éifeachtúla do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu</p> <p>Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh chomhaontú an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun taighde a dhéanamh ar an deachleachtas agus na hidirghabhálacha éifeachtúla i scoileanna na hÉireann chun an bhulaíocht ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosc. Leis seo tabharfar tacaíocht don deachleachtas a scaipeadh thar córas na scoile.</p>	<p>2013</p>	<p>An tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus ROS</p>
<p>11. Taighde ar Leitheadúlacht agus éifeacht na bulaíochta atá ceangailte leis na meáin shóisialta maidir leis an meabhairshláinte agus iompraíocht fhéinmharfach i measc daoine óga</p> <p>Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh chomhaontú an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc chun athbhreithniú litríochta a éascú chun iniúchadh a dhéanamh ar leitheadúlacht agus éifeacht na bulaíochta atá ceangailte leis na meáin shóisialta ar an meabhairshláinte agus iompraíocht fhéinmharfach i measc daoine óga laistigh de shuíomh scoile. Chomh maith leis sin, bheadh an t-</p>	<p>2013</p>	<p>An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc agus ROS</p>

athbhreithniú in ann na grúpaí atá i mbaol a bheadh soghonta don chineál seo bulaíochta a aithint chun a bheith in ann na bearta coisctheacha cuí a fhorbairt do phobal uile na scoile.

12. Bearta um ardú feasachta, lena n-áirítear treoirínte, don lucht déanta beartas agus gníomhaireachtaí agus seirbhísí ROS a oibríonn in earnáil na scoileanna ar chineálacha agus foirmeach uile na bulaíochta.

An ROS le sraith seimineár inmheánacha a éascú chun tógáil ar an inniúlacht i dtaobh bulaíochta. Tabharfar cuireadh d'fhoireann polasaí na n-aonad gnó ROS cuí, agus na ngníomhaireachtaí agus seirbhísí ROS le bheith rannpháirteach ann. Déanfar forbairt ar threoirínte don fhoireann chun tacú le promhadh polasaí do bhuncheisteanna bunaithe ar an bhféiniúlacht, go háirithe don fhéiniúlacht LADT agus don bhulaíocht homafóbach.

2013

ROS

Moltaí le haghaidh tuilleadh breithnithe

<p>Bunú an Ghrúpa Forfheidhmithe Frithbhulaíochta</p>	<p>Grúpa le bheith bunaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhartha a ghlactar leo agus moltaí a leagan amach sa Phlean gníomhaíochta seo. Bheadh ról ag an nGrúpa Forfheidhmithe freisin maidir leis an taighde atá beartaithe i ngníomhartha 9 agus 10 thuas.</p>	<p>ROS</p>
<p>Prótacail idir na gníomhaireachtaí stáit a chuireann seirbhísí ar fáil do scoileanna.</p>	<p>Ba chóir do na gníomhaireachtaí athbheithniú a dhéanamh ar a bprótacail do chomhroinnt an eolais chuí maidir le scoileanna agus na leanaí agus na daoine óga sna scoileanna sin. D'fhéadfadh sé seo cuidiú le buncheisteanna a aithint nach mór tabhairt fúthu ag an leibhéal scoile agus cuidiú lena chinntiú go mbaintear úsáid as na hacmhainní chun tacú leis na leanaí agus na daoine óga chun na críche is fearr.</p>	<p>Gníomhaireachtaí agus seirbhísí faoi choimirce an ROS, DCYA agus FSS.</p>
<p>Oiliúint Tosaigh ar Mhúinteoirí</p>	<p>Oiliúint Tosaigh na Comhairle Múinteoireachta ar Mhúinteoirí: Go leagtar amach sna Critéir agus sna Treoirlínte do Sholáthraithe an Chláir na gnéithe éigeantacha atá le bheith i gcláir an ITE agus sna torthaí foghlama. Níl tagairtí ar leith don bhulaíocht san áireamh sna Torthaí Foghlama sna Treoirlínte. Molann an grúpa oibre go ndéantar breithniú ar thagairtí ar leith don bhulaíocht a dhéanamh sna treoirlínte i gcomhréir leis na tátail sa Phlean Gníomhaíochta seo.</p>	<p>ROS agus an Chomhairle Múinteoireachta</p>
<p>Curaclam</p>	<p>Ba chóir don ROS, CNCM agus forais eile a bhfuil baint acu leis an bhforbairt curaclaim agus an cur i bhfeidhm breithniú a dhéanamh ar na tátail agus ar na moltaí, go háirithe i gcomhthéacs forbairt na gcuraclam nua.</p> <p>Ba chóir breathnú ar riachtanas a chur ar scoileanna OSPS a chur ar fáil sa tsraith shinsearach.</p>	<p>ROS, NCCA agus seirbhísí tacaíochta um oiliúint múinteoirí.</p>
<p>Steiréitíopáil</p>	<p>An ROS le dul i dteagmháil leis na foilsitheoirí leabhar chun ábhair a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an steiréitíopáil.</p>	<p>ROS</p>
<p>Forbairt Creata Náisiúnta nua um Fhrithbhulaíocht</p>	<p>Molann an grúpa oibre go ndéanfar breithniú i gcomhthéacs Chreat Polasaí na leanaí agus na nDaoine Óga chun creat náisiúnta nua a forbairt ina leagfaí amach tiomantas an Rialtais chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac do leanaí agus daoine óga idir ón luathóige go dtí an aosacht.</p>	<p>DCYA i gceannas ar forbairt ar chreat Polasaí Leanaí agus Daoine Óga</p>

<p>Taighde ar ghnásanna imscrúdaitheacha i ndlínsí eile agus forbairt na dtograí chun athruithe a dhéanamh sa chóras in Éirinn más féidir fíorluach ar airgead a chur leis.</p>	<p>Chuirfeadh an grúpa oibre fáilte roimh anailís bhreise atá níos doimhne a dhéanamh ar na próisis imscrúdaitheacha ar leith i ndlínsí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun cur le forbairt feabhsúchán ar bith atá beartaithe do chóras na hÉireann chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin.</p>	<p>Le bheith comhaontaith e</p>
<p>Taighde, monatóireacht agus meastóireacht</p>	<p>De réir mar a cheadaítear leis na hacmhainní, taighde breise a aithint agus a thosú maidir le bunscheisteanna bulaíochta, monatóireacht agus meastóireacht na dtionscnamh i scoileanna agus in earnálacha eile ina measc d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas a scaipeadh agus fianaise a chur ar fáil le tuilleadh forbartha polasaí a dhéanamh agus le cinntí a dhéanamh.</p>	<p>ROS agus DCYA</p>
<p>Tús Áite do Leanaí</p>	<p>Tús Áite do Leanaí: I dTreoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas na Leanaí deirtear "I gcásanna nuair atá an eachtra tromchúiseach agus nuair a cheaptar go bhféadfadh an iompraíocht a bheith maslach, ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS d'fhonn an freagra cuí a chur le chéile, ar nós plean bainistíochta." Deirtear freisin ann "Gur chóir cásanna tromchúiseacha den iompraíocht bulaíochta a chur ar aghaidh chuig an Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS."</p> <p>Moltar gur chóir go gcuirfeadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige treoir atá níos mionsonraithe a chur ar fáil do scoileanna agus do dhaoine eile maidir lena bhfuil i gceist le "bulaíocht thromchúiseach" faoi Tús Áite do Leanaí agus nuair ba chóir iad a chur ar aghaidh chuig an FSS.</p>	<p>DCYA</p>
<p>Cód Iompair do na meáin</p>	<p>Laistigh de chomhthéacs na dtátal agus moltaí sa phlean gníomhaíochta seo, ba chóir breathnú ar aithbhreithniú a dhéanamh ar Phrionsabal 9 sa Chód Cleachtais do na Nuachtáin agus do hIrisí a bhaineann leis na Leanaí agus breithniú ar leith a dhéanamh ar thagairt a chur leis maidir leis an mbealach ina ndéileáiltear leis na scéalta sna meáin a bhaineann leis an mbulaíocht agus leis an bhféinmharú.</p>	<p>Ombudsman Preasa na hÉireann</p>

<p>Obair Óige</p>	<p>Molann an grúpa gur chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh agus an comhoibriú agus an idirghníomhaíocht leis na seirbhísí óige a neartú agus an rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacann na daltaí a chur chun cinn sna seirbhísí a dhíríonn ar an óige laistigh dá bpobail áitiúla.</p> <p>Spreagann an grúpa na seirbhísí óige, na grúpaí agus na heagraíochtaí go mór chun forbairt a dhéanamh ar na polasaithe frithbhulaíochta agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a gcuid oibre le daoine óga agus chun úsáid a bhaint as an raon oiliúna agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an NYCI, BeLoNG To Youth Services agus trí eagraíochtaí óige náisiúnta eile maidir leis seo.</p>	<p>DCYA, An Earnáil Óige agus scoileanna</p>
<p>Eagraíochtaí Spóirt</p>	<p>Aithníonn an grúpa oibre rún CLG sraith de cheardlann a chur ar bun do chlubanna ar a dtugtar <i>GAA Tackling Bullying</i> ó Mhárta 2013. Molann an grúpa oibre go n-oibreodh cumainn CLG, in éineacht le heagraíochtaí spóirt eile, le scoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar an mbulaíocht inár bpobail, chomh maith le cuir chulge comhroinnte chun dul i ngleic leis an mbulaíochta</p>	<p>Eagrachtaí Spóirt</p>
<p>Comhpháirtíocht le Tionscal</p>	<p>Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag comhlachtaí meán sóisialta agus teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse idirlín chun bearta a fhorbairt leis an gcibearbhulaíocht a chosc agus chun meicníochtaí tuairiscithe a chur ar fáil dóibh siúd a ndearnadh dochar dóibh leis an gcibearbhulaíocht. Spreagann an grúpa oibre don tionscal comhoibriú a dhéanamh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí Stát na hÉireann, ENRanna, tuismitheoirí agus daoine óga chun feasacht maidir leis an gcibearbhulaíocht a ardú agus conas is féidir déileáil leis.</p>	<p>Tionscal</p>

Aguisíní

Aguisín 1 Ballraíocht an ghrúpa oibre

Siobhan Aherne, An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

Michael Barron, BeLonG To Youth Services

Mark Caffrey, Aontas Mic Léinn Scoileanna Dara Leibhéal na hÉireann

Breeda Connaughton, Láraonad Polasaí, (CPU), ROS.

Barbara Duffy, Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

James Gibbs, DCYA.

Simon Grehan, Ionad Feasachta na hÉireann um Idirlíon níos Sábháilte, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Sandra Irwin-Gowran, Líonra Comhionannais don Lucht Aerach agus Leispiach (GLEN)

Fidelma Lyons, CPU, ROS.

Deirdre McDonnell, CPU, ROS, Cathaoirleach.

Judith McGuinness, Rialachas Scoile, ROS.

Teresa McNeill, Rialachas Scoile, ROS.

Carol-Anne O'Brien, Belong To Youth Services

Brian Sheehan, GLEN.

Neil Ward, Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna.

Aguisín 2 Aighneachtaí a fuair an grúpa oibre

A-C

All Resources Company Ltd
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse
An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Leanaí
An Oifig um Imeachadh Imirceach
An Rannóg um Chur Chun Cinn na Sláinte – FSS an Iarthair
An tIonad Lánpháirtíochta
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
Barnardos
Byrne, An Dr. Brendan
Coláiste Froebel
Coláiste Oideachais Naomh Pádraig
Comhairle na nÓg, Cathair Bhaile Átha Cliath
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Comhairle um Inimircigh na hÉireann
Comhfhoras Bainistíochta
Comhghuaillíocht Náisiúnta Frithbhulaíochta
Cónaidhm Meabhairshláinte do Leanaí
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC)
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
Cumann na Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Ionaid
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta in Oideachas Speisialta
Curry, Dr. & Gilligan, An tOllamh, Scoile na hOibre Sóisialta, TCD

D-F

Dunphy, Shane
Educate Together
Farrelly, Gerard
Feachtas Frithbhulaíochta – Uirlisí do Mhúinteoirí
Fianna Fáil

G-I

Gardiner, Eileen
Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
Ionad do Dhaoine faoi Mhíbhuntáiste Oideachais, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Ionad Oideachais Dhún na nGall

J-L

Keane, Mary Anne
Kent, Mary

Lewis, Simon
Líonra OSPS
Líonra um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas
Líonra um Oiliúint Aistritheoirí

M-O

McDonnell, John
MD Inspired Solutions
Minton, An Dr. Stephen, Léachtóir i Síceolaíocht an Oideachais, TCD
Morohan, Justin
Murray, Genevieve T., Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
O' Moore, An tOllamh Mona, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
O' Keefe, An Dr. Margaret, An Institiúid Teicneolaíochta, Corcaigh
O' Sullivan, An Dr. Carol, Léachtóir san OSPS, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.
O'Donovan, Mary
O'Higgins Norman, An Dr. James, Léachtóir, Scoil Léann an Oideachais, DCU

P-U

Parent Place, Stiúrthóir
Rooney, Padraig
Ryan, Evelyn
Seirbhís Oideachais Chiarraí
Seirbhís Tacaíochta OSPS (iar-bhunoideachas)
Show Racism the Red Card
Smiddy Kerins, Mai
Smith, Murray, Taighdeoir Sinsearach, Ionad Frithbhulaíochta, TCD
Snare, Pat agus Tony
Spórt i gcoinne an Chiníochais in Éirinn
Sticks and Stones
Tionscadal na Brataí Bána do Scolleanna
Tionscnamh Forbartha don Óige

V-Z

VideoWeb Training, Praxis
WEBWISE
Whelan, Alan
Williams, Edel

Aguisín 3 Léirithe a rinneadh don ghrúpa oibre

Dáta	Eagraíocht	Ionadaí
17 Iúil 2012	An tÚdarás Comhionannais	<ul style="list-style-type: none"> o Laurence Bond, Ceannasaí Taighde o Cathal Kelly, Oifigeach Forbartha
17 Iúil 2012	Oifig an Ombudsman do Leanaí	<ul style="list-style-type: none"> o Emily Logan, Ombudsman do Leanaí o Karen McAuley, Oifigeach Oideachais agus Rannpháirtíochta
11 Meán Fómhair 2012	Oifig um Chaighdeán i gCúrsaí Oideachais, Seirbhísí agus Scileanna Leanaí (Ofsted), an Ríocht Aontaithe	<ul style="list-style-type: none"> o Sue Morris King, Comhairleoir Náisiúnta um Iompraíocht agus Thinreamh
11 Meán Fómhair 2012	Respect Me (Seirbhís Frithbhulaíochta na hAlban)	<ul style="list-style-type: none"> o Brian Donnelly, Stiúrthóir
11 Meán Fómhair 2012	Seirbhís Tacaíochta OSPS	<ul style="list-style-type: none"> o Pat Courtney, OSPS Comhordaitheoir Frithbhulaíochta
12 Meán Fómhair 2012	Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann	<ul style="list-style-type: none"> o Paula Madden, Comhordaitheoir na Brataí Búí
12 Meán Fómhair 2012	Oifig um Lánpháirtíocht	<ul style="list-style-type: none"> o Killian Forde, POF agus Peter Szlovak
12 Meán Fómhair 2012	Comhairle um Inimircigh na hÉireann	<ul style="list-style-type: none"> o Fidèle Mutwarasibo, Bainisteoir Lánpháirtíochta
2 Deireadh Fómhair 2012	Webwise (mar chuid den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – an teicneolaíocht i gcúrsaí oideachais)	<ul style="list-style-type: none"> o Simon Grehan, Oifigeach an Tionscadail Shábháilteachta Idirlín
2 Deireadh Fómhair 2012	Aonad Forbartha Polasáí agus Bainistíochta Feidhmíochta, Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	<ul style="list-style-type: none"> o Michele Clarke, Príomhoifigeach / Saineolaí Oibre Sóisialta
3 Deireadh Fómhair 2012	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí	<ul style="list-style-type: none"> o Gerry Flynn, Uachtarán o Mary Costy,
3 Deireadh Fómhair 2012	Comhghuaillíocht Náisiúnta Frithbhulaíochta agus Feachtas Frithbhulaíochta	<ul style="list-style-type: none"> o Monica Monahan o Teresa McSweeney o Seán Fallon

Dáta	Eagraíocht	Ionadaí
3 Deireadh Fómhair 2012	An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS)	<ul style="list-style-type: none"> o Mary Keane, Comhordaitheoir Náisiúnta
25 Deireadh Fómhair 2012	Cigireacht na ROS agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)	<ul style="list-style-type: none"> o Treasa Kirk, Cigire o Margaret Grogan, NEPS
25 Deireadh Fómhair 2012		<ul style="list-style-type: none"> o An Dr. Stephen Minton, Léachtóir i Síceolaíocht an Oideachais, TCD
25 Deireadh Fómhair 2012		<ul style="list-style-type: none"> o An Dr. James O' Higgins Norman, Léachtóir, Scoil an Oideachais, DCU
26 Deireadh Fómhair 2012	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	<ul style="list-style-type: none"> o Mary Kenny, Comhordaitheoir Réigiúnach, Clár Críochnaithe Scoile o Jean Rafter, Bainisteoir Réigiúnach, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
26 Deireadh Fómhair 2012	Ionad Frithbhulaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	<ul style="list-style-type: none"> o An tOllamh Mona O'Moore, Ionad Frithbhulaíochta, TCD
26 Deireadh Fómhair 2012	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí	<ul style="list-style-type: none"> o Margaret Nohilly, PDST
26 Deireadh Fómhair 2012	Cumann na hÉireann um Chosaint Leanáí	<ul style="list-style-type: none"> o Lisa Collins, Oifigeach Eolais
16 Samhain 2012	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais*	<ul style="list-style-type: none"> o Donie O'Shea, Comhairleoir Sinsearach Polasaí agus Gnóthaí Poiblí o Darragh Hunt, Comhairleoir Polasaí agus Gnóthaí Poiblí
21 Samhain 2012	Facebook	<ul style="list-style-type: none"> o Patricia Cartes, Polasaithe Príobháideacha agus Poiblí
21 Samhain 2012	An Garda Síochána	<ul style="list-style-type: none"> o Colette Quinn, Ceanntort, Oifig na nGardaí do Leanáí & Gnóthaí Óige
21 Samhain 2012	An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc	<ul style="list-style-type: none"> o Susan Kenny, Oifigeach Oiliúna agus Forbartha
22 Samhain 2012	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)*	<ul style="list-style-type: none"> o Mary Grogan, Eagraí Sinsearach um Riachtanais Speisialta Oideachais
22 Samhain 2012	Tuismitheoirí*	<ul style="list-style-type: none"> o Niamh O'Doherty o Barbara MacMahon

*bhuaill ionadaithe (Láraonad Polasaí an ROS, oifig an Aire) ón nGrúpa oibre leis na heagraíochtaí agus daoine aonair seo.

Aguisín 4: Tacaíochtaí atá ann faoi láthair do scoileanna agus iad ag iarraidh an bhulaíocht a chosc agus a bhainistiú

Tá raon seirbhísí ann atá in ann tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag iarraidh an bhulaíocht a chosc agus a bhainistiú. Bíodh is go mbíonn difríochtaí ann sna seirbhísí ó réigiún go chéile, tá na seirbhísí agus na tacaíochtaí sainaitheanta ar fáil faoi láthair d'fhormhór na scoileanna. Is gá do na scoileanna mar sin an raon seirbhísí atá le fáil go háitiúil a shainaitheint, agus líonraí agus teagmhálacha ábhartha a thógáil.

Seirbhísí faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna:

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An tSeirbhís) - www.pdst.ie

Soláthraíonn An tSeirbhís forbairt leanúnach ghairmiúil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar an gcaighdeán múinteoireachta agus foghlama i scoileanna. Soláthraítear tacaíocht thar raon réimsí, ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon. Bíonn tosaíochtaí comhaontaithe mar bhonn leis na cláir bhliantúla oibre. Cuimsíonn An tSeirbhís Staysafe agus Webwise anois – www.webwise.ie.

An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) - www.sphe.ie

Soláthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta OSPS tacaíocht d'iar-bhunscoileanna maidir le gach gné d'fheidhmiú OSPS agus OCG (Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta) i gcomhthéacs na scoile uile. Cuimsíonn sé seo soláthar do: seimineáir foirne-uile faoi, mar shampla, bulaíocht a chosc agus a bhainistiú; cruinnithe in-scoile faoi, mar shampla, athbhreithniú agus forbairt pholasaí; tacaíocht frith-bhulaíochta scoil-bhunaithe a chuireadh, mar shampla, suirbhé a dhéanamh ar na mic léinn agus tráthnóna do na tuismitheoirí a reáchtáil. Ina theannta sin, tairgeann An tSeirbhís Tacaíochta OSPS Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí OSPS, faoi raon leathan topaicí ar a n-áirítear, mar shampla: claonadh gnéis agus homafóibe; sláinte mheabhrach; agus straitéisí chun fadhbanna bulaíochta a réiteach.

Lárionaid Náisiúnta Oideachais – www.ateci.ie

Tacaíonn lárionaid oideachais le riachtanais in-seirbhíse múinteoirí áitiúla, agus le riachtanais a bhíonn sainaitheanta go háitiúil, agus soláthraíonn siad raon seirbhísí

don phobal oideachais ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Tá 21 láraonad lánaimseartha agus 9 láraonad páirtaimseartha ann ar fud na tíre, arna dtacú go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Clár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí (An Clár) –
www.teacherinduction.ie

Is é is aidhm leis an gClár ná tacú le hionductú múinteoirí nua-cháilithe isteach i ngairm na múinteoireachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i gcaitheamh na céad bliana acu. Soláthraítear forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí nua-cháilithe i réimsí de leithéid, mar shampla, Cosaint Leanaí agus Bainistiú Iompraíochta.

Seirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta - www.sess.ie

Comhordaíonn, forbraíonn agus seachadann an tSeirbhís Tacaíochta seo raon solúbtha tionscnamh forbartha gairmiúla do phearsanra bunscoile agus iar-bhunscoile atá ag obair le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais - www.education.ie

Saináithnítear An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais mar thaca féideartha do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon maidir le bainistiú na bulaíochta trí thacaíocht a thabhairt maidir le: déileáil le riachtanais shóisialta, mhothúchána agus foghlama; teagmhais chriticiúla a bhainistiú; agus comhthadhall le seirbhísí sóisialta, Na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, seirbhísí ábhartha arna gcur ar fáil ag an FSS nó go deonach, gairmithe eile, agus seirbhísí agus gníomhaireachtaí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas - www.ncge.ie

Glacann an Lárionad seo príomhról maidir le dea-chleachtais i dtaca le treoir do gach réimse oideachais ag an iar-bhunleibhéal a thacú, a fhorbairt agus a scaipeadh. Leis na mallaibh, mar shampla, chuir an Lárionad, i gcomhar leis an Líonra Comhionannais Aerach agus Leispiach, foilseachán ar fáil do scoileanna dar teideal 'Supporting LGBT Students: The Role of the Guidance Counsellor'.

An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta - www.nbss.ie

Soláthraíonn An tSeirbhís seo seirbhís chomhairleach scoile-uile d'iar-bhunscoileanna féinroghnaithe. Soláthraítear forbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann maidir le: forbairt struchtúr; tacaíocht iompraíochta trí idirghabháil

spriocdhírithé; agus diantacaíocht indibhidiúlaithe agus/nó ghrúpa bhig do mhic léinn.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta - www.ncse.ie

Tá freagracht reachtúil ag an gComhairle seo as seirbhís a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu trí líonra d'eagraitheoirí riachtanas speisialta oideachais. Cuireann na heagraitheoirí comhairle agus tacaíocht ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Treoirínte atá ann faoi láthair

Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhar le comhlachtaí eile go minic, raon treoirínte chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le bulaíocht a chomhrac. Áiríonn siad seo, mar shampla: An Clár Treorach Scoile a Phleanáil; Treoirínte do Scoileanna Dara Leibhéal faoi Chomhionannas a Neadú sa Phleanáil Forbartha Scoile; Scoileanna agus an tAcht um Stádas Comhionann. Tá siad seo le fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

Tacaíochtaí agus cláir ábhartha eile:

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais www.newb.ie

Na Coistí Seirbhísí Leanaí

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlach

Oifigigh um Chur Chun Cinn na Sláinte

Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc ag an FSS

Duine Idirchaidrimh Scoileanna ag an FSS

Cláir an Gharda do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna

